



**Foras na Gaeilge**

**Miontuairiscí Chruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge  
don bhliain 2016**

| <b>Dáta</b>         | <b>Lch</b> |
|---------------------|------------|
| 22 Eanáir           | 2          |
| 1 Márta             | 8          |
| 15 Aibreán          | 34         |
| 20 Bealtaine        | 54         |
| 1 Iúil              | 66         |
| 29 Iúil             | 84         |
| 16 Meán Fómhair     | 92         |
| 10 Deireadh Fómhair | 109        |
| 4 Samhain           | 110        |
| 8/9 Nollaig         | 123        |

**Miontuairiscí ón 140 cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 22 Eanáir 2016 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** S. Mac Donncha (Cathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, M. Mac Ruairí, C. Cavanagh, É. Ó Gribín, G. McElwain, B. Ní Chofaigh, D. Ní Chiardubháin, S. Ó hArgáin agus S. Ó Coistealbha.

**Leithscéalta:** D. Ó Laoghaire, T. Ruane agus P. Callaghan.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

**01.140 FÁILTE ÓN CHATHAOIRLEACH**

Chuir Cathaoirleach an Bhoird fáilte roimh na comhaltaí chuig an chéad chruinniú den Bhord úr. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an seanbhord agus an dílseacht a léiríodh agus an obair a rinneadh le linn na tréimhse sin. Chuir sé béim ar rúndacht an Bhoird agus é ag déanamh tagairt don sceitheadh eolais a tharla roimh an chruinniú Boird i mí na Nollag.

Thug gach comhalta cur síos gairid orthu féin, ar a dtaithí agus ar a gcúlra.

Chuir C. Cavanagh in iúl go raibh sé ag éirí as an Bhord i ngeall ar chúrsaí eile oibre agus ghabh an Cathaoirleach buíochas leis as feidhmiú ar an Bhord. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh ceithre fholúntas ar Bhord Fhoras na Gaeilge le líonadh anois.

**02.140 SEISIÚN OILIÚNA LE D. NICHOLL AR RIALACHAS CORPARÁIDEACH AGUS AR FHEIDHMIÚ AN BHOIRD .**

Thug D. Nicholl ó OnBoard Training cur i láthair ar ról Chomhalta Boird, rialachas corparáideach agus ar choimhlint leasa.

**03.140 BUALADH LE STIÚRTHÓIREACHTAÍ FHORAS NA GAEILGE**

Bhuaile na comhaltaí le Stiúrthóirí agus Clárghainisteoirí éagsúla de chuid Fhoras na Gaeilge agus pléadh obair gach Stiúrthóireachta. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na Stiúrthóirí agus leis an fhoireann as an eolas ar fad a roinnt leis an Bhord.

**04.140 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 11 Nollaig 2015 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Chuir É. Ó Gribín in iúl nár thug sé faoi deara go raibh dearbhú i scríbhinn le tabhairt aige don Chathaoirleach nach uaidh a tháinig an sceitheadh. Chuir sé in iúl go bhfuair sé amach cé a sceith an t-eolas ó shin, áfach, agus go raibh sé i gceist aige labhairt leis an Chathaoirleach agus leis an Phríomhfheidhmeannach ina leith.

Chuir É. Ó Gribín in iúl gur ardaigh sé ceist faoi mhaoiniú a fuair dhá chomhlacht faoi Scéim na bhFoilsitheoireachta do 2016 agus léirigh sé imní faoi mhaoiniú a chur ar fáil d'fhoilseacháin spioradálta. D'iarr sé go leasófaí na miontuairiscí lena imní a léiriú. D'iarr an Cathaoirleach ar an Phríomhfheidhmeannach Airteagal 44:2:2 de bhunrecht na hÉireann a luaigh É. Ó Gribín a sheiceáil i leith na ceiste agus teacht ar ais chuig an Bhord ina thaobh.

Thug an Príomhfheidhmeannach míniú do na comhaltaí nua ar an sceitheadh eolais a tharla. Chuir S. Ó Coistealbha in iúl nach raibh sé sásta an dearbhú ag deireadh pholasaí teicneolaíocht na faisnéise a shíniú go dtí go raibh deis cheart aige an polasaí féin a léamh go cúramach. Aontaíodh go mbeadh polasaí theicneolaíocht na faisnéise faoi bhráid an Bhoird ag an chéad chruinniú eile.

#### **D'fhág M. Mac Ruairí agus S. Ó hArgáin an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.**

Cuireadh in iúl go raibh iarratas leasaithe faighte ó Ghael Linn, go mbeadh moladh le déanamh ag Coiste na nDeontas ina leith agus go mbeadh an moladh sin faoi bhráid an Bhoird i mí Feabhra. Bhí plé ar an staid reatha maidir le hOireachtas na Gaeilge agus cuireadh in iúl go raibh comhlacht nua le clárú acu ach go mbeadh siad ag trádáil mar 'Oireachtas na Gaeilge' i gcónaí. Thréaslaigh an Cathaoirleach don Phríomhfheidhmeannach agus don Stiúrthóir Seirbhísí Copraráideacha as an idirghabháil ar fad a rinne siad ar an cheist. Cuireadh in iúl go mbeadh scéim pinsean dá gcuid féin le bunú ag an Oireachtas do na fostaithe s'acu. **D'fhill M. Mac Ruairí agus S. Ó hArgáin ag an phointe seo.**

Rinneadh tagairt do lámhleabhar foirne Fhoras na Gaeilge agus cuireadh in iúl go raibh sé pléite agus aontaithe leis an Choiste Páirtnéireachta, go raibh sé faoi bhráid na gceardchumann faoi láthair agus go mbeadh sé faoi bhráid an Bhoird go luath.

#### **05.140 CÉIMEANNA SA PHRÓISEAS DEONTAIS**

Thug an Príomhfheidhmeannach cur i láthair ar chéimeanna sa phróiseas deontais agus scaip sé cáipéis ina leith mar eolas don Bhord.

#### **06.140 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 NOLLAIG 2015**

Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais go 31 Nollaig 2015. Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Copraráideacha in iúl go raibh tionchar ag an ráta malairte ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge ag deireadh na bliana. Chuir sé in iúl go mbeadh áireamh leanúnach le déanamh ar an ráta malairte feasta.

Thréaslaigh an Cathaoirleach don Stiúrthóir Seirbhísí Copraráideacha as an obair mhór a bhí déanta aige agus ghabh sé buíochas le M. Ní Chéadagáin, Clárbhainisteoir Airgeadais Fhoras na Gaeilge, as an obair ar fad a rinne sí sular ceapadh an Stiúrthóir Seirbhísí Copraráideacha.

#### **07.140 DÁTAÍ LE hAGHAIDH CRUINNITHE BOIRD GO DEIREADH 2016**

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le dátaí na gcruinnithe Boird go deireadh 2016 (Aguisín 1).

#### **08.140 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA**

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Gur faomhadh an Scéim Pobail Gaeilge (SPG 2016-2020) ag cruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) ar 6 Samhain 2015. Is iad na príomhathruithe ar an scéim nua ná:
  - Líon na scéimeanna a mhéadú ó 19 (mar atá faoi láthair) go dtí uasmhéid de 26, ach maoiniú laghdaithe do gach deontai,
  - Fad na scéime méadaithe ó 3 bliana go 4 bliana - €1m sa bhliain seachas €1.2 a bhí ann go dtí seo,
  - Tuarastal an Oifigigh laghdaithe ó 100% go dtí 80%

- Uasteorann de €4,000 / £3,250 mar chostais reatha laghdú ar an mhéid reatha a athraíonn ó scéim go scéim,
- Gan cead ag na grúpaí rathúla cur isteach ar scéimeanna eile de chuid Fhoras na Gaeilge ach go ndéanfaid siad grúpaí eile sa cheantar a chumasú le cur isteach ar na scéimeanna,
- Ról cumasaithe ag an Oifigeach seachas ag eagrú imeachtaí, agus dá réir sin gan maoiniú le haghaidh imeachtaí sa bhuiséad,
- Ról greásánaithe ag an Oifigeach ag cuidiú le grúpaí i gceantair máguaird nuair atá sin indéanta.

Thug an Príomhfheidhmeannach cur síos ar an stair ar fad a bhain leis an Scéim Pobail Gaeilge go dáta mar eolas don Bhord.

I ndiaidh fhógairt na scéime scríobh An Roinn Cultúir Ealaíon agus Fóillíochta (RCEF) chugainn ar lorg soiléiriú ar roinnt ceisteanna a bhain leis an mhaoiniú a gheobhadh grúpaí faoin SPG athbhreithnithe. Bhain na ceisteanna leis an laghdú ar an mhaoiniú a bheadh ar fáil do ghrúpaí (i) le haghaidh costas reatha agus (ii) gan cead a bheith ag grúpaí rathúla cur isteach ar scéimeanna eile de chuid Fhoras na Gaeilge dhá rud atá luaite go sonrach san SPG athbhreithnithe. Chuir RCEF in iúl nach bhfaomhfaid an tAire Plean Gnó 2016 mura bhfaigheadh sí freagraí sásúla ar na ceisteanna.

Ag cruinniú Boird ar 11 Nollaig pléadh ceist an SPG agus thug an Bord cead don fheidhmeannas athruithe a chur i bhfeidhm ar an scéim in iarracht an cheist a bhogadh chun tosaigh agus Plean Gnó 2016 a fháil faofa nó gan sin ní bheadh an RCEF in ann maoiniú a chur ar fáil rud a d'fhágfadh foireann na heagraíochta agus fostaithe ag grúpaí maoinithe i bponc. Scríobh an Príomhfheidhmeannach chuig na ranna ar 12 agus 19 Eanáir ag leagan amach na himpleachtaí a bhainfeadh leis an eagraíocht bheith fágtha gan maoiniú.

Pléadh an dá athrú a bhí iarrtha ag RCEF le comhaltaí Boird agus aontaíodh ar an dá athrú: Cead ag na grúpaí cur isteach ar na scéimeanna agus ardú ar na costais reatha go €8,000 / £6,500 sa bhliain, athruithe a dúirt oifigigh RCEF a bhí de dhíth ar an Aire.

Tráthnóna 19 Eanáir tháinig scéal go raibh an Plean Gnó faofa ag an Aire agus go ndéanfaidh an REOG 100% de mhaoiniú Eanáir 2016 a dhíol linn mar shocrú eatramhach.

- Go raibh an obair tosaithe ar an suíomh tairsí agus ar shuíomh corparáideach Fhoras na Gaeilge. Táthar ag súil iad beirt a sheoladh le linn Sheachtain na Gaeilge.
- Go mbeadh an scrúdú le haghaidh aistritheoirí nua ar siúl ar an 27 Feabhra 2016. Is é an An tAonad Aistriúcháin agus Ateangaireachta in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge atá ag riar an scrúdaithe dúinn. Beidh socruithe úra le haontú i mbliana do phróiseas athnuachana / athchreidiúnaithe d'aistritheoirí a bhfuil an Séala acu cheana féin.
- Gur chuir an Bord dhá ainm ar aghaidh in 2014 le feidhmiú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath. An bheirt a ainmníodh ná: Siobhán Seoighe agus Julian De Spáinn. Tá folúntas anois ar an Bhord

agus tá scríofa acu chugainn ag iarraidh fáil amach an seasann na hainmniúcháin i gcónaí.

D'aontaigh an Bord go gcuirfí freagra chucu ag cur in iúl go seasann an dá ainmniúcháin sin. Aontaíodh gurbh fhiú stocaireacht a dhéanamh maidir le hainmniúcháin a fháil ar na Boird Oideachais agus Oiliúna lena chinntiú go mbeidh Gaeilgeoirí orthu.

- Go raibh ar Fhoras na Gaeilge, go dtí seo, íocaíochtaí pinsin, idir chnapshuimeanna agus phinsean, a chlúdach as an bhuiséad in ainneoin go raibh treoir ann a dúirt a mhalairt. Tá cur chuige éagsúil ag ranna urraíochta éagsúla. Tháinig treoir nua ó na ranna airgeadais anuraidh agus thuig muid go raibh an cheist socraithe agus aontú ann go ndíolfadh na ranna na costais a bhaineann le pinsean linn. Tá amhras ann anois agus REOG ag rá nach ndíolfadh agus go gcaithfidh na costais sin a chlúdach as an bhuiséad, mar sin beidh an cheist le soiléiriú arís.

#### **09.140 COISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

Bhí plé ar an mholadh maidir le ballraíocht na gcoistí éagsúla agus aontaíodh ar roinnt leasuithe (**Aguisín 2**).

#### **10.140 AON GHNÓ EILE**

Scaipeadh cóip den scéim tarmligin mar eolas don Bhord. Iarradh ar gach comhalta an Dearbhú Coimhlínt Leasa a líonadh amach, a shíniú agus a fhágáil ar ais ag an Phríomhfheidhmeannach. Iarradh ar gach comhalta bio gairid a chur ar fáil le cur ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge.

**Seán M. Ó Domhnaill**

**pp Seosamh Mac Donncha**

**Cathaoirleach**

**1 Márta 2016**

**Moladh maidir le cruinnithe Boird in 2016**

|                                  |                                             |
|----------------------------------|---------------------------------------------|
| <b>Dé hAoine 22 Eanáir</b>       | <b>Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath</b> |
| <b>Dé hAoine 26 Feabhra</b>      | <b>Béal Feirste</b>                         |
| <b>Dé hAoine 15 Aibreán</b>      | <b>Sráid Fhreidric, Baile Átha Cliath</b>   |
| <b>De hAoine 20 Bealtaine</b>    | <b>Gaoth Dobhair</b>                        |
| <b>Dé hAoine 24 Meitheamh</b>    | <b>Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath</b> |
| <b>Dé hAoine 22 Iúil</b>         | <b>Béal Feirste</b>                         |
| <b>Dé hAoine 16 Meán Fómhair</b> | <b>Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath</b> |
| <b>Dé hAoine 4 Samhain</b>       | <b>Cill Airne (Oireachtas na Gaeilge)</b>   |
| <b>Dé hAoine 9 Nollaig</b>       | <b>Béal Feirste</b>                         |

**Moltaí do Choistí Fhoras na Gaeilge 2016**

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis  
dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 2 & 6  
d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le  
Saoráil Faisnéise.

## **Miontuairiscí ón 141ú cruinniú Boird a tionóladh Dé Máirt 1 Márta 2016 in Jurys Inn, Béal Feirste.**

**I láthair:** S. M. Ó Domhnaill, M. Mac Ruairí, É. Ó Gribín, G. McElwain, S. Ó hArgáin agus S. Ó Coistealbha.

**Leithscéalta:** S. Mac Donncha (Cathaoirleach), D. Ó Laoghaire, B. Ní Chofaigh, D. Ní Chiardubháin agus P. Callaghan.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

Ainmníodh S. M. Ó Domhnaill mar Chathaoirleach don chruinniú toisc nach raibh an Cathaoirleach i láthair. Aontaíodh go n-athrófaí ord an chláir le go ndéanfaí ábhar ó Choiste na nDeontas a phlé ag deireadh an chruinnithe. Dearbhaíodh go raibh córam i láthair, agus de bharr go raibh an méid sin folúntas ar an Bhord faoi láthair threisigh an Cathaoirleach a thábhachtaí a bhí sé go ndéanfadh gach comhalta Boird iarracht bheith i láthair ar chruinnithe Boird agus Coistí.

### **01.141 COIMHLINT LEASA**

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon choimhlint leasa le nochtadh ag aon duine agus gur cheart sin a dhéanamh ag tús an chruinnithe nó le linn an chruinnithe, de réir mar ba ghá. Chuir M. Mac Ruairí agus S. Ó hArgáin in iúl go raibh coimhlint leasa acu maidir le maoiniú ceanneagraíochtaí.

### **02.141 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 22 Eanáir 2016 agus shínigh S. M. Ó Domhnaill iad. Cuireadh in iúl go raibh sé fholúntas ar Bhord Fhoras na Gaeilge anois agus gur luadh sin leis na ranna urraíochta ag an chruinniú monatóireachta an lá roimhe. Cuireadh in iúl go raibh an fhéidearthacht ann go mbeadh cruinniú CATT ann ag deireadh na míosa agus go bhféadfadh ceapacháin úra bheith déanta ag an chruinniú sin. Cuireadh in iúl nach ndéanfaí aon cheapacháin ó dheas go dtí go mbeadh Rialtas nua ann. Rinneadh comhghairdeas le D. Ó Laoghaire a ceapadh mar T.D. ag an toghchán agus aontaíodh go gcuirfí litir chomhghairdis chuige.

Cuireadh in iúl go raibh comhairle dlí faighte mar gheall ar Airteagal 44:2:2 de Bhunreacht na hÉireann agus nach raibh aon sárú bunreacht a gceist leis an mhaoiniú a tugadh don dá chomhlacht foilsitheoireachta.

D'ardaigh S. Ó Coistealbha ceist faoi leathanach 2 de na miontuairiscí. Mhínigh sé gurb é a dúirt sé ná nach raibh an oiread taithí aige ar na córais ríomhaireachta agus nach ndúirt sé ag an chruinniú nach raibh sé sásta an dearbhú a shíniú. Chuir sé in iúl gur iarr sé ar an Phríomhfheidhmeannach an nós nua a bhí i gceist le gan cead a bheith ag comhaltaí cáipéisí a chló i bpolasaí teicneolaíochta na faisnéise don Bhord ó tharla an sceitheadh eolais agus mhínigh an Príomhfheidhmeannach gurb ea. Chuir S. Ó Coistealbha in iúl gur dhúirt sé leis an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha níos moille an lá sin nach raibh sé sásta an dearbhú sin a shíniú. Ardaíodh ceist faoi conas an iPad a úsáid agus aontaíodh go ndéanfaí oiliúint a eagrú sa cheannáras i mBaile Átha Cliath i gcomhar leis an oifigeach TF i leith na ceiste sin.

Chuir S. Ó Coistealbha in iúl gur ardaigh sé ceist faoi chead tarmligthe an Phríomhfheidhmeannaigh agus nach raibh taifead dá cheist sna miontuairiscí.

Cuireadh in iúl gur sin an cead tarmligthe a bhí ann ó bunaíodh Foras na Gaeilge in 1999.

### **03.141 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

#### **An Coiste Iniúchta**

Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúchta in iúl go raibh cruinniú den Choiste ann ar 25 Feabhra agus nach raibh an t-am aige tuairisc i scríbhinn a chur ar fáil don Bhord ach go gcuirfí tuairisc scríofa ar fáil feasta. Cuireadh in iúl gur pléadh téarmaí tagartha an Choiste, tuairisc an Iniúcháir Inmheánaigh, ceist choimhlint leasa, polasaí cárta creidmheasa, clár rioscaí agus plean leanúnachais ghnó. Chuir sé in iúl gur tháinig K. Scott, ionadaí ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste chuig an chruinniú agus go raibh plé fiúntach ag an Choiste leis. Chuir sé in iúl gur thug K. Scott moladh ard don Phríomhfheidhmeannach, don Chlárghainisteoir Airgeadais agus don Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha as an obair ar fad a rinne siad ar na cuntais.

Bhí plé ag an Bhord ar an chlár rioscaí. Cuireadh in iúl go raibh leagan amach nua den chlár rioscaí ag na ranna ina mbeadh scóranna luaite le rioscaí seachas dathanna. Ardaíodh ceist faoi riosca 4 agus an sceitheadh eolais agus iarradh uasdátú ar an cheist. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go ndearnadh fiosrú ar an cheist ach go raibh an dochar déanta, go raibh Bord nua ann anois agus go rabhthas ag bogadh chun tosaigh uaidh.

Ardaíodh ceist faoi riosca 7 agus an dóigh a raibh sé aitheanta go raibh riosca ag baint le ceanneagraíochtaí agus moladh go bhfágfaí faoin fheidhmeannas é sin a chur faoi riosca eile ar an chlár rioscaí. Pléadh riosca 5 agus aontaíodh go gcuirfí leathanach A4 le chéile maidir le scéimeanna uile Fhoras na Gaeilge. Ghlac an Bord leis an chlár rioscaí. Phléigh an Bord an polasaí maidir le cárta creidmheasa corparáideach agus cheadaigh an Bord cárta creidmheasa don Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha. Ghlac an Bord leis an pholasaí maidir le cárta creidmheasa corparáideach (**Aguisín 1**).

Cuireadh in iúl go raibh ionadaí ón Áisaonad Lán-Ghaeilge ag iarraidh teacht chuig cruinniú Boird agus cur i láthair ar obair an Áisaonaid a thabhairt ach go raibh cead an Bhoird de dhíth ina leith. Thug an Bord an cead sin.

Aontaíodh go mbeadh tuairisc i scríbhinn ar fáil don Bhord feasta ó na coistí éagsúla Boird.

### **04.141 RÁITEAS CAITEACHAIS AGUS BUISÉAD DO 2016**

Scaipeadh cóip de cháipéis a léirigh an staid reatha ó thaobh airgeadais de agus bhí plé ina leith. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad do 2016. Cuireadh in iúl go rabhthas ag plé leis na ranna maidir le híocaíochtaí pinsean agus na cnapshuimeanna le cinntiú nach mbeidh an t-airgead sin ag teacht as buiséad Fhoras na Gaeilge mar a bhí go dtí sin. Ardaíodh ceist faoi Shéideán Sí agus aontaíodh go ndéanfaí an cheist sin a phlé leis an Leas-Phríomhfheidhmeannach agus leis an Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta. Ghlac an Bord leis na ceangaltais agus leis an díscríobh. (**Aguisín 2**)

### **05.141 NÓTA EOLAIS MADIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

## 06.141 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh ceist ann faoi íocaíochtaí pinsean ag ceanneagraíocht amháin. Tá an cheanneagraíocht ag cur scéime ar bun agus íocfar an 5% ranníocaíocht pinsean leo go siarghabhálach ó thús 2016, nuair atá an scéim in áit.
- Gur ceadaíodh deontais do dhá ghrúpa faoi “Together Building a United Community” – tionscadal de chuid OFMDFM:
  - Arts Ekta (1601005) – grúpa a chuireann cultúir eile i láthair scoláirí bunscoile agus ansin cuireann na scoláirí taispeántas ar siúl don scoil iomlán agus do na tuismitheoirí. Tá £10,000 ceadaithe don tionscadal a bheidh ar siúl i roinnt gaelscoileanna ó thuaidh.
  - Raidió Fáilte (1601006) – le nasc a chothú leis an phobal aontachtach ar bhóthar na Seanchille agus oiliúint ar na meáin a chur ar fáil do dhaoine óga ón cheantar. £6,000 a ceadaíodh don tionscadal.

Díolfar an maoiniú tríd Fhoras na Gaeilge agus mar sin caithfidh an Bord, don raon iniúchta, an maoiniú do Raidió Fáilte a cheadú. Cheadaigh an Bord an maoiniú de £6,000 do Raidió Fáilte agus nótáil siad an deontas d’Arts Ekta.

- Go raibh cruinniú ag an Phríomhfheidhmeannach leis an dá rúnaí sna ranna urraíochta ar 19 Feabhra. Aontaíodh gur chóir trí / ceithre chruinniú sa bhliain a bheith ann idir na hoifigigh cuntasáíochta.
- Go raibh an dá shuíomh, Suíomh Tairsí agus Suíomh Corparáideach, le bheith réidh ag an chonraitheoir, Media One, an tseachtain seo ach go mbeadh níos mó ama de dhíth le profáil a dhéanamh ar an dá shuíomh agus go seolfaí iad anois níos moille sa bhliain.
- Go raibh dhá fholúntas san oifig i nGaoth Dobhair: Oifigeach Feidhmiúcháin (lánaimseartha) agus Eagarthóir Cúnta (saoire mháithreachais) fógartha.
- Go raibh ionadaí ex officio ag an Chomhairle sa Bhruiséil ar an Choiste Téarmaíochta. Tá an t-ainmniúchán athraithe agus is í Breda O’Donnell atá ann anois in áit Thaidhg Uí Úrdail.

Cuireadh in iúl go raibh 3 fholúntas ar an Choiste Téarmaíochta agus iarradh ar an Bhord aon mholtaí a chur ar fáil maidir le hainmniúcháin.

- Go raibh cruinniú monatóireachta leis na ranna urraíochta ann ar an 29 Feabhra.

Cuireadh in iúl go raibh athbhreithniú le déanamh ar bhallraíocht na gcoistí éagsúla mar gheall ar dheacrachtaí córaim de thairbhe an líon ard folúntas ar an Bhord. Moladh D. Ní Chiardubháin mar bhall breise ar Choiste na nDeontas agus ghlac an Bord leis an ainmniúchán sin ach teagmháil bheith déanta léi chun sin a chinntiú. Moladh S. Ó hArgáin mar ionadaí ar an Choiste Osradhairc agus ghlac an Bord leis an ainmniúchán sin. D’aontaigh an Príomhfheidhmeannach go scaipfeadh sé na téarmaí tagartha do na coistí éagsúla ar an Bhord mar eolas. Ghlac an Bord leis an mheamram maidir le hathúdarú a dhéanamh ar an deontas agus fuilleach an deontais a íoc le Coiste Forbartha Charn Tóchair (1301042.23.) Nótáil an Bord an meamram maidir le briseadh síos ar mhaoiniú 2016 d’Oireachtas na Gaeilge agus do Ghael Linn. **(Aguisín 3)**

#### **07.141 POLASAÍ THEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE DON BHORD**

Bhí plé ag an Bhord ar pholasaí theicneolaíocht na faisnéise. Ardaíodh ceist cad chuige nach raibh uimhir thagartha, dáta, ná ainm an duine freagrach as cur i bhfeidhm an pholasaí luaite leis mar a aontaíodh roimhe. Cuireadh in iúl go raibh an cleachtas sin i bhfeidhm le polasaithe eile de chuid Fhoras na Gaeilge agus gur de thaisme nach raibh sé le feiceáil ar an cháipéis sin. Chuir S. Ó Coistealbha in iúl nár aontaigh sé le cur chuige an pholasaí. Chuir sé in iúl gur cheart go mbeadh muinín ag daoine as a chéile. Chuir sé in iúl go raibh sé sásta leis an dóigh a raibh cáipéisíocht á cur ar fáil dó go dtí sin agus go leanfadh sé de bheith ag priontáil na cáipéisíochta sin amach dó féin. Míníodh go ndearna Foras na Gaeilge cás gnó maidir le iPad a cheannach do bhaill an Bhoird agus go raibh sábháil airgid i gceist agus dá mbeadh cáipéisí le priontáil agus lena gcur amach sa phost chuig comhaltaí go mbainfí as faoin chás gnó sin a rinneadh. Ghlac an Bord le Polasaí Theicneolaíocht na Faisnéise don Bhord ar an tuiscint go gcuirfí oiliúint ar fáil don Bhord ar úsáid an iPad agus deis ann an cheist a phlé arís i ndiaidh na hoiliúna sin dá mba ghá (**Aguisín 4**).

#### **08.141 LÁMHLEABHAR FOSTAITHE**

Cuireadh in iúl go raibh an lámhleabhar fostaithe pléite leis an Choiste Páirtnéireachta agus glactha ag na ceardchumann leis. Ghlac an Bord leis an lámhleabhar fostaithe ar an choinníoll go bhfillfí air sa chás go mbeadh aon mhórathruithe le déanamh air mar gheall ar an phlé le ceanncheathrú na gceardchumann.

#### **09.141 COMHFHREAGRAS**

Thug an Bord suntas don chomhfhreagras a bhí ann.

#### **10.141 AON GHNÓ EILE**

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh dearbhú leasa le comhlánú agus beathaisnéis ghairid don suíomh Idirlín le cur ar fáil ag roinnt comhaltaí i gcónaí agus d'iarr sé go gcuirfí an t-eolas sin ar fáil go luath.

#### **03.141 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE (Ar lean)**

##### **Coiste na nDeontas**

**D'fhág M. Mac Ruairí agus S. Ó hArgáin an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlínt leasa.**

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le maoiniú ceanneagraíochtaí don tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2016. Cuireadh in iúl go mbeadh socruithe ar leith monatóireachta leis an dá cheanneagraíocht le linn na bliana.

| <b>Ainm Eagrais</b>   | <b>Uimhir thagartha</b> | <b>Méid lorgtha</b> | <b>Méid molta</b> |
|-----------------------|-------------------------|---------------------|-------------------|
| Oireachtas na Gaeilge | 1501065                 | €628, 883           | €628,883          |
| Gael Linn             | 1501067                 | €660,751            | €656,750          |

Ghlac an Bord leis an leasú buiséid do Ghlór na nGael (**Aguisín 3**) agus do Ghaelscoileanna Teo (**Aguisín 4**).

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €120,000 a cheadú do Ghael Linn don tréimhse 01/01/16 go 31/12/16 don scéim Gaelbhratach.

| <b>Ainm eagrais</b> | <b>Cód uimhir</b> | <b>Méid lorgtha</b> | <b>Méid molta</b> |
|---------------------|-------------------|---------------------|-------------------|
| Gael Linn           | 1501078           | €120,000            | €120,000          |

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir leis na hiarratais ar Scéim Scoláireachtaí 2016.

| <b>Ainm eagrais</b>  | <b>Cód uimhir</b> | <b>Méid lorgtha</b> | <b>Méid molta</b> |
|----------------------|-------------------|---------------------|-------------------|
| Cumann na bhFiann    | 1601036           | €12,000             | €10,560           |
| Gael Linn            | 1601020           | €27,709             | €24,864           |
| Conradh na Gaeilge   | 1601022           | €40,000             | €35,200           |
| Cumann an Phiarsaigh | 1601021           | €10,000             | €10,000           |

Ghlac an Bord leis na nótaí eolais maidir le Gaelscoileanna Teo agus Cumann na bhFiann. Ghlac an Bord leis an nóta eolais maidir le hathrú buiséid Cheanneagraíochtaí agus deontais eile. **(Aguisín 5)**

Thug an Bord údarú do mhaoiniú a cheadú do Chultúrlann McAdam Ó Fiaich le haghaidh Fhleadh Feirste. **(Aguisín 6)**

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ar Scéim na bhFéilte 2016. **(Aguisín 7)**

Chuir S. Ó Coistealbha ceist faoi na moltaí a rinne sé ag cruinniú Choiste na nDeontas ar 12 Feabhra 2016 agus cuireadh in iúl go mbeadh miontuairiscí an chruinnithe ar fáil ag an chéad chruinniú eile den choiste.

**Seán M. Ó Domhnaill**

**pp Seosamh Mac Donncha**

**Cathaoirleach**

**15 Aibreán 2016**

**Moltaí do na miontuairscí**

- Dúirt Seán Ó Coistealbha dá mba rud é go raibh Comhalta tar éis ráitis a dhéanamh maidir le heolas a bheith aige faoi sceitheadh eolais gur chóir é seo a phlé ag an mBord. Dúradh go mbeadh an Príomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach ag plé na ceiste leis an Chomhalta úd tar éis an chruinnithe agus go ndéanfaí plé arís air seo ag an chéad chruinniú eile. Dúirt Seán Ó Coistealbha go mbeadh sé seo thar a bheith tábhachtach i bhfianaise an phlé a rinneadh ar an ábhar seo ag an chéad chruinniú Boird a d'fhreastail sé air maraon le hathruithe a tháinig ar an Polasaí IT agus sa chaoi agus nach mbeadh Bord taobh istigh de Bhord ag feidhmníú.
- Thrácht Seán Ó Coistealbha freisin ar an tábhacht a bheadh ann go gcuirfí foireann an Fhorais in aithne do Chomhaltaí Boird.

**FORAS NA GAEILGE**  
**POLASAÍ MAIDIR LE CÁRTA CREIDMHEASA CORPARÁIDEACH**

Is polasaí de chuid Fhoras na Gaeilge é cárta creidmheasa corparáideach a chur ar fáil don Phríomhfheidhmeannach agus don Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha amháin. Úsáidfear an cárta creidmheasa (VISA) ar son gnó de chuid Fhoras na Gaeilge amháin.

Tá sé faoi dhiscreíd an Bhoird teorainn creidmheasa agus úsáideoirí cártaí a cheadú.

**Riachtanais Polasaí**

Is le Foras na Gaeilge aon chárta creidmheasa agus tógfaidh aon sealbhóir cárta údaraithe gach réamhchúram an cárta a choimeád slán & sábháilte.

Is gá do gach sealbhóir cárta comhaontú a léamh agus a shíniú, ag aontú go gcloífidh sé/sí leis an bpolasaí maidir le cárta creidmheasa corparáideach.

Tá an fhreagracht ar an Phríomhfheidhmeannach & an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an comhaontú seo a chur faoi bhráid aon sealbhóra cárta agus cóip shínithe a fháil ar ais uathu le coimeád i gcomhad sa Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha.

Ní ceadmhach cárta creidmheasa corparáideach a úsáid le haghaidh caiteachas pearsanta in aon chor. Cúis le gníomh smachtaithe is ea é seo a dhéanamh.

**Ráitis Mhíosúla**

Tagann na ráitis mhíosúla go dtí an Rannóg Airgeadais i bhForas na Gaeilge. Íoctar an bille cárta creidmheasa trí dhochar díreach go míosúil ó chuntas reatha Fhoras na Gaeilge. Cuirfidh an Rannóg Airgeadais cóip den ráiteas chuig an sealbhóir cárta.

Is gá don sealbhóir cárta an ráiteas a scrúdú agus tagairtí nó míniú a chur leis an gcaiteachas, é a shíniú agus é a sheoladh ar ais chuig an gceannáras leis na hadmhálacha cuí.

Is gá admháil a chur ar fáil **ar son gach caiteachais**. Beidh míniú sínithe le cur ar fáil maidir le haon eisceacht. Mura bhfuil admháil nó míniú sásúil ar fáil beidh an caiteachas le haisíoc le Foras na Gaeilge.

Is gá do Chathaoirleach an Bhoird caiteachas ar chárta an Phríomhfheidhmeannaigh a dheimhniú. Is gá don Phríomhfheidhmeannach caiteachas ar chárta an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha a dheimhniú.

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar idirbhearta ar na cartaí.

I gcás caiteachas mírialta is gá seo a thuairisciú don Stiúrthóir Seirbhisí Corparáideacha. Sa chás go mbaineann an caiteachas mírialta leis an Stiúrthóir Seirbhisí Corparáideacha is gá sin a thuairisciú don Phríomhfheidhmeannach.

### **Comhaontú úsáide an Chárta Creidmheasa Chorporáidigh**

|                                                                                                                                                 |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 6 & 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise. |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

Mar choinníoll leis an eisiúint seo aontaím go n-úsáidfídh mé an cárta creidmheasa seo ar son gnó atá bainteach le Foras na Gaeilge amháin agus nach n-úsáidfídh mé é ar son gnó pearsanta

Tuigim go bhfuil orm an ráiteas a shíniú go míosúil ag tabhairt mínithe nó tagairtí maidir leis an gcaiteachas chomh maith le hadmhálacha a sholáthar

Tuigim mura gcloím leis an bpolasaí maidir le cárta creidmheasa corparáideach go mbainfear an cárta díom.

Aontaím go seolfaidh mé an cárta creidmheasa ar ais go dtí an Rannóg Airgeadais láithreach nuair a thagann mo théarma mar Phríomhfheidhmeannach / Stiúrthóir Seirbhisí Corparáideacha chun deiridh.

Ainm

---

Síniú

---

Dáta

---

## Aguisín 2

### Achoimre ar Dhíscríobh 2015

| Sonraí                            | Iomlán €           | Iomlán £           | Iomlán Díscríofa €  |
|-----------------------------------|--------------------|--------------------|---------------------|
| Ceanneagraíochtaí                 | € 10,978.00        | £ -                | € 10,978.00         |
| An Rannóg Pobal & Gnó             | € 8,350.00         | £ 480.00           | € 9,011.25          |
| An Rannóg Oideachais              | € 23,952.03        | £ 13,859.46        | € 43,044.83         |
| An Earnáil Phoiblí & na hEalaíona | € -                | £ 58,505.71        | € 80,597.48         |
| Áis                               | € 128.00           | £ -                | € 128.00            |
| <b>Iomlán</b>                     | <b>€ 43,408.03</b> | <b>£ 72,845.17</b> | <b>€ 143,759.55</b> |
| Colmcille                         | € 6,285.25         | £ 20,186.65        | € 34,094.38         |
| Clár na Leabhar Gaeilge           | € 11,643.21        | £ -                | € 11,643.21         |
| <b>Mór-iomlán 2015</b>            | <b>€ 61,336.49</b> | <b>£ 93,031.82</b> | <b>€ 189,497.15</b> |

### Achoimre ar Cheangaltas 2015

| Sonraí                             | Iomlán na gCeangaltas | 2016                  | 2017                  | 2018                |
|------------------------------------|-----------------------|-----------------------|-----------------------|---------------------|
| Ceanneagraíochtaí                  | € 3,556,528.00        | € 3,556,528.00        | € -                   | € -                 |
| An Rannóg Pobal & Gnó              | € 3,875,165.70        | € 2,044,276.59        | € 1,092,578.90        | € 738,310.21        |
| An Rannóg Oideachais               | € 695,778.13          | € 671,688.03          | € 24,090.10           | € -                 |
| Scéim Bunaithe & Forbartha Gréasán | € 47,287.96           | € 19,856.72           | € 18,747.64           | € 8,683.60          |
| An Earnáil Phoiblí & na hEalaíona  | € 175,137.07          | € 125,137.07          | € 40,000.00           | € 10,000.00         |
| Áis                                | € 99,872.00           | € 99,872.00           | € -                   | € -                 |
| <b>Iomlán</b>                      | <b>€ 8,449,768.86</b> | <b>€ 6,517,358.42</b> | <b>€ 1,175,416.63</b> | <b>€ 756,993.81</b> |
| Colmcille                          | € 33,495.28           | € 33,495.28           | € -                   | € -                 |
| Clár na Leabhar Gaeilge            | € 861,827.41          | € 847,013.81          | € 14,813.60           | € -                 |
| <b>Mór-iomlán 2015</b>             | <b>€ 9,345,091.55</b> | <b>€ 7,397,867.51</b> | <b>€ 1,190,230.23</b> | <b>€ 756,993.81</b> |

### Aguisín 3

#### Oireachtas na Gaeilge & Gael Linn: Briseadh síos ar mhaoiniú 2016

Ceadaíodh maoiniú eatramhach ag Cruinniú Boird 11 Nollaig 2015 d'Oireachtas na Gaeilge agus do Ghael Linn, rud a d'fhág go raibh na hiarratais ar mhaoiniú do 2016 fós oscailte. Socraíodh leasú a dhéanamh ar na huimhreacha tagartha leis seo a chur in iúl agus le deis a thabhairt na huimhreacha tagartha céanna a úsáid do na mórdheontais bhliantúla. Mar a fheictear ón tábla thíos, cuireadh 'A' leis na huimhreacha tagartha leis an maoiniú eatramhach a shoiléiriú agus ar mhaithe le rian iniúchta cruinn sna cuntais.

| Uimhir Thagartha | Dáta Údaraithe        | Ceannagraíocht        | Maoiniú Údaraithe |
|------------------|-----------------------|-----------------------|-------------------|
| 1501065A         | 11/12/2015            | Oireachtas na Gaeilge | € 74,608          |
| 1501065          | Oireachtas na Gaeilge |                       | € 554,275         |
| <b>Iomlán</b>    |                       |                       | <b>€ 628,883</b>  |

| Uimhir Thagartha | Dáta Údaraithe | Ceannagraíocht | Maoiniú Údaraithe |
|------------------|----------------|----------------|-------------------|
| 1501067A         | 11/12/2015     | Gael Linn      | € 83,162          |
| 1501067          | Gael Linn      |                | € 573,588         |
| <b>Iomlán</b>    |                |                | <b>€ 656,750</b>  |

Polasaí TF Fhoras na Gaeilge – Comhaltaí Boird

1. Daoine

- Clúdaíonn an Polasaí seo Comhaltaí Boird Fhoras na Gaeilge atá ag baint úsáid as áiseanna nó trealamh Fhoras na Gaeilge.
- Caithfidh úsáideoirí trealaimh agus seirbhísí Fhoras na Gaeilge glacadh leis an pholasaí seo sula n-úsáideann siad na háiseanna seo.

2. Áiseanna & Trealamh

- Clúdaíonn an polasaí úsáid trealamh nó áiseanna Fhoras na Gaeilge, sna hoifigí agus ar láthair ar bith eile.

3. Monatóireacht

- Tá lán-chead ag foireann TF Fhoras na Gaeilge monatóireacht a dhéanamh ar aon phíosa trealaimh, nó áis á úsáidtear do ghnó Fhoras na Gaeilge, atá ceangailte leis an líonra nó atá in úsáid ar láthair oifigiúil.
- Caithfidh úsáideoirí a bheith ar an eolas go bhfuil monatóireacht a dhéanamh ar úsáid trealaimh agus ar áiseanna ríomhphoist atá in úsáid do ghnó Fhoras na Gaeilge.

4. Teacht ar Áiseanna

- Caithfidh úsáideoirí glacadh leis an pholasaí seo roimh an trealamh a úsáid agus ba chóir go síneofar é & go seolfar ar ais chuig foireann TF an fhoirm leis an pholasaí seo.
- Thig leis an fhoireann TF cosc a chur le ceangal trealaimh áirithe isteach chuig an líonra nó chuig an Idirlíon.
- Thig leis an fhoireann TF srian a chur le suíomhanna ar a bhfuil ábhar míchuí.

5. Úsáid Idirlín & Áiseanna Ríomhphoist

- Tá an t-idirlíon ann le hobair nó taighde a dhéanamh a bhaineann le gníomhartha Fhoras na Gaeilge amháin.
- Tá an ríomhphost ann le teagmháil a dhéanamh le comhghleacaithe agus daoine eile bainteach le gníomhartha Fhoras na Gaeilge.

6. Dualgais Úsáideora

- Tá rialacha Cód Iompair Bhord Fhoras na Gaeilge i bhfeidhm le húsáid ríomhphoist agus idirlín.

- Caithfidh úsáideoirí ríomhphoist & idirlín a bheith ionraic agus freagrach ar líne;
  - Gan acmhainní nó am a chur amú
  - Gan líonra Fhoras na Gaeilge, nó sonraí a chur i mbaol, a scaipeadh nó a scrios
  - Gan a chur isteach ar chomhghleacaithe nó daoine eile
  - Gan aon dlí a bhriseadh
  - Gan droch-chlú a tharraingt ar Fhoras na Gaeilge.
- Samplaí den úsáid seo
  - Amharc, scaipeadh nó seilbh a bheith agat de phornagrafaíocht. Is cion coiriúil é amharc, scaipeadh nó seilbh a bheith agat ar phornagrafaíocht leanaí agus rachaidh Foras na Gaeilge i gcomhair leis an Garda/PSNI sna cásanna seo.
  - Tromaíocht, ciapadh, ábhar míchuí a scaipeadh, ráitis tharcaisneacha nó ráitis chiníocha, seicteacha nó ciapadh ghnéasach. Lena n-áirítear ach ní go heiseach ábhar míchuí tá aon ábhar atá pornagrafach, clúmhilleach, gnéasach, ciníoch, seicteach, foréigneach nó tarcaisneach ar aon bhealach – bíodh seo i bhfoirm íomhánna, cartún, focail, fuaimeanna agus fiú má cheaptar gur ábhair ghrinn atá ann.
- Má tá fiosrúcháin ann thig áiseanna ríomhphoist & idirlín a bhaint le linn an fhiosrúcháin.
- Tá rannóg TF Fhoras na Gaeilge freagrach as na cuntais uilig ar an ghléas boird – cuntas Apple, Ríomhphost agus Dropbox. Má tá deacrachtaí le pasfhocail déan teagmháil le Rannóg TF Fhoras na Gaeilge.
- Tá na húsáideoirí freagrach as aon mhí-úsáid nó sárú rialacha ar a gcuntais, trealaimh.
- Caithfidh úsáideoirí
  - A phasfhocal agus ainm úsáideora a choinneáil faoi rún.
  - Logáil amach as an idirlíon mura bhfuil sé in úsáid.
  - Cinntigh go bhfuil aon chomhad íoslódáilte slán – go n-aontaíonn córas cosanta Fhoras na Gaeilge leis.
  - An Rannóg TF a chur ar an eolas láithreach má tá víreas nó aon ábhar inní eile ann.
  - Cóipcheart, rialacha ceadúnais bhogearra agus cearta maoine a aithint.
  - Bogearraí a bhaineann le hobair amháin a íoslódáil.
  - Treoracha úsáide trealaimh a úsáid i gcónaí.
  - Meas a bheith acu ar threalamh Fhoras na Gaeilge.
  - Trealamh a stóráil agus a láimhseáil mar is ceart.
- Níor cheart d'úsáideoirí
  - Ríomhphoist Fhoras na Gaeilge a threorú ar aghaidh chuig ríomhphost pearsanta nó a mhalairt.
  - Víreas nó aon bhogearra mailíseach eile a scaipeadh.
  - Córas ríomhaireachta nó líonra a dhíchumasú.
  - Ceangail le suíomhanna míchuí. Má dhéantar é de thaisme cuir rannóg TF ar an eolas le go mbeidh siad in ann glas a chur ar rochtain agus go mbeidh tú slán i gcás fiosrúcháin.

- Íoslódáil nó scaipeadh ar shonraí nó ar bhogearraí nach mbaineann le hobair, m.sh cluichí, ceol, grafaicí, físeáin, téacs, ábhar siamsaíochta nó ábhar bradach.
- Cluichí ar líne a imirt nó litreacha slabhracha a scaipeadh (fiú i d'am féin).
- Sonraí nó bogearraí ar bith a lódáil ar threalamh gan chead ó Rannóg TF.
- Ábhair srianta Fhoras na Gaeilge a scaipeadh nó a fhoilsiú gan chead.
- Lámh a leagan ar aon phíosca trealaimh nó bogearra lena dheisiú gan dul i dteagmháil le rannóg TF i dtosach.
- Bia nó deochanna a fhágáil ar threalamh ríomhaireachta.

## 7. Úsáid Phearsanta

- Is é is úsáid phearsanta ann ná aon úsáid nach mbaineann le dualgais oibre d'Fhoras na Gaeilge
  - Léamh nuachta
  - Eolas taistil
  - Baincéireacht phearsanta
  - Ríomhphoist phearsanta a fháil & a scaipeadh
- Tá cead ag úsáideoirí
  - Taighde pearsanta a dhéanamh ó am go chéile
  - Earraí a cheannach ó am go chéile – eitiltí, leabhair, ceol is mar sin de fad is go n-íocann siad féin as agus go seachtadtar na hearraí chuig seoladh pearsanta
  - Níor cheart aon dualgais conartha nach bhfuil ceadaithe a chruthú thar ceann Fhoras na Gaeilge.
  - Baincéireacht ar líne a úsáid
  - Teachtaireachtaí pearsanta a sheoladh ó am go chéile le cuntas ríomhphoist Fhoras na Gaeilge. Caithfear na teachtaireachtaí seo a mharcáil pearsanta agus a choinneáil i bhfillteán cuí.
- Is faoin úsáideoir amháin an úsáid phearsanta. Ní ghlacann Foras na Gaeilge aon fhreagracht as caillteanas de bharr úsáid phearsanta trealaimh Fhoras na Gaeilge. Má chailltear sonraí cártaí creidmheasa nó aon rud eile is faoin úsáideoir é.
- Déanfar monatóireacht ar aon úsáid do threalaimh nó cuntais Fhoras na Gaeilge fiú más úsáid phearsanta é.
- Níl cead ag úsáideoirí
  - Trealamh nó áiseanna Fhoras na Gaeilge a úsáid do ghníomhaíochtaí ar a ndéantar brabach, mar shampla díol nó ceannach scaireanna, bainistíocht punainne, nó cearrbhachas.
  - Cuntas pearsanta de chuid Fhoras na Gaeilge a shocrú gan chead ó rannóg TF.

## 8. Úsáid Trealaimh

- Caithfear Cód Iompair Bhord Fhoras na Gaeilge a leanúint agus tú ag úsáid trealamh Fhoras na Gaeilge.
- Is ar mhaithe le dualgais oibre Fhoras na Gaeilge a chomhlíonadh an trealamh ar fad, tógann obair Fhoras na Gaeilge tús áite agus píosa trealaimh in úsáid.
- Caithfear cloí le polasaí caomhnú cumhachta Fhoras na Gaeilge agus tú ag úsáid trealaimh nó áiseanna Fhoras an Gaeilge.
- Ríomhairí
  - Ná leag lámh ar ríomhaire lena dheisiú gan glaoch ar rannóg TF.
  - Inis do rannóg TF má tá aon fhadhb leis.

#### 9. Cóipcheart

- Is le Foras na Gaeilge aon bhogearra nó sonraí atá íoslódáilte tríd an idirlíon ar cheangal Fhoras na Gaeilge.
- Coinníonn Foras na Gaeilge cead cóipchearta ar aon alt, ráiteas, ábhar nó teachtaireacht a sheoltar ag úsáideoirí agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgais.

#### 10. Cáipéisí Boird

- Is le Foras na Gaeilge na cáipéisí Boird agus beidh socruithe slándála cuí curtha ar na cáipéisí seo.
- Níl cead na cáipéisí seo a scaipeadh nó a nochtadh.

Beidh na cáipéisí seo criptithe agus beidh cosc ar phriontáil, leasú nó roinnt.



Foras na Gaeilge

## **Foras na Gaeilge - Deimhniú TF**

Is le Foras na Gaeilge an I-Pad, an cás agus an luchtair seo agus tabharfaidh mé ar ais d'Fhoras na Gaeilge iad ar fhágáil an Bhoird dom.

Deimhním go bhfuil Polasaí TF Fhoras na Gaeilge léite agam, agus deimhním go gcloífidh mé leis an pholasaí seo agus mé ag úsáid trealamh ríomhaireachta atá curtha ar fáil ag Foras na Gaeilge.

Uimhir Sócmhainne:\_\_\_\_\_

Síniú:\_\_\_\_\_

Dáta:\_\_\_\_\_

**Leasú le Ceadú****Uimh. Thag.:**1501071**Ainm:** Glór na nGael**Deontas**

Ag cruinniú boird ar an 11/12/15 ceadaíodh deontas nach mó ná **€1,089,510** do Ghlór na nGael. don tréimhse 01/01/15 go 31/12/15.

**Buiséad leasaithe iarrtha don tréimhse anuas go 31/12/2016**

|                                                                                               | <b>Ceadaithe ag<br/>Foras na<br/>Gaeilge ar an<br/>11/12/15 €<br/>(01 Eanáir<br/>2016 go 31<br/>Nollaig 2016)</b> | <b>Leasú<br/>Iarrtha<br/>12/01/2016</b> |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------|
| <b>Tuarastail</b>                                                                             |                                                                                                                   |                                         |
| <b>Teideal, Ciorclán, Grád</b>                                                                |                                                                                                                   |                                         |
| <i>Ceannasaí (Cior. 28/2009, POC)</i>                                                         |                                                                                                                   |                                         |
| <i>Bainisteoir Forbartha (Cior.28/2009, AOF)</i>                                              |                                                                                                                   |                                         |
| <i>Bainisteoir Forbartha (Cior.28/2009, AOF)</i>                                              |                                                                                                                   |                                         |
| <i>Bainisteoir Acmhainní Daonna – Post-Roinnte le Conradh na Gaeilge (Cior. 28/2009, AOF)</i> |                                                                                                                   |                                         |
| <i>Oifigeach Forbartha (Cior.28/2009, OF)</i>                                                 |                                                                                                                   |                                         |
| <i>Oifigeach Forbartha (Cior.28/2009, OF)</i>                                                 |                                                                                                                   |                                         |
| <i>Oifigeach Forbartha (Cior.28/2009, OF)</i>                                                 |                                                                                                                   |                                         |
| <i>Oifigeach Forbartha (Cior.28/2009, OF)</i>                                                 |                                                                                                                   |                                         |
| <i>Oifigeach Forbartha (Cior.28/2009, OF)</i>                                                 |                                                                                                                   |                                         |
| <i>Oifigeach Forbartha (Cior.02/2014, OF)</i>                                                 |                                                                                                                   |                                         |
| <i>Riarthóir Oifige (Cior.28/2009, OC)</i>                                                    |                                                                                                                   |                                         |
| <i>Oifigeach Forbartha (Cior.28/2009, OF)</i>                                                 |                                                                                                                   |                                         |
| <i>Bainisteoir Forbartha (Scála TÉ, SO)</i>                                                   |                                                                                                                   |                                         |
| <i>Oifigeach Forbartha (Scála TÉ, SO)</i>                                                     |                                                                                                                   |                                         |
| <i>Oifigeach Forbartha (Scála TÉ, SO)</i>                                                     |                                                                                                                   |                                         |
| <i>Oifigeach Forbartha (Scála TÉ, SO)</i>                                                     |                                                                                                                   |                                         |
|                                                                                               |                                                                                                                   |                                         |
| <b>Fo-iomlán</b>                                                                              | <b>€829,363</b>                                                                                                   | <b>€775,410</b>                         |

|                                                |                   |                   |
|------------------------------------------------|-------------------|-------------------|
|                                                |                   |                   |
| <b>Costais reatha</b>                          |                   |                   |
| <i>Taisteal agus cothabháil</i>                | €25,000           | €25,000           |
| <b>Gnáthchostais reatha</b>                    | <b>€78,000</b>    | <b>€95,500</b>    |
| <b>Fo-iomlán</b>                               | <b>€103,000</b>   | <b>€120,500</b>   |
|                                                |                   |                   |
| <b>Seirbhísí / Gníomhaíochtaí</b>              |                   |                   |
|                                                |                   |                   |
| <b>FORBAIRT PHOBAIL - FEIDHM I</b>             |                   |                   |
| <i>Comórtas Ghlór na nGael</i>                 | €58,000           | €58,000           |
| <b>Imeachtaí Náisiúnta</b>                     |                   | <b>€17,000</b>    |
| <b>FORBAIRT PHOBAIL - FEIDHM II</b>            |                   |                   |
| <b>An Turas Teanga</b>                         | <b>€2,717</b>     | <b>€2,718</b>     |
| <i>Scéim Tacaíochta Ghaeilge</i>               | €20,000           | €20,000           |
| <b>Timireacht Náisiúnta</b>                    | <b>€50,000</b>    | <b>€64,702</b>    |
| <b>Ceardlanna</b>                              |                   | <b>€1,500</b>     |
| <b>FORBAIRT PHOBAIL - FEIDHM 5</b>             |                   |                   |
| <b>Cruinnithe</b>                              |                   | <b>€1,500</b>     |
| <b>TÓGÁIL TEAGHLAIGH LE GAELIGE</b>            |                   |                   |
| <b>FEIDHM II</b>                               |                   |                   |
| <i>Imeachtaí do Theaghlaigh</i>                | €19,980           | €19,980           |
|                                                |                   |                   |
| <b>FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA</b>                  |                   |                   |
| <b>FEIDHM I</b>                                |                   |                   |
| <b>Seastáin agus Taispeántais Mhargaíochta</b> | <b>€3,749</b>     | <b>€4,500</b>     |
| <b>FEIDHM III</b>                              |                   |                   |
| <b>Seachtain Bronntanas as Gaeilge</b>         | <b>€2,700</b>     | <b>€3,700</b>     |
|                                                |                   |                   |
|                                                |                   |                   |
| <b>Fo-iomlán</b>                               | <b>€157,149</b>   | <b>€193,600</b>   |
|                                                |                   |                   |
| <b>MÓR-IOMLÁN</b>                              | <b>€1,089,510</b> | <b>€1,089,510</b> |

Tá faisnéis fágtha ar lár sna táblaí thuas toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 4 agus Cuid 3 Mír 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

### Cúis leis an leasú:

D'éirigh beirt Oifigeach Forbartha a bhí fostaithe ag Glór na nGael as a bpost i dtreo dheireadh na bliana anuraidh. Fuair duine amháin acu post le Foras na Gaeilge agus d'éirigh an duine eile as a ról. Toisc go raibh tréimhse fáis, tobann agus tapaídh ag an eagraíocht le linn 2015 ceapann siad gur fiú machnamh a dhéanamh ar na bealaí is éifeachtaí leis an dá fholúntais seo a athlúonadh.

De thoradh ar seo, rinne Bord Stiúrtha Ghlór na nGael cinneadh fanacht agus an dá fholúntas a fhógairt faoi lár na bliana seo agus go mbeidh siad líonta faoi Fhómhair

2016. Is iad an dá phost i gceist ná dhá fholúntas mar ‘Oifigeach Forbartha’ (aibhsithe le buí thuas) a bhí lonnaithe in oifig réigiúnach an Iarthair.

Idir an dá linn, tá siad ag lorg cead athdháileadh airgid a dhéanamh ón mbuiséad tuarastail (féach an chuid aibhsithe le buí) go buiséid eile (féach an chuid aibhsithe le glas), a bheidh cothrom le €52,811.

**Moladh:**

Moltar an leasú seo a cheadú.

**Leasú le Ceadú****Uimh. Thag.: 1501069****Ainm: Gaelscoileanna Teo.****Buiséad leasaithe iarrtha don tréimhse anuas go 31/12/2016**

|                                                                                                                                                                             | <b>Ceadaithe ag<br/>Foras na Gaeilge<br/>ar an 11/12/15</b> | <b>Buiséad<br/>leasaithe<br/>iarrtha 19/01/16</b> |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------|
| <b>Tuarastail</b>                                                                                                                                                           |                                                             |                                                   |
| Ardfheidhmeannach (PC, 28/2009)                                                                                                                                             |                                                             |                                                   |
| Leas-Ardfheidhmeannach (AOF, 28/2009)                                                                                                                                       |                                                             |                                                   |
| Oif Sinsearach Polasaí & Forbartha (AOF, 28/2009)                                                                                                                           |                                                             |                                                   |
| Oif Eolais & Airgeadais (OF, 28/2009)                                                                                                                                       |                                                             |                                                   |
| Oifigeach Forbartha (OF, 18/2010)                                                                                                                                           |                                                             |                                                   |
| Oifigeach Forbartha (OF, 18/2010)                                                                                                                                           |                                                             |                                                   |
| Oif Forbartha Gaeltacht (OF, 2/2014)                                                                                                                                        |                                                             |                                                   |
| Oif Forbartha Gaeltacht (OF, 2/2014)                                                                                                                                        |                                                             |                                                   |
| Riarthóir Oifige (OC, 2/2014)                                                                                                                                               |                                                             |                                                   |
| <b>Fo-iomlán</b>                                                                                                                                                            | <b>€ 430,205</b>                                            | <b>€440,770</b>                                   |
|                                                                                                                                                                             |                                                             |                                                   |
| <b>Costais reatha</b>                                                                                                                                                       |                                                             |                                                   |
| Taisteal agus cothabháil                                                                                                                                                    | €35,000                                                     | €35,000                                           |
| Gnáthchostais reatha                                                                                                                                                        | €91,837                                                     | €91,271                                           |
| <b>Fo-iomlán</b>                                                                                                                                                            | <b>€126,837</b>                                             | <b>€126,271</b>                                   |
|                                                                                                                                                                             |                                                             |                                                   |
| <b>Seirbhísí / Gníomhaíochtaí</b>                                                                                                                                           |                                                             |                                                   |
| <b>FEIDHM I</b>                                                                                                                                                             |                                                             |                                                   |
| Seimineáir oiliúna ar fheidhmiú an tumoideachais sa Ghaeltacht                                                                                                              | €5,000                                                      | €5,000                                            |
| Comhairliúcháin le scoileanna trí chruinnithe réigiúnach agus cuairteanna scoile le riachtanais a mheas agus ionadaíocht/rannpháirtíocht in obair na heagraíochta a mhéadú. | €5,000                                                      | €5,000                                            |

|                                                                                                                                                                                                                  |         |         |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------|---------|
| <b>FEIDHM VI</b>                                                                                                                                                                                                 |         |         |
| Tacaíocht leanúnach do na cosítí bunaithe reatha agus nua                                                                                                                                                        | €19,000 | €19,000 |
| <b>FEIDHM VIII</b>                                                                                                                                                                                               |         |         |
| Gréasánú agus sóisialú na teanga idir pháistí agus idir na forais tumoideachais a éascú tríd an <i>Scéim Le Chéile Trí Ghaeilge</i>                                                                              | €32,000 | €27,000 |
| <b>FEIDHM X</b>                                                                                                                                                                                                  |         |         |
| Comhairliúchán le páirtithe leasmhara, scoileanna agus naíonraí ar bhonn réigiúnda le riachtanais a mheas agus clár oibre na heagraíochta a shainiú dá réir trí chruinnithe / cuairteanna comhairliúcháin aonair | €5,000  | €5,000  |
| <b>FEIDHM XI</b>                                                                                                                                                                                                 |         |         |
| Earnáil na Luathbhlianta a neartú agus a chumasú.                                                                                                                                                                | €34,300 | €29,300 |
| <b>FEIDHM XIII</b>                                                                                                                                                                                               |         |         |
| Comhdháil uile oileáin oiliúna agus oideachais a phleanáil agus a reáchtáil don 3 leibhéal oideachais,                                                                                                           | €15,377 | €15,377 |
| Seimineáir ar théamaí na Comhdhála a reáchtáil le freastal ar phobal na naíonraí, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge                                                                              | €5,000  | €5,000  |
| <b>FEIDHM XIV</b>                                                                                                                                                                                                |         |         |
| Forbairt agus seachadadh nuachtlitir leictreonach agus crua do phobail uile na naíonraí, scoileanna, laistigh & lasmuigh den Ghaeltacht.                                                                         | €6,000  | €6,000  |
| Lámhleabhar eolais do thuismitheoirí faoin luathoideachas lán-Ghaeilge.                                                                                                                                          | €2,000  | €2,000  |
| <b>FEIDHM EILE I</b>                                                                                                                                                                                             |         |         |
| Tionscadal le Conradh na Gaeilge: feachtais feasachta ar bhuntáistí / cur chuige an chórais tumoideachais.                                                                                                       | €5,000  | €5,000  |
| Ábhair bolscaireachta a chur ar fáil do phobail na scoileanna agus don phobal i gcoitinne faoi fheidhmiú, soláthar, riachtanais agus na buntáistí a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge                 | €10,000 | €10,000 |
| <b>FEIDHM EILE II</b>                                                                                                                                                                                            |         |         |

|                                          |                 |                 |
|------------------------------------------|-----------------|-----------------|
| Comhthioscadal uile oileáin le Gael-Linn | €15,000         | €15,000         |
| <b>Fo-iomlán</b>                         | <b>€158,677</b> | <b>€148,677</b> |
| <b>MÓR-IOMLÁN</b>                        | <b>€715,719</b> | <b>€715,719</b> |

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 4 agus Cuid 3 Mír 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

### **Cúis leis an leasú:**

San iarratas a rinneadh ar mhaoiniú mar Cheanneagraíocht do 2016 rinneadh meastacháin ar an Oifigeach Forbartha Gaeltachta bheith ceaptha ar pointe 3 ar scála an fheidhmeannaigh ach ceapadh an t-oifigeach ar pointe 8. Mar sin bhí €10,565 le cur le buiséad tuarastail ón bhuiséad le haghaidh seirbhísí/gníomhaíochtaí.

### **Moladh:**

Moltar an leasú seo a cheadú le gur féidir le Gaelscoileanna a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh mar a bhaineann sé leis an oideachas sa Ghaeltacht.

Rinne an t-athrú seo de réir na treorach atá aontaithe leis na CEÍ agus táimid sásta go bhfuil an fostaí ar an tuarastal cuí.

**Athrú Buiséid Ceanneagraíochtaí agus Deontais Eile**

Mar seo a leanas a pléadh le hathruithe buiséid leis na heagrais bhunmhaoinithe agus deontais eile a cheadaigh an Bord. Agus an córas nua maidir leis na Ceanneagraíochtaí in áit agus Bord nua ann tá sé in am an cleachtas a athdheimhniú:

- *Is minic a thagann deontaithe chuig Foras na Gaeilge ag iarraidh sábháil i mír amháin den bhuiséad (tuarastal mar shampla) a chaitheamh ar sholáthar breise do thionscadal atá ceadaithe nó do thionscadal nua ar fad. É seo atá i gceist le leasuithe ar an chlár oibre nó ar an bhuiséad atá ceadaithe ag Foras na Gaeilge don bhliain sin.*
- *Sna cásanna seo, bíonn deifir orthu go minic an leasú a aontú le Foras na Gaeilge le gur féidir leo an tionscadal a bhrú chun cinn, go háirithe má tá siad ag obair i gcomhpháirt le heagraíocht eile.*
- *Le nach mbeadh bac ar chomhoibriú den chineál seo, agus leis an tseirbhís is éifeachtaí a chur ar fáil do na daoine / na grúpaí seo, ag cloí le rialachán corparáideach le linn an ama,*
  - *Deimhnítear gur féidir leis an Phríomhfheidhmeannach, de réir na dteorainneacha tarmligthe atá i bhfeidhm don Phríomhfheidhmeannach (i. €50,000 / £30,000), plé le hiarratais ar leasuithe den chineál seo agus cinneadh a dhéanamh ina leith, taobh istigh den deontas iomlán atá ceadaithe ag an Bhord.*
  - *Sonrófar aon athruithe mar seo ar dheontais d'eagraíochtaí a fhaigheann os cionn €50,000/£30,000 in aon bhliain airgeadais i nóta eolais ag an gcéad chruinniú eile de Choiste na nDeontas le cur ar aghaidh chuig an Bhord le nótáil.*
  - *Ní bhaineann na socruithe seo le hardú i dtuarastal aon fhostaí nó aon phost ná le haon athrú os cionn an cead tarmligthe.*
- *Is féidir le Stiúrthóirí leasú buiséid a cheadú más lú an bundeontas agus más lú méid an leasaithe ná teorainn tarmligthe an Stiúrthóra (£8,000/€12,000) agus nach sáraíonn an deontas ina iomlán an cead tarmligthe.*
- *Ar an ngnáthbhealach, is féidir leis an Phríomhfheidhmeannach aon iarratas ar leasú ar an chlár oibre nó ar an bhuiséad **ó aon eagraíocht** a chur ar aghaidh chuig an Bhord má fheictear dó ar chúis ar bith go bhfuil gá leis.*

**Foras na Gaeilge  
2016**

**Cruinniú Boird: 26 Feabhra**

**Cultúrlann MacAdam Ó Fiaich – Le Ceadú**

I mí Dheireadh Fómhair 2015, aontaíodh soláthar de £2,000 le haghaidh ceardlanna agus imeachtaí a bhí le heagrú mar chuid d'Fhleadh Feirste a bhí le tarlú i mBéal Feirste ag deireadh mhí na Samhna.

Ceadaíodh maoiniú nach mó ná £2,000 le haghaidh Fleadh Feirste ach nuair a tháinig an t-iarratas bhí sé in ainm 'Cultúrlann MacAdam Ó Fiaich'.

Ní féidir leis an fheidhmeannas maoiniú a cheadú do Chultúrlann MacAdam Ó Fiaich mar go bhfuil sin taobh amuigh den chead tarmligthe.

Iarrtar ar an Bhord údarú a dhéanamh ar an mhaoiniú.

## Aguisín 7

| Ainm an Eagrais                        | Ainm an Tionscadail                       | Méid Molta € | Méid Molta £stg |
|----------------------------------------|-------------------------------------------|--------------|-----------------|
| Áislann Rann na Feirste                | Comóradh 50 Bliain 1966                   | 540          |                 |
| Alliance Francaise                     | Franco-Irish Literary Festival            | 800          |                 |
| An Comhlachas Náisiúnta Dramaíochta    | Féile Náisiúnta Drámaíochta 2016          | 10,400       |                 |
| An Droichead                           | Féile An Droichead 2016                   |              | 2,200           |
| An Féile Scoil Drámaíochta             | Féile Scoil drámaíochta Uladh             | 1,500        |                 |
| Áras Éanna                             | Clár Féilte Áras Éanna 2016               | 3,100        |                 |
| Ballintogher Festival                  | Féile Bhaile an Tóchair                   | 1,300        |                 |
| Cairde Dhroim nDamh                    | Siúlóid Laindear na Samhna- Féile Sholais |              | 900             |
| Carntogher Community Association Féile | Féile Charn Tóchair                       |              | 1,800           |
| Celtic Film & TV                       | Féile na Meán Ceilteach 2016              | 6,000        |                 |
| Ceoltaí Éireann                        | Éigse Oirialla- Amhráin agus Ceol         |              | 4,000           |
| Club Óige Rann na Feirste              | Féile Dheireadh Seachtaine na Gaeilge     | 570          |                 |
| Club Sóisialta Thoraí                  | Féile na mBoscaí Ceol                     | 2,000        |                 |
| Cnoc na Gaoithe Cultural Centre        | Féile Chnoc na Gaoithe                    | 900          |                 |
| Coiste Traidphicnic                    | Féile Traidphicnic                        | 3,500        |                 |
| Consairtín                             | Consairtín 2016                           | 1,500        |                 |
| Cumann Merriman                        | Scoileanna Chumann Merriman               | 4,000        |                 |
| Féile na Bealtaine                     | Féile na Bealtaine                        | 3,500        |                 |
| Féile na hInse                         | Féile na hInse                            | 1,200        |                 |
| Féile na Locha                         | Féile na Locha                            | 1,500        |                 |
| Féile Scoldrámaíochta an Chláir        | Féile Scoldrámaíochta an Chláir           | 1,500        |                 |
| Féile Thoraí                           | Féile Soilsí Thoraí                       | 1,000        |                 |
| Fingal Film Festival Company           | Fingal Film Festival                      | 2,000        |                 |
| Galway Film Fleadh                     | Junior Galway Film Fleadh                 | 3,000        |                 |

|                                                             |                                          |                    |                    |
|-------------------------------------------------------------|------------------------------------------|--------------------|--------------------|
| Galway Theatre Festival Ltd                                 | Féile Amharclannaíochta na Gaillimhe     | 4,000              |                    |
| Glór Uachtar Tíre                                           | Scoil Samhraidh Shéamuis Uí Néill        |                    | 3,000              |
| Maura Thornton & Art O'Suilleabháin (Westport Scoil Cheoil) | Westport Scoil Cheoil                    | 2,000              |                    |
| Muintir na Gaeilge Ongar                                    | Féile BÁC 15                             | 2,300              |                    |
| Musical Group - Larry Reynolds                              | Larry Reynolds Irish Music Weekend       | 1,400              |                    |
| Navan Choral Festival Ltd                                   | Navan Choral Festival                    | 2,000              |                    |
| Pan Celtic Carlow                                           | Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2016  | 14,000             |                    |
| Portumna Arts Group                                         | Shorelines Arts Festival                 | 440                |                    |
| Scoil Samhraidh Willie Clancy                               | Scoil Samhraidh Willie Clancy            | 3,000              |                    |
| Seosamh Mac Gabhann Summer School                           | Scoil Samhraidh Sheosaimh Mhic Ghabhainn | 1,000              |                    |
| Siamsa Sráide                                               | Féile Siamsa Sráide                      | 1,000              |                    |
| Sligo Feis Ceoil                                            | Sligo Feis Ceoil                         | 850                |                    |
| South Sligo Summer School                                   | Scoil Samhraidh Shligigh Theas           | 3,000              |                    |
| University of Limerick (Ollscoil Luimnigh)                  | Blas International Summer School         | 2,000              |                    |
| Waterford County Festival of Food Company Ltd               | Féile Bia Iarthar Phort Láirge           | 3,700              |                    |
| Westport Arts Festival                                      | Féile Ealaíon Chathair na Mart           | 2,000              |                    |
|                                                             |                                          |                    |                    |
|                                                             |                                          | <b>€ 92,500.00</b> | <b>£ 11,900.00</b> |

€ 17,000.00

**€  
109,500.00**

| <b>Ainm an Eagrais</b>                  | <b>Ainm an Tionscadail</b>                     |
|-----------------------------------------|------------------------------------------------|
| An Gaeláras                             | Féile Cheoil Idirnáisiúnta Dhoire              |
| Croí Éanna                              | Féile Fómhair/ Geimhreadh Croí Éanna           |
| Odd Socks events Ltd                    | St Patrick's day Irish Village Berlin          |
| Éigse Carlow Arts Festival Ltd          | Carlow Arts Festival                           |
| Baboró                                  | Baboró                                         |
| Comhar Chuigéal Teoranta                | Comhar Chuigéal Teoranta                       |
| Cumann na Gaeltacht Ceanada             | Oireachtas Gaeilge Ceanada                     |
| Kells Literary & Cultural Festival Ltd  | Hay Festival Kells                             |
| Glór na Móna                            | Féile na Carraige                              |
| Éigse Cholm Cille                       | Éigse Cholm Cille                              |
| Instituto Cervantes Dublin              | Irish Spanish Latin American Literary Festival |
| O Carolan Harp Cultural & Heritage Fest | Féile Uí Chearulláin                           |
| Cliara Development                      | Snas ar do bhlas                               |
| Dúil                                    | Féile na Dúil                                  |

**Miontuairiscí ón 142ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 15 Aibreán 2016 in oifigí Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Gaillimh.**

**I láthair:** S. Mac Donncha (Cathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, M. Mac Ruairí, É. Ó Gribín, G. McElwain B. Ní Chofaigh, P. Callaghan agus S. Ó Coistealbha.

**Leithscéalta:** S. Ó hArgáin.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

**Leithscéalta:** J. Ó Labhraí.

Ritheadh rún comhbhróin le É. Ó hArgáin ar bhás a uncail. Mhol M. Mac Ruairí go mbeadh na cruinnithe Boird i nGaillimh ar feadh seala agus ghlac an Bord leis an mholadh sin.

**01.142 COIMHLINT LEASA**

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon choimhlint leasa le nochtadh ag aon duine agus gur cheart sin a dhéanamh ag tús an chruinnithe nó le linn an chruinnithe, de réir mar ba ghá. Ní raibh aon choimhlint leasa le nochtadh.

**02.142 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 1 Márta 2016 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Rinne S. Ó Coistealbha tagairt do na moltaí ar na miontuairiscí a chuir sé ar fáil i dtaca leis an sceitheadh eolais agus chuir sé in iúl nár theastaigh uaidh go mbeadh Bord ag feidhmiú taobh istigh de Bhord. Chuir sé in iúl gur chóir go mbeadh plé stuama fíorúil ann faoin sceitheadh. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh sé le sonrú sna miontuairiscí gur pléadh an cheist arís ach go raibh líne le tarraingt faoi anois agus foghlaim uaidh dá réir. Chuir an Cathaoirleach béim arís ar rúndacht agus dílseacht agus daoine ag feidhmiú mar chomhaltaí Boird.

Scaipeadh liosta de scéimeanna uile Fhoras na Gaeilge ar an Bhord mar eolas. Mhol S. Ó Coistealbha arís go mbeadh sé úsáideach bualadh le foireann Fhoras na Gaeilge agus chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go mbeadh deis ag comhaltaí Boird, i ngrúpaí beaga, dul ar cuairt ar na baill foirne an chéad uair eile a bheas cruinniú Boird ar siúl in oifigí Bhaile Átha Cliath agus go dtiocfadh bualadh leis an fhoireann ag na cruinnithe sna hoifigí eile.

D'aontaigh an Bord go dtabharfadh ionadaithe ón Áisaonad cur i láthair ar obair s'acu an chéad uair eile a mbeadh cruinniú Boird i mBaile Átha Cliath nó i mBéal Feirste.

**03.142 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

**Coiste na nDeontas**

Scaipeadh cáipéis maidir le Scéim na gComplachtaí Drámaíochta, Scéim na bhFéilte agus Scéim na gCampaí Samhraidh a léirigh go sonrach an fás ar an éileamh agus an laghdú leanúnach ar líon na n-iarratas ceadaithe ó 2010 go dáta mar gheall ar na ciorruithe buiséid. Cuireadh in iúl nach mbeifí in ann leanúint le scéimeanna uile

Fhoras na Gaeilge i ngeall ar na ciorruithe leanúnacha buiséid. Chuir Cathaoirleach an Bhoird in iúl go mbeadh sé tábhachtach bualadh leis na ranna urraíochta agus an scéal sin a mhíniú dóibh. Aontaíodh go gcaithfí bheith straitéiseach leis an chur chuige agus ceist chiorruithe buiséid á plé leo.

Ardaíodh ceist an ndéantar monatóireacht ar na complachtaí drámaíochta agus cuireadh in iúl go ndéantar agus go mbíonn tuairisc curtha ar fáil ag na grúpaí féin ag deireadh na tréimhse maoinithe freisin. Cuireadh in iúl go raibh sé i gceist ag Foras na Gaeilge luacháil fhoirmiúil a dhéanamh ar na scéimeanna uile agus go mbeadh trí scéim le roghnú agus go dtiocfadh duine neamhspleách isteach chun cabhrú leis an phróiseas.

Nótáil an Bord na moltaí maidir le Scéim na gComplachtaí Drámaíochta do 2016 (**Aguisín 1**).

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £28,900 a chur ar fáil d'Aisling Ghéar i dtreo na gcostas a bhaineann le clár oibre 2016.

| Ainm Eagraíochta | Uimhir thagartha | Méid iarrtha | Méid molta |
|------------------|------------------|--------------|------------|
| Aisling Ghéar    | 1601042.02       | £70,000      | £28,900    |

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €26,000 a chur ar fáil do Bhranar do chlár oibre 2016.

| Ainm Eagraíochta | Uimhir thagartha | Méid iarrtha | Méid molta |
|------------------|------------------|--------------|------------|
| Branar           | 1601042.06       | €61,000      | €26,000    |

Ghlac an Bord leis an leasú molta ar an Chiste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Náiscolaíochta (**Aguisín 2**) agus d'fháiltigh an Cathaoirleach go mór roimhe. Ardaíodh ceist arbh fhiú níos mó fógraíochta a dhéanamh ar an chiste ach cuireadh in iúl nach ndéantar an ciste a fhógairt toisc go ndéantar teagmháil leis na heagraíochtaí cuí ina leith (Gaelscoileanna agus Comhairle na Gaelscolaíochta) agus go ndéanann siadsan teagmháil le grúpaí atá ag teacht chun cinn. Aontaíodh go mbeadh figiúr euro luaite leis an chiste seachas figiúr steirling amháin. Aontaíodh go gcuirfeadh Comhaltaí moltaí maidir leis an dóigh leis an scéim a chraobhscaoileadh ó dheas ach go háirithe agus go ndéanfaí plé air ag an chéad chruinniú Boird eile.

Nótáil an Bord an leasú buiséid don Áisaonad LánGhaeilge (**Aguisín 3**).

### **An Coiste Iniúchta**

Chuir Cathaoirleach an Choiste Iniúchta in iúl go raibh cruinniú den Choiste ann ar 24 Márta ag ar pléadh dréacht-chuntais 2015. Cuireadh in iúl go ndearna an Coiste mionleasuithe orthu agus go raibh siad ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste anois. Nótáil an Bord Tuairisc an Iniúcháin Inmheánaigh maidir le córas baincéireachta láimhe agus ghlac siad leis an Phlean Leanúnachais Ghnó.

### **An Coiste Osradhairc**

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste an oíche roimhe ag ar pléadh ráiteas an Aire faoin fhoclóir. Scaipeadh cóip den litir a chuir an Príomhfheidhmeannach chuig Runaí Buan na RCEF ar 22 Márta 2016 mar fhreagra ar ráiteas an Aire mar eolas don Bhord. Mhol an Bord litir an Phríomhfheidhmeannaigh. Cuireadh in iúl go raibh dualgas cúraim ar Fhoras na Gaeilge agus ar na ranna urraíochta féin maidir leis

an fhoclóir. Toisc nach bhfuair an Príomhfheidmeannach aon fhreagra ar a litir, d'aontaigh an Bord go gcuirfí litir eile ón Bhord féin, sínithe ag an Chathaoirleach, ar lorg cruinnithe leis an Rúnaí Buan, le toscaireacht ón Bhord agus ionadaithe ó thionscadal an fhoclóra chun ceist an fhoclóra a phlé.

Pléadh ceist an airgid nár díoladh leis na Coimisinéirí Ioncaim ag eagrais a bhí bunmhaoinithe agus aontaíodh cloí le comhairle na ranna gan an t-airgead a dhíol ar son an eagrais sin. Cuireadh in iúl go raibh an cheist maidir le híocaíochtaí pinsean á réiteach ag an cheanneagraíocht áirithe anois. Cuireadh in iúl go raibh an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta i ndiaidh maoiniú a chur ar fáil do *An tUltach* ach nár cuireadh sin in iúl d'Fhoras na Gaeilge roimh ré. Cuireadh in iúl go rabhthas ag súil go mbeadh cruinniú CATT ann i mí an Mheithimh ag a ndéanfaí faomhadh ar an Phlean Gnó agus ag a ndéanfaí ceithre ainmniúchán don Bhord (ó thuaidh amháin). Thug B. Ní Chofaigh suntas go raibh easpa ban ar an Bhord agus mhol sí go n-iarrfaí ar an CATT é sin a chur san áireamh agus na hainmniúcháin á ndéanamh.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

#### **04.142 RÁITEAS CAITEACHAIS AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2016**

Scaipeadh cóip de cháipéis a léirigh an staid reatha ó thaobh airgeadais de agus bhí plé ina leith. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2016. Cuireadh in iúl go rabhthas ag súil le hardú mór ar ioncam Áis i rith an tsamhraidh toisc gur tréimhse an-gnóthach í sin ó thaobh díolácháin de. Ardaíodh ceist faoin straitéis mhargaíochta agus cuireadh in iúl go raibh conradh trí bliana aontaithe le Cumann na bhFoilsitheoirí ina leith agus go dtiocfadh tuairisc chuig Coiste na nDeontas faoi i mí na Samhna nó mar sin. Aontaíodh go scaipfí cóip den chomhaontú ar an Bhord.

#### **05.142 MANDÁID BAINC MAIDIR LE HÍOCAÍOCHTAÍ LEICTREONACHA**

Scaipeadh cóip den mhandáid bainc mar eolas don Bhord agus bhí plé ina leith. Ghlac an Bord leis an rún maidir leis an treoir bainc agus shínigh Cathaoirleach agus Rúnaí an Bhoird é. Thug an Bord cead don fheidhmeannas córas nua ar líne do Bhanc na hÉireann a úsáid. Bailíodh na cóipeanna den mhandáid bainc arís.

#### **06.142 COMHAONTÚ SEIRBHISE**

Mhínigh an Príomhfheidhmeannach cad é a bhí i gceist leis an comhaontú seirbhíse. Chuir sé in iúl go raibh amhras air go raibh an comhaontú féin ag teacht salach ar an mheamram airgeadais ach go bhfuair sé comhfhreagras ó na ranna ag cur in iúl nach raibh. Míníodh go raibh cúpla mionathrú ar an chomhaontú ón cheann a bhí ann roimhe – buiséad 2016 agus tosaíochtaí on Phlean Gnó 2016 curtha isteach samplaí 2015 mar a bhí sa cheann deireanach. Ghlac an Bord leis an chomhaontú seirbhíse agus moladh go lorgódh an Cathaoirleach cruinniú leis an dá roinn agus an Príomhfheidhmeannach in éineacht leis sula síneofaí é le plé a dhéanamh ar sreabhadh eolais agus cúrsaí buiséid. Ghlac an Bord leis an mholadh sin.

#### **07.142 NÓTA EOLAIS MADIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

## 08.142 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Sa Tionól ar 15 Márta d'fhógair an tAire Ní Chuilín “Gaelacadamh” agus le linn na díospóireachta dúirt sí:

“Regarding the dictionary for the Irish language, Foras na Gaeilge has spent millions of pounds of public money, so it needs to be published. In my opinion, if it is not published this year, it will lose all credibility. I believe that, when groups on the ground are struggling and there is the notion that additional public money from this Government and the Irish Government is being ploughed into a dictionary project that people cannot see an outcome to, it will not be given the support that it has received unless it is published by the end of this year.”

Níl a bhfuil ráite aici ag teacht leis an fhírinne ach tá sé ag teacht leis an méid a bhí daoine áirithe ag rá le linn an fheachtais in aghaidh an SPG úr. Don taifead:

- Is €6.088 milliún an buiséad iomlán a faomhadh do thionscadal an fhoclóra in 2010 agus tá muid taobh istigh de sin i gcónaí. Níor lorgaíodh aon mhaoiniú breise ó shin;
- Baineann 25% den bhuiséad sin le DCAL, €1.52m nó £1.065;
- Tá breis agus 90% den fhoclóir foilsithe agus ar fáil ar líne agus trí aip cheana féin agus táimid ar sprioc le 100% a bhaint amach i mí an Mheithimh na bliana seo;
- Cuirtear tuairiscí míosúla chuig na Ranna ar thionscadal an fhoclóra agus déantar plé ar an tionscadal go rialta ag na cruinnithe monatóireachta leis na Ranna: níor ceistíodh ‘credibility’ an tionscadail riamh;
- Tá de Bhaldraithe agus Ó Dónaill ar fáil ar líne.

Tá seo ar fad ar eolas ag an Aire agus oifigigh na roinne.

- Go raibh ceist ann faoi íocaíochtaí pinsin ag ceanneagraíocht amháin. Tá scéim curtha ar bun ag an ceanneagraíocht agus íocfar an 5% ranníocaíocht pinsean leo go siarghabhálach ó thús 2016.
- Go raibh oifig nua bunaithe ó thuaidh – Northern Ireland Public Sector Ombudsman (NIPSO) – agus tagann na forais trasteorainn faoina réimeas. Beidh cead aige fiosrú a dhéanamh ach beidh air sin a dhéanamh i bpáirt le Fear an Phobail sa deisceart.
- Gur seoladh Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil Bhliantúil 2015 chuig an ARC&C agus na ranna faoin sprioc de 31 Márta.
- Go mbeidh deireadh le RCEF i ndiaidh an toghcháin ó thuaidh agus beidh Foras na Gaeilge ag bogadh go dtí Roinn na gComhphobal.
- Go raibh profáil ag dul ar aghaidh ar an dá shuíomh, Suíomh Tairsí agus Suíomh Corparáideach agus seolfar iad ag deireadh mhí na Bealtaine.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh seoladh an dá shuíomh curtha siar go dtí 2 Meitheamh agus go seolfaí iad i gcomhar le seoladh [www.peig.ie](http://www.peig.ie) i gColáiste na Tríonóide (Science Gallery).

- Go raibh glactha ag R. Nic Cionnaith leis an phost mar OF san oifig i nGaoth Dobhair: Oifigeach Feidhmiúcháin ach níor éirigh linn an post mar Eagarthóir Cúnta (saoire mháithreachais) a líonadh. Tá dhá fholúntas fógartha anois.

Bhí plé ar an cháipéis “Déanmhas Bord Agallaimh” agus aontaíodh athrú amháin ar an cháipéis maidir le ceapadh an Phríomhfheidhmeannaigh: **Príomhfheidhmeannach** – Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird, nó ionadaí ainmnithe ag an Bhord, Ghlac an Bord leis an déanmhas maidir le Bord agallaimh (**Aguisín 4**).

Ghlac an Bord leis na treoirlínte taistil agus cothabhála (**Aguisín 5**).

#### **09.142 COMHFHREAGRAS**

Thug an Bord suntas don chomhfhreagras a bhí ann.

#### **10.142 AON GHNÓ EILE**

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

**Seán M. Ó Domhnaill**

**pp Seosamh Mac Donncha**

**Cathaoirleach**

**20 Bealtaine 2016**

## **Aguisín 1**

| <b>Ainm na Complachta</b>     | <b>Uimhir Thag.</b> | <b>Cotas an Tionscadal</b> | <b>Méid á lorg</b>      | <b>Marc</b> | <b>Deontas Molta</b> |
|-------------------------------|---------------------|----------------------------|-------------------------|-------------|----------------------|
| Ababú                         | 1601042.01          | £27,700<br>(€39,371)       | £14,300<br>(€20,428.57) | 84%         | £9,000<br>(€12,857)  |
| Aisling Ghéar                 | 1601042.02          | £302,203<br>(€431,718)     | £70,000<br>(€100,000)   | 87%         | £28,900<br>(€41,286) |
| Aisteoirí an Lóchrainn        | 1601042.03          | €3,430                     | €2,500                  | 73%         | 1,000                |
| Axis                          | 1601042.04          | €81,250                    | €34,000                 | 82%         | 17,000               |
| An Lab                        | 1601042.05          | €30,000                    | €20,000                 | 61%         | 1,000                |
| Branar                        | 1601042.06          | €239,421.38                | €61,000                 | 82%         | 26,000               |
| Aisteoirí Bhreanainn          | 1601042.07          | €12,000                    | €8,000                  | 63%         | 1,000                |
| Dowtcha Puppets               | 1601042.08          | €34,600                    | €11,500                 | 74%         | 4,500                |
| Fibín                         | 1601042.09          | €200,368                   | €40,000                 | 84%         | 29,000               |
| Graffiti                      | 1601042.10          | €35,585                    | €35,585                 | 87%         | 19,000               |
| Guthanna Binne Síoraí         | 1601042.11          | €59,560                    | €48,000                 | 80%         | 11,000               |
| High Rock Productions         | 1601042.12          | €101,700                   | €30,000                 | 75%         | 10,000               |
| Little Wolf Productions       | 1601042.13          | €40,549                    | €16,000                 | 89%         | 11,000               |
| Moonfish Theatre Company      | 1601042.14          | €50,000                    | €36,500                 | 86%         | 13,000               |
| Mouth On Fire Theatre Company | 1601042.15          | €73,880                    | €45,000                 | 81%         | 12,000               |

|  |  |                             |                               |  |                      |
|--|--|-----------------------------|-------------------------------|--|----------------------|
|  |  | <b>Costas an Tionscadal</b> | <b>Méid á lorg ón bhForas</b> |  | <b>Deontas Molta</b> |
|  |  | <b>€1,433,432.38</b>        | <b>€508,513.57</b>            |  | <b>€209,643</b>      |

## **Aguisín 2**

**Ábhar:** Leasú molta ar an Chiste Infheistíochta do Bhunú Sóláthair  
Naíscolaíochta

### **Cúlra**

Bunaíodh an Ciste infheistíochta do bhunú soláthar naíscolaíochta i 2012 le tacú le bunú naíonraí. Is ciste infheistíochta atá ann le tacú le forbairt na gaelscolaíochta agus na Gaeilge. Is bunphrionsabal na scéime go mbeidh caiteachas as an chiste le caitheamh ar thionscadail réamhscolaíochta atá ceangailte go daingean dlúth le forbairt gaelscolaíochta agus fianaise ann de bhonn daingean pobail fúthu, agus de phleananna comhtháite forbartha gaelscolaíochta agus Gaeilge sa phobal.

Tá sé mar bhunchritéir go bhfuil aon iarratas ar mhaoiniú ceangailte le pleananna meántéarmacha agus fadtéarmacha d'fhorbairt na gaelscolaíochta agus na Gaeilge sa cheantar, déantar seo a chinntiú trí chomhoibriú le Comhairle na Gaelscolaíochta agus trí phlean aschur teanga atá le cur isteach mar chuid den iarratas.

Go dáta bunaíodh na naíscoileanna seo a leanas:

- Naíscoil Cholmcille, Cathair Dhoire.
- Naíscoil Ghleann an Iolair, deisceart Chontae Dhoire.
- Naíscoil na Tamhnaí Móire, Co. Aontroma
- Naíscoil an Chéide, Co. Ard Mhacha.

An deontas mar atá sé:

Nuair a bunaíodh an Scéim Infheistíochta Réamhscolaíochta in 2012, is é £74,000 an t-uasmhéid deontais a bhí ar fáil faoin scéim.

Laghdaíodh sin go huasmhéid de £69,000 in 2013.

Faoi láthair, is féidir, bunaithe ar iarratas, go gceadóidh Foras na Gaeilge deontas dhá bhliain (agus é dháileadh thar 3 bliana féilire, más gá) do na nithe seo a leanas:

- a. Tuarastal (Uasmhéid £17,000 x 2)
- b. Trealamh (Uasmhéid £5,000)<sup>1</sup>
- c. Cíos (Uasmhéid £10,000 x 2)
- d. Costas Reatha (Uasmhéid £5,000 x2).

### **Critéir Mhaoinithe na Scéime**

---

<sup>1</sup> Ar fáil don chéad bhliain amháin.

1. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go mbeidh toradh fadtéarmach ar an infheistíocht (go mbeidh an soláthar atáthar a bheartú á cheangal go dlúth le tionscadal bunscolaíochta lán-Ghaeilge agus le himeachtaí sa phobal leis an teanga a neartú);
2. Ní mór a léiriú, trí phlean aschur teanga\* a sholáthar go bhfuil an t-iarratas ar mhaoiniú ceangailte le pleananna meántéarmacha agus fadtéarmacha d'fhorbairt na gaelscolaíochta agus na Gaeilge sa cheantar, nó go bhfuil sé ag tacu le tionscadal atá ann cheana féin, agus go bhfuil na pleananna sin á gcomhtháthú le pleananna foras agus eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu le forbairt na Gaeilge agus na gaelscolaíochta sa cheantar;

Ní mór na nithe seo a leanas a lua sa phlean aschur teanga;

- a. Misean ráiteas/Fís an eagrais.
- b. Cuspóirí an eagrais
- c. Aidhmeanna an eagrais
- d. Plean gníomhaíochta
- e. Plean inbhuanaitheachta don tionscadal i ndiaidh na tréimhse maoinithe.
- f. Torthaí inmhianaithe
- g. Achoimre.

\*ní ceart níos mó ná 1,000 focal a bheidh ann.

3. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go bhfuil pleananna ann le caighdeán an tsoláthair a fheabhsú, mar aon le polasaí lena fhorbairt agus a fheabhsú go leanúnach agus tiomantas leis sin a chur i gcrích;
4. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go mbeidh socruithe ann le caighdeán Gaeilge na foirne a chinntiú agus a fhorbairt go leanúnach.
5. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go mbeidh imeachtaí breise Gaeilge ann sa phobal do na páistí taobh amuigh de na seisiúin foirmeálta agus don scoilphobal.
6. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go mbeidh deiseanna foghlama Gaeilge sa náiscoil/naíonra, nó sa phobal, do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne;
7. Ní mór a léiriú go gcuirfidh na forais chuí tacaíochta cuidiú ar fáil don náiscoil/naíonra le linn na staideanna éagsúla d'fhorbairt an tsoláthair, trí litir dhearbhaithe tacaíochta ó fhorais chuí tacaíochta;
8. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go bhfuil tuiscint mhaith ar chritéir na n-údarás cuí dearbhaithe caighdeán, agus go mbeidh an soláthar ag cloí go dlúth le gach coinníoll, coinníollacha cumhdaigh leanaí san áireamh, le go mbeidh sé i dteideal maoiniú príomhshrutha stáit, sula dtiocfaidh deireadh le tréimhse aontaithe mhaoinithe 2 bhliain Fhoras na Gaeilge;
9. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go gcaithfear an maoiniú go héifeachtach;
10. Is féidir, bunaithe ar iarratas, go gceadóidh Foras na Gaeilge maoiniú bliana do na nithe seo a leanas:
  - a. Tuarastal (Uasmhéid £17,000)
  - b. Trealamh (Uasmhéid £5,000)
  - c. Cíos (Uasmhéid £10,000)
  - d. Costas Reatha (Uasmhéid £5,000)

Is uasmhéideanna iad na figiúirí seo agus caithfear fianaise a chur ar fáil a léiríonn bunús na gcostas.

**\*Ní chuirfidh Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil d'íocaíochtaí a dhéantar le hairgead tirim.**

### **Moladh**

I ndiaidh plé leanúnach le Comhairle na Gaelscolaíochta tháinig sé chun solais go raibh deacrachtaí ag roinnt coistí ag an staid pleanála maidir le costas tionscnaimh don naíscoil. An moladh a tháinig ón phlé seo ná go mbeadh an deontas ar fáil thar trí bliana i.e. go gcuirfidh Foras na Gaeilge 80% don chostais iomlán an tionscnaimh (uasmhéid de £4,000) ar fáil don choiste ar an tuiscint go gcuirfidh an coiste 20% don costas iomlán iarrtha leis sa chéad bhliain,

**m.sh.** Costas iomlán an tionscnaimh=£5,000, (£4,000 ó Fhoras na Gaeilge agus £1,000 ón choiste.)

Costas iomlán an tionscnaimh= £3,500, (£2,800 ó Fhoras na Gaeilge agus £700 ón choiste.)

Beidh an gné seo don deontas ar fáil le costas ailtireachta, poiblíochta agus costas forbartha ar an phlean teanga a chlúdach.

Beidh an deontas do bhliain 2 agus 3 coinníollach ar dhul chun cinn sásúil bheith déanta ag an choiste i mbliain 1.

### **Leasú molta:**

Moltar leasú a dhéanamh ar chostais an chiste mar seo a leanas, is uasmhéideanna iad na figiúirí seo agus caithfear fianaise a chur ar fáil a léiríonn bunús na gcostas:

| <b>Bliain 1</b>      | <b>Costais Tionscnaimh</b> | <b>Tuarastal</b> | <b>Trealamh</b> | <b>Costais Reatha</b> | <b>Cíos</b> | <b>Iomlán</b> |
|----------------------|----------------------------|------------------|-----------------|-----------------------|-------------|---------------|
|                      | £4,000                     |                  |                 |                       |             |               |
| <b><u>Iomlán</u></b> | £4,000                     |                  |                 |                       |             | <b>£4,000</b> |

| <b>Bliain 2</b>      | <b>Costais Tionscnaimh</b> | <b>Tuarastal</b> | <b>Trealamh</b> | <b>Costais Reatha</b> | <b>Cíos</b>    | <b>Iomlán</b>  |
|----------------------|----------------------------|------------------|-----------------|-----------------------|----------------|----------------|
|                      |                            | £17,000          | £5,000          | £5,000                | £10,000        |                |
| <b><u>Iomlán</u></b> |                            | <b>£17,000</b>   | <b>£5,000</b>   | <b>£5,000</b>         | <b>£10,000</b> | <b>£37,000</b> |

| <b>Bliain 3</b>      | <b>Costais Tionscnaimh</b> | <b>Tuarastal</b> | <b>Trealamh</b> | <b>Costais Reatha</b> | <b>Cíos</b>    | <b>Iomlán</b>  |
|----------------------|----------------------------|------------------|-----------------|-----------------------|----------------|----------------|
|                      |                            | £17,000          |                 | £5,000                | £10,000        |                |
| <b><u>Iomlán</u></b> |                            | <b>£17,000</b>   |                 | <b>£5,000</b>         | <b>£10,000</b> | <b>£32,000</b> |

| <b><u>Iomlán thar trí bliana</u></b> | <b>Costais Tionscnaimh</b> | <b>Tuarastal</b> | <b>Trealamh</b> | <b>Costais Reatha</b> | <b>Cíos</b> | <b>Iomlán</b>  |
|--------------------------------------|----------------------------|------------------|-----------------|-----------------------|-------------|----------------|
|                                      | £4,000                     | £34,000          | £5,000          | £10,000               | £20,000     | <b>£73,000</b> |

**Nóta Eolais**

**Uimh. Thag.:** 1401077  
**Ainm:** An tÁisaonad – Maoiniú Tionscadail

**Buiséad leasaithe iarrtha don tréimhse anuas go 31 Nollaig 2015**

|                                        | <b>2015</b><br>Iomlán ceadaithe ag<br>cruinniú boird<br>12/12/14 don<br>tréimhse 1 Eanáir<br>2015 go 31 Nollaig<br>2015 | <b>2015</b><br><b>Leasú Iarrtha</b><br>27/11/2015 don<br>tréimhse 1 Eanáir<br>2015 go 31 Nollaig<br>2015 |
|----------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Tuarastail</b>                      | <b>£</b>                                                                                                                | <b>£</b>                                                                                                 |
| <b>Bainisteoir</b><br>(SL)             |                                                                                                                         |                                                                                                          |
| <b>Aistritheoir Sinsearach</b><br>(SL) |                                                                                                                         |                                                                                                          |
| <b>Comhairleoir Oideachais</b><br>(SL) |                                                                                                                         |                                                                                                          |
| <b>Oifigeach Riaracháin</b><br>(5)     |                                                                                                                         |                                                                                                          |
| <b>Oifigeach Riaracháin</b><br>(4)     |                                                                                                                         |                                                                                                          |
| <b>Fo-Iomlán</b>                       | <b>£196,234</b>                                                                                                         | <b>£196,234</b>                                                                                          |
|                                        |                                                                                                                         |                                                                                                          |
| <b>Costais Reatha</b>                  |                                                                                                                         |                                                                                                          |
| Taisteal agus cothabháil               | £1800                                                                                                                   |                                                                                                          |
| Costais reatha agus riaracháin         | £10,200                                                                                                                 |                                                                                                          |
| <b>Fo-Iomlán</b>                       |                                                                                                                         |                                                                                                          |
|                                        |                                                                                                                         |                                                                                                          |
| <b>Imeachtaí / Tionscadail</b>         |                                                                                                                         |                                                                                                          |
| Clár Luath-Léitheoireachta             | £14,906                                                                                                                 |                                                                                                          |
| Cluichí Mata                           | £13,700                                                                                                                 | <b>£12,100</b>                                                                                           |
| <b>Múinteoirí don bhandáil leabhar</b> |                                                                                                                         | <b>£1,600</b>                                                                                            |
| Leabhair Mhóra                         | £47,000                                                                                                                 | <b>£21,000</b>                                                                                           |
| <b>Leabhair Nua/Athchló</b>            |                                                                                                                         | <b>£26,000</b>                                                                                           |
| <b>Fo-Iomlán</b>                       | <b>£75,606</b>                                                                                                          | <b>£75,606</b>                                                                                           |
| <b>Iomlán</b>                          | <b>£283,840</b>                                                                                                         | <b>£283,840</b>                                                                                          |
|                                        |                                                                                                                         |                                                                                                          |
|                                        |                                                                                                                         |                                                                                                          |
|                                        |                                                                                                                         |                                                                                                          |
|                                        |                                                                                                                         |                                                                                                          |

## Eolas ar na leabhair ón Áisaonad

### Leabhair Nua

Puffin

*Funnybones*

Collins

*The Whisperer*

*Fix-it Duck*

*Duck in the Truck*

### Céim ar Chéim

McGraw-Hill

*Cé ata ar an Fheirm*

*Urú*

*Mo Leabhar Féin*

### Leabhair Chaibidle

McGraw-Hill

*Tóraíocht Taisce*

*Seacláid*

*Nuair a Tháinig Micheál*

*Ní Mar sin a Cheaptar an Ghealach*

### Leabhair Mhóra

McGraw-Hill

*Luaithriona*

Collins

*An Leabhar Mór Neamhfhicsin A*

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Nóta:

Táimid ag fanacht le praghas de na leabhair nua. Tuigeann na foilsitheoirí an phráinn atá le praghas a fháil go luath agus tá said ag obair orthu.

An praghas atá i ndúch dearg is meastachán é bunaithe ar mheastacháin a fuair muid le déanaí. Baineann an praghas le líon na leabhar agus an méid a dhéantar san aon ordú amháin. Tá iarratas ag na foilsitheoirí le praghas cruinn do gach ordú a sholáthar.

**Cúis leis an leasú:**

Seo a leanas an méid atá curtha in iúl ag an Áisaonad mar gheall ar an leasú buiséid atá iarrtha:

Bhí £47,000 curtha in áirithe do dhá leabhar mhóra, bunaithe ar an phraghas a fuair muid ó fhoilsitheoirí ar a chómhaith roimhe. D'éirigh linn praghas de £21,000 a aontú (ceol san áireamh), rud a fhágann go bhfuil £26,000 fágtha as an bhuiséad sin. Ba mhaith linn an t-airgead a chaitheamh ar leabhair atá faoi réir againn nó ar líon beag leabhar atá le hathchló. Tá meastacháin iarrtha againn ar roinnt foilsitheoirí.

Chomh maith leis sin, bheadh £1,600 ar leataobh ón togra 'Cluichí Mata'. Ba mhaith linn sin a úsáid le haghaidh an togra 'Bandáil Leabhar'.

**Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú buiséid seo ar an 8 Nollaig, 2015.**

## **Déanmhas Bhord Agallaimh – Uasdátú 15 04 2016**

Is é seo déanmhas molta le haghaidh Bord agallaimh i bhForas na Gaeilge ag gach leibhéal.

1. **Príomhfheidhmeannach** – Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird, nó ionadaí ainmnithe ag an Bhord, Ionadaí ó na Ranna Urraíochta (2) agus beirt eile atá aitheanta i saol na Gaeilge. Ba cheart duine acu sin a bheith ag obair ag an tríú leibhéal. Breathnóir neamhspleách. (Uasmhéid 7)
2. **Stiúrthóir** – Cathaoirleach an Bhoird, An Príomhfheidhmeannach agus triúr eile atá aitheanta i saol na Gaeilge. Ba cheart baint a bheith ag na hionadaithe neamhspleácha leis an réimse lena mbaineann an folúntas. Breathnóir neamhspleách. (Uasmhéid 6)
3. **Clárbhainisteoir / Eagarthóir Sinsearach** – An Príomhfheidhmeannach, An Stiúrthóir cuí agus beirt eile atá aitheanta i saol na Gaeilge. Ba cheart baint a bheith ag na hionadaithe neamhspleácha leis an réimse lena mbaineann an folúntas. Breathnóir neamhspleách. (Uasmhéid 5)
4. **Ardoifigeach Feidhmiúcháin (AOF) / Eagarthóir** – An Stiúrthóir cuí, An Clárbhainisteoir cuí agus duine neamhspleách le Gaeilge. Ba cheart baint a bheith ag an ionadaí neamhspleách leis an réimse lena mbaineann an folúntas. Breathnóir neamhspleách. (Uasmhéid 4)
5. **Oifigeach Feidhmiúcháin (OF) / Eagarthóir Cúnta** – An Clárbhainisteoir agus AOF / Eagarthóir cuí agus duine neamhspleách le Gaeilge. Ba cheart baint a bheith ag an ionadaí neamhspleácha leis an réimse lena mbaineann an folúntas. Breathnóir neamhspleách. (Uasmhéid 4)
6. **Oifigeach Cléireachais (OC)** - An Clárbhainisteoir agus AOF cuí – ní gá go mbeadh an dara AOF ach amháin sa chás go ndéantar cinneadh go bhfuil gá leis. Breathnóir neamhspleách. (Uasmhéid 4)

### **Rialacha Uilíocha Eile**

- Níor chóir go n-iarrfaí ar fhostaí feidhmiú ar phainéal agallaimh má tá a bpost buan féin á líonadh agus iad ag éirí as an ról atá acu le Foras na Gaeilge.
- I gcás fostaí atá ag feidhmiú go sealadach ag leibhéal níos airde, níor chóir don fostaí sin a bheith ar phainéal agallaimh le plé leis an bpost saineiúil buan atá acu féin a líonadh.

*\* Bheadh aon chás eisceachtúil le plé leis an Rannóg Acmhainní Daonna agus is ag an SSC a bheidh an cinneadh deireanach maidir le haon cás.*



Foras na Gaeilge

## Treoirlínte - Taisteal & Cothabháil

### 1. CUSPÓIR

Cúiteoidh **Foras na Gaeilge** costais a tabhaíodh ó riachtanas le ball foirne a údaraíodh taisteal ar Gnó. Ní mór na costais a éilítear a bheith ag teacht leis na treoirlínte ginearálta agus sonracha seo a leanas:

### 2. TREOIRLÍNTE GINEARÁLTA

- Ní íocfar costais fostaí de chuid Foras na Gaeilge a tabhaíodh de bharr taisteal ar gnó gan réamhcheadú i scríbhinn i gcónaí (ar an fhoirm Plean Taistil atá ar fáil ón Stiúrthoireacht Seirbhísí Corparáideacha) an Chlár bhainisteora, Stiúrthóra ábhartha nó an Phríomhfheidhmeannaigh.
- Lasmuigh de chruinnithe oifigiúla de chuid an Bhoird, nó fo-choistí an Bhoird, ní íocfar costais Comhaltaí Boird de chuid Foras na Gaeilge a tabhaíodh de bharr taisteal ar gnó gan réamhaontú i gcónaí ón bPríomhfheidhmeannach.
- Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go bhfuil éilimh ar chostais Taistil agus Chothaithe dá Stiúrthoireachtaí réasúnta i ngach toisc agus go bhfuil luach ar airgead ag dul leo i dtéarmaí cuspóirí Gnó gaolmhara, sin le rá ní mór socruithe taistil a phleanáil ar an dóigh is eacnamúla i gcomhréir riachtanas oibríochtúil.
- Tá an Cathaoirleach (le chomhairle ón Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha más gá) freagrach as a chinntiú go bhfuil éilimh ar chostais Taistil agus Chothaithe don Phríomhfheidhmeannach réasúnta i ngach toisc agus go bhfuil luach ar airgead ag dul leo i dtéarmaí cuspóirí Gnó gaolmhara, sin le rá ní mór socruithe taistil a phleanáil ar an dóigh is eacnamúla i gcomhréir riachtanas oibríochtúil.
- Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as a chinntiú go bhfuil éilimh ar chostais Taistil agus Chothaithe na gComhaltaí Boird réasúnta i ngach toisc agus go bhfuil luach ar airgead ag dul leo i dtéarmaí cuspóirí Gnó gaolmhara, sin le rá ní mór socruithe taistil a phleanáil ar an dóigh is eacnamúla i gcomhréir riachtanas oibríochtúil.

- Ní mór éilimh foirne a bheith déanta ar na foirmeacha cuí. Ní mór na foirmeacha a bheith comhlánaithe go hiomlán agus mar is cuí, i seicheamh de réir dátaí oibrithe lena n-áirítear am imeachta/fillte ar ais, mar aon leis an Fhoirm Plean Taistil shínithe agus cuntais móide admhálacha do mhíreanna a bhfuiltear ag déanamh éilimh ina leith, mar shampla cóiríocht, ticéid traenach srl... Ní theastaíonn admhálacha i leith éileamh ar na liúntais chothaithe (féach in Aguisín 1 & 2 le haghaidh rátaí i bhfeidhm in oifigí ó dheas agus rátaí ó thuaidh, faoi seach).
- Ba chóir aon chaiteachas in airgeadra coigríche, (i.e. airgeadra eile seachas an t-airgead atá sa dhlínse ina bhfuil an fostaí fostaithe) a aistriú go dtí an t-airgeadra atá i bhfeidhm sa dhlínse ag úsáid an ráta malairte an lae a rinneadh an caiteachas. Ba chóir na rátaí seo a fháil ó shuíomh idirlíon an ECB (<http://www.ecb.int/stats/exchange/eurofxref/html/eurofxref-graph-gbp.en.html>)
- Ní mór do bhaill foirne beaichte a n-éileamh ar chostais a chinntiú sula gcuireann siad isteach iad le haghaidh aisíocaíochta. Ní aisíocfaidh an Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha ach an méid cruinn is iníoctha, agus an méid sin amháin.
- Ní mór foirmeacha éilimh ar Thaisteal agus Chothú a bheith ceadaithe ag an Chlár bhainisteoir / Stiúrthóir chuí nó ag an Phríomhfheidhmeannach.
- Ní mór éilimh ar Thaisteal agus Chothú a bheith comhadaithe **laistigh de thríocha lá** ón taisteal ar an fhoirm éilimh Taistil agus Chothaithe.
- **Is é iompar poiblí** an modh taistil molta muna n-éilíonn riachtanais ghnó a mhalairt.
- Tá na rátaí cúitimh i leith cothaithe agus míleáiste chairr bunaithe ar chiorcláin na Ranna don dá dhlínse faoi seach. Is féidir cóipeanna a fháil ón Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha. Is de réir rátaí ceadaithe is féidir íocaíocht a dhéanamh, agus dá réir siúd amháin.
- Níl cead ag baill foirne éileamh a dhéanamh ar an chostas taistil idir an teach acu agus an oifig bíodh sin d'iompar poiblí nó príobháideach.

### 3. TREOIRLÍNTE SONRACHA

#### **A Aerthaisteal**

- Éilíonn aerthaisteal réamhcheadú sonrach ón Stiúrthóir cuí.

- Is gnách go mbeidh aerthaisteal ar na rátaí Barainne, muna bhfuil cás eisceachtúil/éigeandála i gceist agus go réamhcheadaíonn an Príomhfheidhmeannach an ráta Gnó i scríbhinn.
- Éilíonn taisteal thar lear réamhheadú an Phríomhfheidhmeannaigh.
- NÍ CHEADAÍTEAR AON AERTHAISTEAL PRÍOMHA NÓ CHÉAD GHRÁID.
- I gcás aerthaistil, ní mór comhdhuille an ticéid aerlíne a cheangal den fhoirm éilimh.

## **B Óstán**

- Sa chás go bhfuil cóiríocht á haisíoc go díreach ag ***Foras na Gaeilge***, ní mór gurb í Steph Uí Choinne nó Máire Ní Laoire a chuireann an chóiríocht in áirithe.

## **C Iarnród**

- Is gnáth gur ar Ráta Grád Caighdeánach a bheidh an taisteal uile.

## **D Cairr Phríobháideacha/Míleáiste**

- Aisíoctar Míleáiste Cairr ag na rátaí ceadaithe sa dhlínse ina bhfuil an duine fostaithe.
- Is í an bhliain aisíoctha, chun críocha míleáiste cairr, ná Eanáir go Nollaig, agus, dá bhrí sin ní mór do bhaill foirne taifead a choinneáil ar a míleáiste charnach sa bliain lena chinntiú go n-éilítear an mhíleáiste cheart.
- Tá baill foirne freagrach as a socruithe féin maidir le hárachais mótaí agus iad ar gnó, agus, dá bhrí sin, ba chóir dóibh seiceáil lena soláthróir árachais féin go bhfuil siad cumhdaithe chun a bhfeithiclí a úsáid ar gnó. Ní ghlacann Foras Na Gaeilge le haon dliteanas muna bhfuil ball foirne cumhdaithe dá réir.
- Ní mór do bhaill foirne cóip den cháipéis Uimhir Chláraithe Chairr acu a sholáthar don Stiúrtóireacht Seirbhísí Corparáideacha, mar fhíorú ar an ráta míleáiste a éilíodh.

- Ní mór taisteal a dhéanamh ar an bhealach is giorra is indéanta. Agus éilimh á ndéanamh, NÍ MÓR sonraí iomlána cúrsa taistil a thabhairt. **Ní íoctar i leith turas ball foirne idir an baile acu agus an oifig.**
- Taobhaíonn Foras Na Gaeilge le baill foirne gan carrthaisteal IOMARCACH in aon lá amháin, m.sh. Baile Átha Cliath go Dún na nGall agus ar ais – ar chúiseanna Sláinte & Sábháilteachta foirne.

### **E Cairr ar Cíos**

- Níor chóir carr ar cíos a thabhairt san áireamh ach amháin más é a ofráilann an dóigh is éifeachtaí agus is eacnamúla chun an tasc a chur i gcrích.
- Ní mór cead a fháil ó Shane Ó hEidhin, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha le carr ar thógáil ar cíos.
- Íocfaidh Foras Na Gaeilge na costais ar ais leat ach iad a bheith aontaithe roimh ré. Is gá réamhcheadú a fháil ón Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha.
- Ní mór i gcónaí a lua go soiléir cén fáth a bhfuil carr ar cíos ag teastáil.
- Is féidir na costais artola ar thurais ghnó i gcairr ar cíos a éileamh ar chostais phearsanta. **Ní mór admhálacha, ar a mbeidh uimhir chláraithe an chairr agus sonraí turais, a bheith istigh leis an éileamh.**
- Séanadh Árachais i gComhaontuithe Cairr ar Cíos
  - ❑ I gcás carr a ghlactar amach ar cíos ar son Fhoras na Gaeilge, tá sé riachtanach go nglactar amach Árachas Tarscaoilte Damáiste Imbhualtha chomh maith. Tá an riachtanas seo curtha in iúl do chomhlachtaí a bhíonn á n-úsáid ag Foras Na Gaeilge.
  - ❑ Nuair a cheannaítear Árachas Tarscaoilte Damáiste Imbhualtha, scaoiltear Foras Na Gaeilge ó gach dliteanas i gcás timpiste, muna ndearnadh aon sárú ar théarmaí an chomhaontaithe chíosa.

### **F Taisteal Teaghlaigh**

- Ní gnáthchleachtas é seo. Dá bhrí sin, ní féidir le baill foirne éilimh a dhéanamh i leith costas breise a tábhaíodh de bhrí go raibh céile nó teaghlach á dtionlacan ar gnó.

### **G Táillí Páirceála agus Garáiste**

- Ceadaítear táillí páirceála aerfoirt, carrchlóis agus méadair pháirceála, má thabhaítear iad mar gheall ar thaisteal ar gnó ceadaithe. IS FÉIDIR go n-íocfar táillí páirceála cairr nó garáiste thar oíche le hoifigeach ag taisteal ar gnó ceadaithe (agus nuair is muirear seasta atá i gceist) ag brath ar na himthosca.

**NÍ MÓR dearbháin/admhálacha a chur isteach mar thacaíocht le gach éileamh a dhéantar.** Tá gach páirceáil ag riosca an úinéara féin agus ní ghlacann Foras Na Gaeilge le haon dliteanas.

## **H Glaonna Fóin**

- Mar gheall ar an chostas an-ard a bhaineann le glaonna ó óstáin srl, ba chóir cártaí fóin nó gutháin phóca a úsáid, de réir mar is cuí.

## **I Tacsaithe**

- Is féidir tacsaithe a úsáid ar ghnó ceadaithe i gcás práinne agus muna bhfuil aon rogha oiriúnach eile ar fáil. **Ní mór admháil a fháil muna ngearrtar ar chuntas Fhoras na Gaeilge é.**
- Ceadaítear tacsaithe a úsáid chuig/ó aerfoirt, stáisiúin traenach, agus críochfoirt iompair eile muna bhfuil seirbhís iompair phoiblí shásúil mhalartach ann, agus sa chás sin amháin.
- Ceadaítear tacsaithe a úsáid ón bhaile go dtí an oifig nó ón oifig go baile in imthosca eisceachtúla, agus sna cásanna sin amháin m.sh. baill foirne gan aon mhodh iompair pearsanta acu agus iad gafa le hobair cheadaithe oifige i ndiaidh uaireanta oibre.
- Ní mór admhálacha i leith táillí tacsaithe a íocadh agus sonraí faoi thurais a rinneadh a bheith istigh le héilimh ar chostais. Maidir le taisteal gnó i mBaile Átha Cliath ní mór do bhaill foirne comhlachtaí tacsaithe ainmnithe a úsáid – tá sonraí agus tagairtí cuntais ar fáil ón Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, más gá.

## **J Cártaí Creidmheasa**

- Is féidir le baill foirne cártaí creidmheasa a úsáid chun cuntais a ghlanadh. Is féidir éileamh a chur isteach ar an Táille Bhliantúil i leith aon chárta amháin, má úsáidtear go minic é ar ghnó Fhoras na Gaeilge.
- Ní mór gach costas a chuirtear isteach de bharr cárta creidmheasa a úsáid a bheith doiciméadaithe ina iomláine trí chuntas mionsonraithe a sholáthar; tá sé de fhreagracht ar an duine a chuireann isteach éileamh a chinntiú go bhfuil an comhdhuille cárta creidmheasa in ord – dáta ceart, srl. Beidh an admháil lena mbaineann an chaiteachas ag teastáil chomh maith mar chuid den éileamh. Is ar an bhonn seo amháin a ghlacfar le costais Chárta Creidmheasa.
- Ar chúiseanna slándála is féidir gur sábháiltí é cárta creidmheasa a úsáid seachas airgead a iompar le linn bheith amuigh ar gnó.

## **K Coireanna Tiomána**

- Bítear ag súil leis go gcloífidh baill foirne le gnáthdhlíthe tiomána na tíre. Is de fhreagracht an bhaill foirne a bheadh i gceist é aon sárú lena mbainfeadh pionóis airgeadais.

## **L Liúntais Chothaithe**

Is iníoctha na liúntais chothaithe ar bhonn neamhadmhála.

TABHAIR AR AIRD – tá na rialacha agus na rialúcháin a rialaíonn liúntais chothaithe eisithe ag na Ranna agus tá siad i bhfeidhm fud fad na hEarnála Poiblí don dá dhlínse.

- Ní mór an láthair oibre a bhfuil cuairt á thabhairt uirthi a bheith níos mó ná cúig mhíle ón ghnáthláthair oibre le gurb iníoctha liúntas cothaithe. Cumhdaíonn liúntais chothaithe gach costas cóiríochta, béilí, agus costais theagmhasacha eile gan costais taistil san áireamh.
- Íoctar na liúntais chothaithe Ráta A le Clárbhainisteoir agus os a cheann sin agus Ráta B le gach ball foirne eile. Ach, má thaistealaíonn ball foirne Ráta B lena C(h)lárbhainisteoir nó os a cheann, beidh sé/sí i dteideal Ráta A.
- ***Liúntais Oíche***  
Íoctar Ráta 24 uair an chloig ag an ráta foilsithe nuair a bhíonn ball foirne ar shiúl óna g(h)náthláthair oibre ar feadh ceithre huairé fichead ar a laghad, chomh maith le haon tréimhse bhreise nach mó í ná cúig uaire an chloig, sin le rá ocht n-uaire fichead.

Is liúntas ‘uile-chuimsitheach’ é seo chun costas cóiríochta (L&B) móide dhá bhéile a chumhdach, agus seo uile ar bhonn NEAMHADMHÁLA.

Má éilíonn ball foirne an ráta 24 uair an chloig, ní cheadófar aon éileamh eile don tréimhse sin.

Má thabhaíonn ball foirne am BREISE de bhreis ar an 24 uair an chloig atá á éileamh, ní mór gur tréimhse de chúig uaire an chloig nó níos mó í chun cáiliú le haghaidh liúntais bhreise (sin le rá tá feidhm ag an ráta cúig uaire an chloig más cúig uaire an chloig nó níos mó an t-am breise a tabhaíodh, an ráta deich

n-uaire an chloig más é deich n-uaire an chloig nó níos mó an tréimhse atá i gceist)

- Is iníoctha **Liúntas Lae** ag na rátaí foilsithe nuair atá ball foirne ar shiúl ón ghnáthláthair oibre.

*Ráta Cúig Uaire an Chloig:* Ní mór do bhall foirne bheith as láthair ón ghnáthláthair oibre ar feadh cúig uaire an chloig nó níos mó. Cumhdaíonn an liúntas seo costas aon bhéile amháin (lón nó dinnéar).

*Ráta Deich nUaire an Chloig:* Ní mór do bhall foirne bheith as láthair ón ghnáthláthair oibre ar feadh deich n-uaire an chloig nó níos mó. Cumhdaíonn an liúntas seo costas dhá bhéile (lón MÓIDE dinnéar).

Is é an ráta deich n-uaire an chloig an t-uasráta laethúil is iníoctha faoin chóras neamhadmhála, AGUS FAOI IMTHOSCA AR BITH NÍ FÉIDIR NA RÁTAÍ CÚIG UAIRE AGUS DEICH nUAIRE AN CHLOIG A ÉILEAMH IN AON LÁ AMHÁIN AR BITH.

Is é 12 meán oíche an t-am críochnaithe chun asláithreacht ón ghnáthláthair oibre a ríomh i leith na rátaí Cúig Uaire agus Deich nUaire an Chloig a éileamh.

Tá na rátaí agus na rialacha de réir an dlínse in Aguisín 1. Athraíonn siad seo ó am go ham nuair a eisíonn na Ranna treoir nua agus beidh siad seo ar fáil ón Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha dá réir.

**Miontuairiscí ón 143ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 20 Bealtaine 2016  
in oifigí Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Gaillimh.**

**I láthair:** S. M. Ó Domhnaill, M. Mac Ruairí, É. Ó Gribín, G. McElwain, S. Ó Coistealbha agus P. Callaghan.

**Leithscéalta:** S. Mac Donncha (Cathaoirleach), B. Ní Chofaigh agus S. Ó hArgáin.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

**Leithscéalta:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach) agus J. Ó Labhraí.

Ainmníodh M. Mac Ruairí mar Chathaoirleach ar an chruinniú toisc nach raibh an Cathaoirleach i láthair. Aontaíodh go n-athrófaí ord an chláir le go ndéanfaí ábhar ó Choiste na nDeontas a phlé ag deireadh an chruinnithe.

**01.143 COIMHLINT LEASA**

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon choimhlint leasa le nochtheadh ag aon duine agus gur cheart sin a dhéanamh ag tús an chruinnithe agus le linn an chruinnithe, de réir mar ba ghá. Chuir an Cathaoirleach agus É. Ó Gribín in iúl go raibh coimhlint leasa acu.

**02.143 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 15 Aibreán 2016 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl go raibh an Comhaontú Seirbhíse idir Foras na Gaeilge agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta sínithe anois. Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Phríomhfheidhmeannach leis na Ranna ar 13 Bealtaine ag ar pléadh ceist an bhuiséid, ciorruithe leanúnacha, post an Phríomhfheidhmeannaigh, na Líonraí Gaeilge agus cúrsaí foclóireachta. Iarradh nótaí ar an chruinniú sin agus aontaíodh go gcuirfí tuairisc ghairid ar fáil don Bhord ina leith.

Aontaíodh go mbeadh sé tábhachtach cruinnithe a shocrú le hurlabhraithe na bpáirtithe polaitíochta uilig agus Cathaoirleach an Bhoird nó comhalta Boird bheith i láthair ag na cruinnithe sin.

**03.143 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

**An Coiste Iniúchta**

Phléigh an Bord an clár rioscaí agus ghlac an Bord leis. Cuireadh in iúl go raibh botún ann mar gheall ar na dathanna agus gur cheart dearg bheith ann seachas oráiste. Nótáil an Bord an litir bhainistíochta ó oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir le cuntais 2014.

**An Coiste Forbartha**

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 18 Bealtaine ag ar pléadh agus ar glacadh le téarmaí tagartha an Choiste. Cuireadh in iúl gur pléadh an straitéis do thacaíocht don earnáil réamhscolaíochta agus gur glacadh léi. Cuireadh in iúl gur pléadh an plean gnó agus an plean corparáideach fosta. Ardaíodh ceist faoi na moltaí a rinne an Bord ar an phlean corparáideach agus cuireadh in iúl go raibh na moltaí sin

curtha san áireamh i gcáipéis ar na tosaíochtaí a tugadh don Choiste Forbartha. Cuireadh in iúl go raibh tuilleadh plé le déanamh ag an Choiste ar na tosaíochtaí sin agus go mbeadh cáipéis ina leith faoi bhráid an Bhoird ag deireadh mhí Iúil.

Mhol S. Ó Coistealbha arís go mbeadh deis ag an Bhord bualadh le foireann Fhoras na Gaeilge agus cuireadh in iúl go dtarlódh sin agus na cruinnithe Boird ar ais i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste.

#### **04.143 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 AIBREÁN AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2016**

Scaipeadh cóip de cháipéis a léirigh an staid reatha ó thaobh airgeadais de agus bhí plé ina leith. Cuireadh in iúl go raibh cúrsaí go maith san Áis ó thaobh díolacháin de ach go raibh an brabús íseal faoi láthair ach go n-ardófaí sin le linn an tsamhraidh mar is gnáth. Cuireadh in iúl go raibh deimhniú faighte ó na ranna maidir leis na fuílligh bainc. Cuireadh in iúl go raibh plé fós ar siúl leis na ranna maidir leis na cnapshuimeanna pinsean ach go raibh dóchas ann go dtiocfadh an tacaíocht bhreise.

Ardaíodh ceist an raibh rótharraingt ag Foras na Gaeilge agus cuireadh in iúl nach raibh faoin Mheamram Airgeadais. Cuireadh in iúl go raibh súil leanúnach á coinneáil ar an ráta malairte. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, aon athdháileadh buiséid a chur i bhfeidhm san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile. Moladh go dtabharfaí tús áite do na campaí samhraidh sa chás go mbeadh aon airgead le hathdháileadh agus ghlac an Bord leis an mholadh sin. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2016.

#### **05.143 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

#### **06.143 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA**

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc na hardbhainistíochta agus chuir an Leas-Phríomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh an Chomh-rúnaíocht ag iarraidh cruinnithe CATT a eagrú le linn mhí an Mheithimh. Tuigeann siad an phráinn a bhaineann le ceapacháin ar an Bhord agus Plean Gnó 2016 a fhaomhadh.
- Go raibh deireadh anois le RCEF agus tá Foras na Gaeilge anois faoin Roinn Pobal ó thuaidh.  
Tá REOG le hainmniú mar an Roinn Forbartha Réigiúnda, Gnóthaí Tuaithe, Ealaíon agus Gaeltachta ach ní tharlóidh sin go ceann cúpla mí nuair a rithfear Ionstraim Reachtúil.
- Go raibh ainmniúchán le déanamh ar 3 choiste de chuid an CNCM (NCCA):
  - Matamaitic bhunscoile le haghaidh naíonáin shóisearacha go dtí rang 2  
**Gráinne Dollard** Teangacha bunscoile le haghaidh rang 3 go rang 6.  
**Clódagh Ní Mhaoilchiaráin** Oideachas faoi reiligiúin agus faoi chreidimh (ORC) agus eitic le haghaidh naíonáin shóisearacha go dtí rang 2  
**Deirdre Ní Chonghaile**

Ghlac an Bord leis na hainmniúcháin sin agus aontaíodh go gcuirfí ar aghaidh chuig an CNCM iad.

- Gur tharla cruinniú monatóireachta leis na ranna ar an Luan 9 Bealtaine ag ar pléadh:
  - Buiséad, Líonraí Gaeilge, clár riosca, íocaíochtaí pinsean, postanna san Eoraip.
- Go rabhthas ag plé leis an REOG maidir leis an laghdú ar an riachtanas Gaeilge do choláistí oiliúna. Táthar ag súil cruinniú den Ghrúpa Oibre atá ag plé le cúrsaí oideachais faoin Straitéis 20 Bliain a thionól go luath agus beidh deis an t-ábhar seo a phlé leis an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) ag an chruinniú sin.
- Go seolfaí an dá shuíomh, Suíomh Tairsí agus Suíomh Corparáideach ar an Chéadaoin 29 Meitheamh san Áiléar Eolaíochta ag Coláiste na Tríonóide.
- Go raibh Bríd Ní Chonghóile ceaptha mar bhall seachtrach ar Choiste na nDeontas agus Áine Ní Chiaráin ar an Choiste Forbartha.

Moladh go bhfanfadh Bríd Ní Chonghóile agus Áine Ní Chiaráin mar bhaill sheachtracha go dtí deireadh na bliana 2016 agus ghlac an Bord leis an mholadh sin.

- Go raibh na ranna ag déanamh réidh le post an PF a fhógairt. An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a reáchtálfaidh an comórtas.
- Go raibh conradh an Iniúcháir Inmheánaigh istigh i mí Lúnasa agus go raibh próiseas tairisceana ar siúl faoi láthair. Is é an Coiste Iniúchta a cheapann an tIniúcháir Inmheánach.
- Go raibh glactha ag na ceardchumainn leis an Lámhleabhar Foirne agus scaipeadh ar an fhoireann é.
- Go raibh glactha ag C. Breathnach (Baile Átha Cliath) agus C. Mac Seáin (Gaoth Dobhair) leis an tairiscint don dá phost shealadacha mar Eagarthóir Cúnta.
- Ag cruinniú den Choiste Téarmaíochta aontaíodh dhá ainm le haghaidh baill nua a chur faoi bhráid an Bhoird:
  - Eithne Ní Ghallchobhair atá ag obair ar Fhoclóir na Nua-Ghaeilge san Acadamh Ríoga, agus
  - Andreas Vogel atá ag obair le Muintearas.

Ghlac an Bord leis an dá ainmniúchán sin.

- Go raibh tús curtha ag CCEA (An Chomhairle Churaclaim ó thuaidh) ar thogra trialach le teagasc na Gaeilge a chur chun cinn i mbunscoileanna Béarla (áiseanna, treoir agus oiliúint i gceist).
- Go raibh ceardlann le haghaidh Páirtithe Leasmhara sna forais Neamh-Rialtais ag Státseirbhís TÉ ar Chlár Gníomhaíochta an Rialtais ó thuaidh. Beidh Clár Gníomhaíochtaí an Rialtais bunaithe ar líon beag de thorthaí ardleibheil, agus

beidh súil le cur chuige comhpháirtíochta idir ranna agus forais, leis na torthaí sin a bhaint amach. Beifear ag súil go mbeidh Pleananna Gnó agus Corparáideacha ag teacht go hiomlán le Clár Gníomhaíochta an Rialtais. Beidh na torthaí sin le foilsiú nuair a bheidh na cainteanna idir páirtithe an Rialtais ó thuaidh réidh. Beidh tréimhse ansin de 3 mhí le haghaidh comhairliúcháin – go MF 2016.

- Tá Clár Gníomhaíochta na Rialtais foilsithe ó dheas agus an méid seo a leanas scríofa i leith na Gaeilge agus na Gaeltachta (Níl an leagan Gaeilge ar fáil):

*The Irish language is of crucial importance to our heritage and culture. The new Government needs to systematically implement the 20-Year Strategy for the Irish language, increase the number of people using Irish in their daily lives and ensure that Irish becomes a more visible language in today's society, both as a spoken language and also in areas such as signage and literature.*

*Among other measures, we will:*

- *Focus on job creation in the Gaeltacht, through Údarás na Gaeltachta*
- *Encourage the attendance by children in Irish-medium pre-schools or naíonraí in Gaeltacht areas*
- *Recognise the importance of the status of Irish as a full working language of the EU institutions and work towards ending the derogation, as circumstances allow*
- *Increase investment in the Irish language*

#### **07.143 COMHFHREAGRAS**

Thug an Bord suntas don chomhfhreagras a bhí ann.

#### **08.143 AON GHNÓ EILE**

Moladh don fheidhmeannas litir a chur chuig an ROS le buaireamh Fhoras na Gaeilge a chur in iúl faoin chinneadh gan an Foras Pátrúnachta a roghnú mar phátrún don bhunscoil úr atá le bunú i gceantar Dhroim Conrach/Marino i mBÁC, in ainneoin líon an-ard tuismitheoirí spéis a léiriú sa ghaeloideachas mar chuid de phróiseas roghnaithe pátrún na ROS.

Ardaíodh ceist faoi chathaoirleacht ar na cruinnithe Boird i ngeall ar nach raibh Leas-Chathaoirleach ceaptha fós agus moladh S. M. Ó Domhnaill mar Leas-Chathaoirleach eatramhach. Ghlac an Bord leis an mholadh sin. Moladh dá mbeadh an chéad chruinniú Boird eile le bheith i nGaillimh, go mbeadh sé ar siúl in oifig Mhuintearas, Leitir Móir, Gaillimh, ach an Cathaoirleach bheith sásta leis sin, agus ghlac an Bord leis an mholadh sin.

#### **03.143 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE (Ar lean)**

**Coiste na nDeontas**

**D'fhág É. Ó Gribín an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlínt leasa.**

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim na gCampaí Samhraidh do 2016 (**Aguisín 1 & Aguisín 2**). Moladh arís go dtabharfaí airgead ó haon athdháileadh buiséid do na campaí samhraidh agus ghlac an Bord leis an mholadh sin. **D'fhill É. Ó Gribín ag an phointe seo.**

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €7,000 a chur ar fáil do Chumann Mícheál Breathnach le haghaidh Iomáin Cholmcille 2016 (agus go gcuirfidh Bòrd na Gàidhlig €7,000 ar fáil freisin).

| Ainm Eagraíochta          | Uimhir thagartha | Méid iarrtha | Méid molta |
|---------------------------|------------------|--------------|------------|
| Cumann Mícheál Breathnach | CC16001          | €14,000      | €7,000     |

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £4,500 a chur ar fáil do Irish Pages le hathchló a dhéanamh ar *The Other Tongues: An Introduction to Writing in Irish, Scots Gaelic and Scots in Ulster and Scotland* (agus go gcuirfidh Bòrd na Gàidhlig £4,500 ar fáil freisin).

| Ainm Eagraíochta | Uimhir thagartha | Méid iarrtha | Méid molta |
|------------------|------------------|--------------|------------|
| Irish Pages      | CC15028          | £10,000      | £4,500     |

Ghlac an Bord leis na leasuithe molta ag Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge i leith rialacha agus chritéir Scéim na Foilsitheoireachta 2017 agus Scéim na dTionscadal Litríochta 2017 (**Aguisín 3**).

**D'fhág M. Mac Ruairí an cruinniú ag an phointe seo mar gheall ar bhaol coimhlínt leasa.**

Scaipeadh cáipéis uasdátaithe ar an SPG agus bhí plé ina leith. Ghlac an Bord leis an tuairisc maidir leis na moltaí don SPG (**Aguisín 4**).

---

**Marcas Mac Ruairí**  
**Leas-Chathaoirleach**  
**1 Iúil 2016**

## Aguisín 1

| Uimh. Thag. | Ainm an Eagrais                         | Ord<br>Tosaíochta | Méid Molta<br>€ | Méid Molta<br>£stg |
|-------------|-----------------------------------------|-------------------|-----------------|--------------------|
| 1601043.07  | Ballymana Irish Camp                    | 1                 | €2,515.00       |                    |
| 1601043.10  | Cairde na mBeann                        |                   |                 | £1,750.00          |
| 1601043.11  | Cairde Teo                              |                   |                 | £1,750.00          |
| 1601043.12  | Cairde Uí Néill                         | 1                 |                 | £1,750.00          |
| 1601043.15  | Campa Chormaic an Dúin                  | 1                 |                 | £1,750.00          |
| 1601043.17  | Campa Chormaic Co. Aontroma             | 1                 |                 | £1,750.00          |
| 1601043.19  | Campa Chormaic Dhoire                   | 1                 |                 | £1,750.00          |
| 1601043.21  | Campa Chormaic Thír Eoghain             | 1                 |                 | £1,750.00          |
| 1601043.26  | Club Óige Luraigh                       |                   |                 | £1,750.00          |
| 1601043.27  | Club Óige Mhachaire Botháin             | 1                 |                 | £1,750.00          |
| 1601043.29  | Club Óige Setanta                       | 1                 |                 | £1,750.00          |
| 1601043.31  | Club Spraoi                             |                   |                 | £1,750.00          |
| 1601043.32  | Coiste Cultúrtha C.L.G. Na Mí           | 1                 | €2,220.00       |                    |
| 1601043.36  | Coiste Forbartha Charn Tóchair          |                   |                 | £1,750.00          |
| 1601043.44  | Conradh na Gaeilge - Bealach an Doirín  | 1                 | €2,500.00       |                    |
| 1601043.45  | Conradh na Gaeilge - Boirche Íochtar    |                   |                 | £1,750.00          |
| 1601043.48  | Craobh na hAchréidh, Conradh na Gaeilge | 1                 | €2,500.00       |                    |
| 1601043.50  | Croí Éanna                              |                   |                 | £1,750.00          |
| 1601043.51  | Cultúrlann McAdam Ó Fiaich              |                   |                 | £1,000.00          |
| 1601043.52  | Cumann Chultúrtha Mhic Reachtain        |                   |                 | £1,750.00          |
| 1601043.53  | Cumann Iarscoil na gCrann               |                   |                 | £1,750.00          |
| 1601043.54  | Desart Lodge Nursery                    | 1                 |                 | £1,750.00          |
| 1601043.56  | Dominic's Community Centre              | 1                 | €1,210.00       |                    |
| 1601043.57  | Freedom Scoil Surfála                   | 1                 | €1,635.00       |                    |
| 1601043.60  | Gaeilge Locha Riach                     | 1                 | €1,745.00       |                    |
| 1601043.62  | Gaelphobal an Lorgan                    |                   |                 | £1,750.00          |
| 1601043.67  | Gaelscoil na Móna                       |                   |                 | £1,750.00          |
| 1601043.68  | Glór an Ghleanna                        | 1                 |                 | £1,750.00          |
| 1601043.70  | Glór an Tearmainn                       |                   |                 | £1,750.00          |
| 1601043.71  | Glór Dhún Geimhin                       |                   |                 | £1,750.00          |
| 1601043.72  | Glór na Móna                            | 1                 |                 | £1,750.00          |
| 1601043.74  | Glór Uachtar Tíre                       |                   |                 | £1,750.00          |
| 1601043.76  | Greencastle Youth Club                  | 1                 |                 | £1,750.00          |
| 1601043.79  | Ionad Uíbh Eachach                      | 1                 |                 | £1,750.00          |
| 1601043.81  | Lecanvey Community Centre               | 1                 | €2,400.00       |                    |
| 1601043.82  | Liliput Adventure Centre                | 1                 | €2,500.00       |                    |

|            |                                             |  |           |           |
|------------|---------------------------------------------|--|-----------|-----------|
| 1601043.86 | Naíscail an Traonaigh                       |  |           | £1,750.00 |
| 1601043.87 | Naíscail Éadain Mhóir                       |  |           | £1,750.00 |
| 1601043.89 | Ógras na hÓmaí                              |  |           | £1,750.00 |
| 1601043.92 | Seal Spraoi Dhún Geanainn                   |  |           | £1,750.00 |
| 1601043.93 | Spraoi agus Spórt Family Centre Limited     |  | €2,500.00 |           |
| 1601043.94 | St. Patrick's Youth Club / Community Centre |  |           | £1,750.00 |

|          |            |
|----------|------------|
| lomlán € | €21,725.00 |
| lomlán £ | £55,250.00 |

|             |             |
|-------------|-------------|
| £ > €       | €78,928.57  |
| lomlán in € | €100,653.57 |

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 6 & 9 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

## Aguisín 2

| Uimh. Thag. | Ainm an Eagrais | Ainm an Tionscadail               | Méid Molta € |
|-------------|-----------------|-----------------------------------|--------------|
| 1601044.02  | Ógras           | Campa Baile na Manach             | €1,867.00    |
| 1601044.03  | Ógras           | Campa Ógras Ráth Maoinis          | €1,931.00    |
| 1601044.04  | Ógras           | Campa Ógras Crioncal              | €1,755.00    |
| 1601044.05  | Ógras           | Campa Ógras Bhiorra               | €1,755.00    |
| 1601044.06  | Ógras           | Campa Gaelscoil Mhic Amhlaidh     | €2,107.00    |
| 1601044.07  | Ógras           | Campa Gaelscoil Dara              | €2,215.00    |
| 1601044.08  | Ógras           | Campa Ógras Nás na Ríogh          | €1,735.00    |
| 1601044.09  | Ógras           | Campa Marino                      | €1,884.00    |
| 1601044.10  | Ógras           | Campa Seanchill                   | €1,900.00    |
| 1601044.11  | Ógras           | Campa Óg-Ógras Thrá Lí            | €2,450.00    |
| 1601044.12  | Ógras           | Gníomh go Leith                   | €2,490.00    |
| 1601044.13  | Ógras           | Campa Óg-Ógras Bhaile Uí Thaidhg  | €2,420.00    |
| 1601044.14  | Ógras           | Campa Óg-Ógras Bhaile an Mhuilinn | €2,490.00    |
| 1601044.15  | Ógras           | Campa Óg-Ógras Lios Tuathail      | €2,460.00    |
| 1601044.16  | Ógras           | Campa Ógras Lusmá                 | €1,801.00    |
| 1601044.17  | Ógras           | Camp Óg-Ógras Luimnigh            | €2,500.00    |
| 1601044.18  | Ógras           | Campa Ógras Inis Córthaigh        | €1,791.00    |

€35,551.00

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 6 & 9 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

**Clár na Leabhar Gaeilge**

Tá roinnt leasuithe á moladh ag Coiste Chlár na Leabhar Gaeilge i leith rialacha agus critéir Scéim na Foilsitheoireachta 2017 agus Scéim na dTionscadail Litríochta 2017.

**Scéim na Foilsitheoireachta 2017**

- Táthar ag iarraidh béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le heagarthóireacht ar na leabhair agus chuige sin, moltar stíl tí nó polasaí eagarthóireachta a iarraidh ar na hiarrthóirí go léir faoin scéim agus seo a chur san áireamh sa mheasúnú a dhéanfar ar an iarratas. (leathanach 1, Critéir mheasúnaithe cáiliú do dheontas Grúpa A & B agus Grúpa C)
- Táthar freisin ag moladh go mbeidh sé mar chritéir mheasúnaithe d'fhoilsitheoirí nach raibh ag plé linn cheana go gcaithfear cruthúnas a chur ar fáil go mbeidh scileanna teanga Ghaeilge ag an iarrthóir nó comhairle chuige sin ar fáil dó/di. (leathanach 1, Critéir mheasúnaithe cáiliú do dheontas Grúpa C)
- Tá dhá mhionleasú déanta sna rialacha ar leathanach 2.

**Scéim na dTionscadal Litríochta 2017**

- Moltar tosaíocht a thabhairt do na hiarrthóirí atá ag léiriú tiomantas don Ghaeilge trína gcuid oibre go léir (leathanach 1, rialacha na scéime, leathanach 2 ar an bhfoirm iarratais agus leathanach 3, sna critéir mheasúnaithe).

Tuairisc ó Choiste na nDeontas chuig Bord Fhoras na Gaeilge

**Scéim Pobal Gaeilge 2016-2020**  
**Achoimre ar Phróiseas Measúnaithe**

- Scéim ceithre bliana uile-oileánda le ciste de €4,000,000 dírithe ar fhostú Oifigeach Forbartha Gaeilge (OFG) le bheith ag feidhmiú taobh istigh de phobal bríomhar Gaeilge.
- Príomhdhifríochtaí ón bhabhta reatha de SPG: fad ceithre bliana (3 bliana faoi láthair); uasmhéid de 26 deontaí inmhaoinithe (19 deontaí faoi láthair); athrú fócais ar an scéim ag eascairt as próiseas comhairliúcháin (gréasáin agus forais); ról éascaíochta an OFG le díriú ar pháirtithe eile; aitheantas tugtha do bhlianta seirbhíse an OFG reatha ag iarratasóirí; uasmhéid maoinithe ar fáil do chostais tuarastail ag leibhéal 80% den ghrád ábhartha (100% faoi láthair); uasmhéid bliantúil inlorgtha ag tosú ar €37,000 / £30,000 (uasmhéid bliantúil de €70,000 / £60,000 ón bhabhta deireanach)
- Réamhshonraíodh uasmhéideanna inlorgtha do ghnéithe faoi leith de mheastacháin iarratas, ina measc: Costais Fhostaíochta (de réir scálaí tugtha), Costais Reatha (suas go €4,000 / £3,250), agus Síolchiste don Phlean Oibre (idir €1,000-€7,500).
- Fógraíodh an scéim agus bhí 5 seachtaine tugtha ag iarratasóirí foirmeacha iarratais a chomhlánú faoin spriocdháta de 17 Nollaig 2015.
- Bhí 29 iarratas faighte fán spriocdháta agus luach iomlán de €4,685,264 á lorg.
- Iarratas faighte ó 18 den 19 deontaí reatha agus 11 iarratas eile faighte ó iarratasóirí nua.
- Ar treoir ón Roinn Cultúir, Ealaíon & Fóillíochta, scríobhadh chuig gach iarratasóir ar 03 Feabhra 2016 chun cur in iúl (i) go mbeidh €16,000 / £13,000 sa bhreis ar aon tairiscint deontais ar fáil d'iarratasóirí rathúla agus (ii) nach mbeidh cosc feasta ag aon iarratasóir rathúil cur isteach go díreach ar scéimeanna eile Fhoras na Gaeilge.
- Dícháilíodh 4 iarratas de na 29 a fuarthas – 3 a bhí mall agus ceann amháin nár chomhlánaigh an fhoirm iarratais.

**An Próiseas measúnaithe**

- Rinneadh measúnú ar na hiarratais agus cuireadh na measúnaithe faoi bhráid na Stiúrthóirí. Leigh na Stiúrthóirí na measúnaithe agus iarradh athmheasúnú a dhéanamh ar na hiarratais le níos mó sonraí agus fianaise a chur leis na measúnaithe.
- Rinneadh sin ach chonacthas go raibh bearnaí ann i gcónaí ar roinnt iarratais.
- Iarradh athmheasúnú eile ach is beag an difear a rinne sin.
- Aithníodh ón osradharc ar na hiarratais gur chruthaigh cur chuige nua na scéime dúshlán do roinnt iarratasóirí cloí go docht leis na treoirlínte agus critéir mar a foilsíodh.

- Scrúdaíodh an próiseas scéime agus torthaí an mheasúnaithe ag cruinnithe Stiúrthóirí ar 20, 22 agus 25 Aibreán aontaíodh ar chur chuige a bhí pléite le cathaoirleach an Bhoird.

### **Moladh:**

Tá roinnt de na hiarratais atá go maith agus réidh le faomhadh agus cuid eile a bhfuil tuilleadh eolais le fáil uathu i leith cur i bhfeidhm pleananna s'acu i bhfianaise an chur chuige nua. Moltar faomhadh a dhéanamh ar thorthaí an phróisis mheasúnaithe mar atá tugtha sa tábla thíos. Beidh maoiniú bhliain 2 ag brath ar fheidhmiú sásúil le linn bhliain 1 agus ar aghaidh mar sin.

### **TÁBLA**

|                                                          |                          |
|----------------------------------------------------------|--------------------------|
| An Cumann Gaelach Muineachán<br><b>€170,000</b>          | €154,000 móide €16,000 - |
| Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar<br><b>£137,500</b>   | £124,500 móide £13,000 - |
| Ionadh Uíbh Eachach<br><b>£137,500</b>                   | £124,500 móide £13,000 - |
| Gael-Fhorbairt na Gaillimhe<br><b>€170,000</b>           | €154,000 móide €16,000 - |
| Pobal Ar A'n Iúl<br><b>£132,880</b>                      | £119,880 móide £13,000 - |
| Coiste Forbartha Charn Tóchair<br><b>£137,500</b>        | £124,500 móide £13,000 - |
| Cairde Uí Néill<br><b>£137,500</b>                       | £124,500 móide £13,000 - |
| Glór na Spéiríní<br><b>£134,693</b>                      | £121,693 móide £13,000 - |
| An Clár as Gaeilge<br><b>€170,000</b>                    | €154,000 móide €16,000 - |
| Cairde Teo<br><b>£137,500</b>                            | £124,500 móide £13,000 - |
| Conradh na Gaeilge, Craobh an Aonaigh<br><b>€170,000</b> | €154,000 móide €16,000 - |

Muintir Chrónáin Teo.  
**€170,000**

€154,000 móide €16,000 -

Glór na Móna  
**£135,926**

£122,926 móide £13,000 -

Moltar tuilleadh plé a dhéanamh leis na grúpaí thíos leis na pleananna s'acu a chur in oiriúint don chur chuige nua. Moltar coicís a thabhairt do na grúpaí seo plean nua a chur isteach agus go ndéanfaí measúnú orthu sin agus teacht ar ais chuig an Bhord i mí Iúil le moladh maidir le maoiniú.

### **TÁBLA**

Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain

An Droichead

Club Chonradh na Gaeilge

Cumann Gaelach na hEaglaise

Glór Dhún Geimhin

Glór Cheatharlach

Cumann Gaelach Leath Chathail

Ionad na Fuiseoige

Coiste Dúiche Mhaigh Eo

Glór Uachtar Tíre

Gaelphobal Cheantar an tSratha Báin

Gaeilge Locha Riach

|                                  |
|----------------------------------|
| Siniú Chathaoirleach an Choiste: |
| Dáta : 6 Bealtaine 2016          |

**Miontuairiscí ón 144ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 1 Iúil 2016 i  
gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** M. Mac Ruairí, S. M. Ó Domhnaill, É. Ó Gribín, G. McElwain, B. Ní Chofaigh, S. Ó Coistealbha, S. Ó hArgáin agus R. Ní Laoghaire.

**Leithscéalta:** P. Callaghan agus C. McGuinness.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí agus S. Uí Choinne.

**Leithscéal:** S. Ó hEidhin

Ritheadh rún comhbhróin mar gheall ar bhás Sheosaimh Mhic Dhonncha, Cathaoirleach an Bhoird agus iar-Phríomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge.

Cuireadh fáilte roimh R. Ní Laoghaire chuig a céad chruinniú Boird. Cuireadh in iúl gur ceapadh C. McGuinness fosta ach nach raibh sé ar a chumas bheith i láthair inniu.

**07.144 TUAIRISC ÓN CHRUINNIÚ DEN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS AR 24 MEITHEAMH**

Chuir M. Mac Ruairí in iúl go raibh sé ag feidhmiú mar Chathaoirleach go dtí go gceapfaí Cathaoirleach nua mar gur cheap CATT é ina Leas-Chathaoirleach. Thagair sé do phost an Phríomhfheidhmeannaigh agus na hagallaimh agus chuir sé in iúl gur dócha go mbeadh sé ar an phainéal agallaimh mura mbeadh Cathaoirleach nua ceaptha faoin am. Iarradh cóip den chomhráiteas ón chruinniú CATT a bhí ann ar 24 Meitheamh 2016 agus chuir an PF in iúl gur scaip sé é go leictreonach ar 27 Meitheamh. D'iarr comhalta amháin cóip chrua agus dúirt an PF go ndéanfadh sé cóip a chló. Míníodh go raibh trí fholúntas le líonadh ó dheas, Cathaoirleach ina measc, agus trí fholúntas le líonadh ó thuaidh go fóill.

**01.144 COIMHLINT LEASA**

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon choimhlint leasa le nochtadh ag aon duine agus gur cheart sin a dhéanamh ag tús an chruinnithe nó le linn an chruinnithe, de réir mar ba ghá. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh coimhlint leasa aige féin agus aontaíodh go mbeadh S. M. Ó Domhnaill sa chathaoir nuair a d'fhágfadh an Cathaoirleach an cruinniú.

**02.144 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 20 Bealtaine 2016 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Ardaíodh ceist faoin bheirt bhall seachtrach a ceapadh ar Choiste na nDeontas agus ar an Choiste Forbartha agus léiríodh inné gur ceapadh iarchomhaltaí Boird seachas daoine úra. Míníodh gur lorgaíodh ainmneacha agus gurb é an Cathaoirleach, S. Mac Donncha agus an PF a roghnaigh an bheirt agus roghnaíodh iad mar go raibh taithí acu agus go mbeadh siad in ann feidhmiú go héifeachtach láithreach gan aon ionduchtú. Cuireadh in iúl go raibh fadhbanna córaim do chruinnithe Choiste na nDeontas agus an Choiste Forbartha agus go raibh taithí mhaith ag an bheirt bhall a roghnaíodh don dá choiste sin. Ardaíodh ceist faoi thréimhse bhallraíochta na beirte agus ar cheart iad bheith ann agus Bord iomlán in

áit. Aontaíodh go leasófaí na miontuairiscí lena léiriú go mbeidh an bheirt bhall seachtrach ann go deireadh na bliana 2016 seachas deireadh thréimhse reatha an Bhoird. Scaipeadh tuairisc ar an chruinniú a bhí ag an Phríomhfheidhmeannach leis na Ranna ar 13 Bealtaine mar eolas don Bhord.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go mbeadh deis ag an Bhord bualadh leis an fhoireann i ndiaidh an chruinnithe inniu.

### **03.144 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

#### **Coiste na nDeontas**

**D'fhág M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa agus chuaigh S. M. Ó Domhnaill sa chathaoir.**

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim Pobal Gaeilge 2016-2020 (**Aguisín 1**). Bhí plé ar an méid airgid a bhí ag dul ó thuaidh agus ó dheas, agus cuireadh in iúl go rabhthas ag iarraidh iarrthóirí a spreagadh ó cheantair nach raibh iarratais ag teacht uathu le ceardlanna srl. le blianta beaga anuas.

Moladh gur cheart tosaíocht a dhéanamh de bhuiséad Fhoras na Gaeilge agus stocaireacht a dhéanamh leis an Aire nua ina leith. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh cruinniú aige féin, É. Ó hArgáin agus ag S. M. Ó Domhnaill leis an Aire Stáit nua ag ar thug siad figiúirí dó a léirigh tionchar na gciorroithe buiséid ar fad. Chuir S. Ó Coistealbha in iúl gur cheart go raibh comhalta Boird ó dháilcheantair an Aire i láthair ag an chruinniú sin ach míníodh go raibh S. M. Ó Domhnaill i láthair toisc go raibh sé ag feidhmiú mar Leas-Chathaoirleach eatramhach ag an am sin. Cuireadh in iúl gur mhol an tAire Stáit cruinniú a lorg leis an Aire Humphreys agus go raibh sin lorgtha. Aontaíodh mír ar leith a bheith ar an chlár don chéad chruinniú eile le plé a dhéanamh ar bhuiséad na heagraíochta agus spréamh tíreolaíoch scéimeanna éagsúla na heagraíochta.

**D'fhill M. Mac Ruairí ag an phointe seo agus chuaigh sé sa chathaoir arís.**

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le Scéim na nImeachtaí Óige 2016-2017 (**Aguisín 2**). Cuireadh in iúl go mbeifí in ann 31 tionscadal breise a mhaoiniú dá mbeadh an buiséad ar fáil. Cuireadh in iúl go rabhthas ag iarraidh dul i bhfeidhm ar na pobail sna contaetha a bhí lag ó thaobh iarratas de.

Ghlac an Bord leis an leasú molta ar an Chiste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Náiscolaíochta (**Aguisín 3**). Moladh teagmháil a dhéanamh le Pobal (áisiúneacht maoinithe an Rialtais ó dheas) faoin chiste agus iarraidh orthu tabhairt faoina ndualgais. Moladh cruinniú a lorg leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus chuir S. Ó Coistealbha in iúl go mbeadh sé sásta freastal ar an chruinniú.

#### **An Coiste Forbartha**

Cuireadh in iúl gur pléadh an straitéis do thacaíocht don earnáil réamhscolaíochta go mion ag an Choiste Forbartha ar 18 Bealtaine 2016 agus gur glacadh léi. Cuireadh cóip den straitéis ar fáil sna cáipéisí mar eolas.

#### **An Coiste Iniúchta**

Scaip Cathaoirleach an Choiste Iniúchta tuairisc ar an chruinniú a bhí ag an Choiste ar 13 Meitheamh. Cuireadh in iúl go raibh conradh an Iniúcháin Inmheánaigh istigh i mí Lúnasa agus go raibh meitheal aontaithe le measúnú a dhéanamh ar na hiarratais ar an phróiseas tairisceana. Dúradh go mbeadh an toradh le roinnt leis an Bhord ag an chéad chruinniú eile

Phléigh an Bord tuairisc an Iniúcháir Inmheánaigh ar Rialú Inmheánach agus tuairisc an Iniúcháir Inmheánaigh ar na Ceanneagraíochtaí. Aontaíodh gurbh fhiú bheith bródúil as an dá thuairisc ach go gcaithfí na caighdeáin arda a chothú dá réir. Cuireadh in iúl go raibh sé le sonrú sna miontuairiscí gur nótáil an Bord an Ráiteas maidir le Rialúchán Inmheánach Airgeadais 2015 ag an chruinniú Boird ar 15 Aibreán 2016.

#### **04.144 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 BEALTAINÉ AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2016**

Scaipeadh cóip de cháipéis a léirigh an staid reatha ó thaobh airgeadais de agus bhí plé ina leith. Cuireadh in iúl go raibh díolacháin in Áis ag ardú anois go raibh tréimhse ghnóthach an tsamhraidh ann. Cuireadh in iúl go rabhtas ag coinneáil súil ar an ráta malairte. Aontaíodh go dtabharfaí tús áite do na himeachtaí óige sa chás go mbeadh aon airgead le hathdháileadh.

Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2016.

#### **05.144 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

#### **06.144 AN FOCLÓIR NUA BÉARLA GAELGE**

Tháinig P. Ó Mianáin agus C. Convery i láthair an chruinnithe.

Mheabhraigh an Cathaoirleach don Bhord an sceitheadh eolais a tharla in 2015 agus an damáiste a rinneadh do chlú na heagraíochta dá réir.

Phléigh an Bord an moladh maidir le tionscadal an Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge (FNBG). Cuireadh in iúl gur mheas an fhoireann go raibh bearnaí suntasacha san fhoclóir go fóill agus ó tharla go bhfuil buiséad Fhoras na Gaeilge teoranta in 2017, agus Caighdeán Athbhreithnithe á fhoilsiú i gceann seachtaine, ardaíodh an cheist an tosaíocht d'Fhoras na Gaeilge leagan clóite a chur amach in 2017. Cuireadh in iúl go raibh níos mó daoine ag úsáid foclóirí ar líne agus aipeanna agus gur chóir taighde a dhéanamh ar an éileamh a bheadh ann don leagan clóite. Moladh an leagan clóite a scaradh ón tionscadal reatha agus é a chur amach ag am níos fóirsteanaí. Léirigh an Bord inné i leith an leagain chlóite a chur siar, áfach.

Aontaíodh go gcuirfí an moladh maidir leis an leagan clóite den fhoclóir siar go dtí an chéad chruinniú Boird eile ar 29 Iúil 2016 le deis a thabhairt do chomhaltaí mionscrúdú a dhéanamh ar na cáipéisí. Iarradh go mbeadh tuairiscí ar thionscadal an fhoclóra le feiceáil ag an Bhord mar aon leis na figiúirí díolacháin maidir leis na foclóirí eile srl.

Phléigh an Bord an moladh maidir leis an líon aonad céille (AC) a mhéadú go dtí go 135,000 sa bhliain 2016. Is 90,000 an líon AC a bhí beartaithe sa bhunphlean den FNBG; bhí 130,000 AC ar líne faoi Mheitheamh 2016. Moladh an líon AC sa leagan ar líne a mhéadú go dtí 135,000 i mbliana. Ghlac an Bord leis an mholadh sin.

Phléigh an Bord an moladh maidir le híocaíocht bhreise a dhéanamh le IDM agus cuireadh in iúl go raibh buiséad aontaithe leo ach go raibh soláthar sa bhuiséad faofa don fhoclóir le go bhféadfadh íocaíocht bhreise suas go €20,000 a íoc leo. Ghlac an Bord leis an mholadh íocaíocht bhreise a dhéanamh le IDM i mbliana do €11,248 sa

bhreis ar an €20,000 a bhí ceadaithe cheana féin ag an Bhord ach go gcaithfí imní an Bhoird a léiriú i leith an dóigh ar chuir IDM eolas ar fáil dúinn.

Thug P. Ó Mianáin cur i láthair ar an fhís foclóireachta. D'fhág P. Ó Mianáin agus C. Convery an cruinniú.

#### **08.144 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA**

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc na hardbhainistíochta agus chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Gur tharla cruinniú CATT 24 Meitheamh:
  - Faomhadh Plean Gnó 2016,
  - Ceapadh Rosie Ní Laoghaire agus Conor McGuinness ar an Bhord,
  - Pléadh maoiniú Eorpach,
  - Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Fhoras Teanga,
  - Tugadh faomhadh do chur chuige maidir le ceapadh an Phríomhfheidhmeannaigh nua – tá Foras na Gaeilge ag dul a riar an phróisis: fógra a chur sna meáin, an cháipéisíocht a chur amach chuig iarrthóirí agus gach comhfhreagras a chur amach. Is iad na ranna a chuirfidh an cháipéisíocht ar fáil, an painéal agallaimh le chéile agus a chuirfidh moladh chuig an CATT maidir leis an cheapachán. Déanfaidh an Cathaoirleach toradh an phróisis a chur i láthair an Bhoird. Tá iarrtha ag an CATT ar an PF fanacht sa phost go dtí go bhfuil an PF nua in áit.
- Go raibh cruinniú ag an Leas-Chathaoirleach Eatramhach, an PF agus an SSF leis an Aire Stáit, S. Kyne T.D., ar 15 Meitheamh. Ag an chruinniú pléadh:
  - Obair Fhoras na Gaeilge agus mar a thacaíonn sin leis an Straitéis 20 Bliain,
  - Buiséad Fhoras na Gaeilge agus an tionchar atá ag na ciorruithe ar na scéimeanna éagsúla agus go háirithe líon na ndaoine óga atá ag cailleadh amach,
  - Ag eascairt as an phlé tá cruinniú lorgtha leis an Aire, H. Humphreys T.D., agus tá an tAire Stáit le freastal ar an chruinniú sin,
  - Foclóir Nua Béarla Gaeilge,
  - Líonraí agus Bailte Seirbhíse Gaeltachta,
  - Tá an tAire sásta na Teastais do Shéala an Aistriúcháin a bhronnadh (Dáta le socrú)
  - Ba mhaith leis an Aire teacht i láthair cruinniú de Bhord Fhoras na Gaeilge ar an 16 Meán Fómhair,
- Go raibh spriocanna an Fhoclóra Nua Béarla – Gaeilge maidir le líon iomlán aonad céille curtha i gcrích anois agus 130,000 AC beo ar líne.
- Go raibh maoiniú de €85K ceadaithe ag an REOG le cuidiú leis na Líonraí ó dheas agus na Bailte Seirbhíse Gaeltachta pleananna teanga a ullmhú. Go raibh ainmniúchán le déanamh ar Chomhairle na Gaelscolaíochta agus ar Chiste Craoltóireachta Thuaisceart Éireann. Moltar:
  - Comhairle na Gaelscolaíochta  
**S. Ó Coinne, Clár bhainisteoir Oideachais**
  - Ciste Craoltóireachta Thuaisceart Éireann  
**N. Ní Scolláin, Oifigeach foirne, Oifig Bhéal Feirste**

Ghlac an Bord leis an dá ainmniúchán sin.

- Gur leagadh Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil Bhliantúil an Fhorais Teanga 2015 sa dá dhlínse ar 23 Meitheamh 2016.
- Gur ag an chruinniú Boird (20/5/16) a aontaíodh tús áite a thabhairt do na Campaí Samhraidh in aon athdháileadh a thiocfadh chun cinn agus go mbeadh cead ag an Chathaoirleach agus an PF sin a cheadú.

Aimsíodh **€22,213** breise mar gheall ar athruithe i mbuiséid eile agus maoiniú nach mbeidh caite chun maoiniú a chur ar fáil do deich gcampa eile.

#### **Caithfidh an Bord na cinn seo a leanas a fhaomhadh**

| Uimhir thagartha | Ainm an Champa             | Méid Ceadaithe | Maoiniú eile        |
|------------------|----------------------------|----------------|---------------------|
| 1601043.01       | An Droichead               | £1,745         | £23,386.77 faoi SPG |
| 1601043.03       | An Gaeláras                | £1,750         | £176,623 i 2016     |
| 1601043.51*      | Cultúrlann McAdam Ó Fiaich | £1,000         | £143,293 i 2016     |

Thug an Bord faomhadh do na campaí thuasluaite; An Droichead, An Gaeláras agus Cultúrlann McAdam Ó Fiaich.

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le Scoláireacht Mhic Dhonncha (**Aguisín 4**). Moladh go n-eagrófaí ócáid in ómós dó ag Oireachtas na Samhna 2016 freisin agus aontaíodh go ndéanfaí an cheist sin a phlé le Ceannasaí Oireachtas na Gaeilge.

Scaipeadh cóip den mheamram maidir leis an chonradh do sheirbhísí stórála an Ghúim agus bhí plé ina leith. Ghlac an Bord leis an mholadh conradh cúig bliana a bhronnadh ar Johnston Logistics agus go n-íocfar suim nach mó ná €500,000 (roimh CBL a íoc) leo i gcaitheamh na tréimhse sin.

#### **09.144 COMHFHREAGRAS**

Thug an Bord suntas don chomhfhreagras a bhí ann. Pléadh an ríomhphost ó Mhisean Bhéal Feirste Thoir (East Belfast Mission) agus d'aontaigh an Bord go mbeadh cruinniú Boird 9 Nollaig ar siúl in oifig s'acu.

#### **10.144 AON GHNÓ EILE**

Chuir an Cathaoirleach in iúl go bhfuarthas gearán scríofa in éadan comhalta Boird agus go mbeadh S. M. Ó Domhnaill agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach ag caint leis an chomhalta i gceist, agus go mbeadh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha ag cuidiú leo mar an duine i gceannas ar Acmhainní Daonna i bhFhoras na Gaeilge dá réir.

---

**Marcas Mac Ruairí**  
**Leas-Chathaoirleach**  
**29 Iúil 2016**

Tuairisc ó Choiste na nDeontas chuig Bord Fhoras na Gaeilge

**Scéim Pobal Gaeilge 2016-2020**

Ag an gcruinniú Boird ar an 20 Bealtaine 2016 ghlac an Bord leis an tuairisc maidir leis na moltaí don Scéim Pobal Gaeilge 2016-2020 mar a leanas;

|                                                          |                          |
|----------------------------------------------------------|--------------------------|
| An Cumann Gaelach Muineachán<br><b>€170,000</b>          | €154,000 móide €16,000 - |
| Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar<br><b>£137,500</b>   | £124,500 móide £13,000 - |
| Ionadh Uíbh Eachach<br><b>£137,500</b>                   | £124,500 móide £13,000 - |
| Gael-Fhorbairt na Gaillimhe<br><b>€170,000</b>           | €154,000 móide €16,000 - |
| Pobal Ar A'n Iúl<br><b>£132,880</b>                      | £119,880 móide £13,000 - |
| Coiste Forbartha Charn Tóchair<br><b>£137,500</b>        | £124,500 móide £13,000 - |
| Cairde Uí Néill<br><b>£137,500</b>                       | £124,500 móide £13,000 - |
| Glór na Spéiríní<br><b>£134,693</b>                      | £121,693 móide £13,000 - |
| An Clár as Gaeilge<br><b>€170,000</b>                    | €154,000 móide €16,000 - |
| Cairde Teo<br><b>£137,500</b>                            | £124,500 móide £13,000 - |
| Conradh na Gaeilge, Craobh an Aonaigh<br><b>€170,000</b> | €154,000 móide €16,000 - |
| Muintir Chrónáin Teo.<br><b>€170,000</b>                 | €154,000 móide €16,000 - |
| Glór na Móna<br><b>£135,926</b>                          | £122,926 móide £13,000 - |

D'aontaigh an Bord eolas breise a lorg ó na hiarrthóirí eile leis na pleananna s'acu a chur in oiriúint don chur chuige nua.

Chuir na hiarrthóirí ar fad cáipéisí breise ar fáil faoi spriocdháta ar an 31 Bealtaine. Ag éirí as an measúnú leis an eolas breise san áireamh moltar faomhadh a dhéanamh ar thorthaí an phróisis mheasúnaithe mar atá tugtha sa tabla thíos.

Is scéim ceithre bliana le ciste €4M atá ceadaithe ag an mBord agus moltar 22 scéim a bhronnadh. Ciallaíonn sé seo go mbeidh €81,483 breise le cur leis an €4M thar tréimhse ceithre bliana na scéime.

Cé go bhfuil Gaelphobal Cheantar an tSratha Báin agus Gaeilge Locha Riach incháilithe don scéim moltar gan scéim a bhronnadh orthu de bharr easpa maoinithe don scéim.

Beidh maoiniú bhliain 2 ag brath ar fheidhmiú sásúil le linn bhliain 1 agus ar aghaidh mar sin.

|                                 |                                          |
|---------------------------------|------------------------------------------|
| Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | £124,500 móide £13,000 - <b>£137,500</b> |
| An Droichead                    | £124,455 móide £13,000 - <b>£137,456</b> |
| Glór Cheatharlach               | €154,000 móide €16,000 - <b>€170,000</b> |
| Glór Dhún Geimhin               | £124,500 móide £13,000 - <b>£137,500</b> |
| Cumann Gaelach na hEaglaise     | €153,986 móide €16,000 - <b>€169,987</b> |
| Ionad na Fuisgeoige             | £124,500 móide £13,000 - <b>£137,500</b> |
| Glór Uachtar Tíre               | £124,500 móide £13,000 - <b>£137,500</b> |
| Cumann Gaelach Leath Chathail   | £113,592 móide £13,000 - <b>£126,593</b> |
| Togra Mhaigh Eo                 | €154,000 móide €16,000 - <b>€170,000</b> |

Gaelphobal Cheantar an tSratha Báin                      Ceal airgid

Gaeilge Locha Riach                                              Ceal airgid

|                                                                                                                                                                 |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Tá faisnéis fágtha ar lár anseo thuas gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 6 & 9 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise. |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

## Aguisín 2

| Uimh. Thag. | Ainm an Eagrais                             | Méid Molta san iomlán € | Méid Molta € 2016 | Méid Molta € 2017 | Méid Molta san iomlán £stg | Méid Molta £ 2016 | Méid Molta £ 2017 |
|-------------|---------------------------------------------|-------------------------|-------------------|-------------------|----------------------------|-------------------|-------------------|
| 1601046.07  | Bardic Educational Arts and Media (B.E.A.M) | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £3,490.00                  | £1,745.00         | £1,745.00         |
| 1601046.09  | Cairde Dhroim na nDamh                      | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £3,191.30                  | £2,026.30         | £1,165.00         |
| 1601046.10  | Cairde na Ceathrún Gaeltachta               | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £2,110.00                  | £1,055.00         | £1,055.00         |
| 1601046.11  | Cairde Teo                                  | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £2,370.00                  | £1,160.00         | £1,210.00         |
| 1601046.18  | Club Óige na Carraige Móire                 | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £3,250.00                  | £1,600.00         | £1,300.00         |
| 1601046.19  | Club Óige Setanta                           | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £3,500.00                  | £1,300.00         | £2,200.00         |
| 1601046.21  | Club Spraoi Ard Mhacha                      | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £2,995.00                  | £1,815.00         | £1,180.00         |
| 1601046.23  | Club Súgartha Ghailimh Thoir                | €2,180.00               | €1,090.00         | €1,090.00         | €0.00                      | €0.00             | €0.00             |
| 1601046.25  | Comhairle Forbartha Oileáin Dairbhre        | €4,374.64               | €2,952.32         | €1,422.32         | €0.00                      | €0.00             | €0.00             |
| 1601046.26  | Conradh na Gaeilge Boirche Íochtar          | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £3,500.00                  | £1,780.00         | £1,720.00         |
| 1601046.28  | Craobh Ghleann an Iolair                    | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £3,500.00                  | £1,600.00         | £1,900.00         |
| 1601046.29  | Craobh Ó Meith de Chonradh na Gaeilge       | €2,165.00               | €1,015.00         | €1,150.00         | £0.00                      | £0.00             | £0.00             |
| 1601046.31  | Cumann Báire na Magha                       | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £1,750.00                  | £875.00           | £875.00           |
| 1601046.32  | Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain             | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £3,500.00                  | £1,750.00         | £1,750.00         |
| 1601046.33  | Cumann Gaelach na Ceathrún Gaeltachta       | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £3,500.00                  | £1,560.00         | £1,940.00         |
| 1601046.34  | Cumann Iarscoil na gCrann                   | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £3,500.00                  | £1,750.00         | £1,750.00         |
| 1601046.35  | Cumann Iarscoile Éanna                      | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £3,500.00                  | £1,750.00         | £1,750.00         |
| 1601046.36  | Cumann Óige Átha an Rí                      | €4,950.00               | €2,890.00         | €2,060.00         | £0.00                      | £0.00             | £0.00             |
| 1601046.38  | Cumann Óige na bhFál                        | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £3,500.00                  | £1,750.00         | £1,750.00         |
| 1601046.41  | Education Authority (Coláiste Feirste)      | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £3,500.00                  | £1,750.00         | £1,750.00         |
| 1601046.45  | Glinsk Community Childcare Ltd              | €4,980.00               | €3,950.00         | €1,030.00         | £0.00                      | £0.00             | £0.00             |
| 1601046.46  | Glór an Ghleanna                            | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £3,230.00                  | £1,560.00         | £1,670.00         |
| 1601046.47  | Glór na Móna                                | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £3,500.00                  | £1,750.00         | £1,750.00         |
| 1601046.48  | Greencastle Youth Club                      | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £3,500.00                  | £1,750.00         | £1,750.00         |
| 1601046.49  | Ionad Uíbh Eachach                          | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £3,500.00                  | £1,400.00         | £2,100.00         |
| 1601046.50  | Naíscoil an Traonaigh                       | €0.00                   | €0.00             | €0.00             | £3,500.00                  | £1,750.00         | £1,750.00         |

| Uimh. Thag. | Ainm an Eagrais | Méid Molta san iomlán € | Méid Molta € 2016 | Méid Molta € 2017 |
|-------------|-----------------|-------------------------|-------------------|-------------------|
| 1601047.01  | Ógras           | €4,990.00               | €2,910.00         | €2,080.00         |
| 1601047.03  | Ógras           | €4,865.00               | €2,730.00         | €2,135.00         |
| 1601047.04  | Ogras           | €4,865.00               | €2,730.00         | €2,135.00         |
| 1601047.05  | Ógras           | €4,865.00               | €2,730.00         | €2,135.00         |
| 1601047.06  | Ógras           | €4,865.00               | €2,730.00         | €2,135.00         |
| 1601047.07  | Ógras           | €4,865.00               | €2,730.00         | €2,135.00         |
| 1601047.08  | Ógras           | €4,865.00               | €2,730.00         | €2,135.00         |

|            |       |           |           |           |
|------------|-------|-----------|-----------|-----------|
| 1601047.09 | Ógras | €4,865.00 | €2,730.00 | €2,135.00 |
| 1601047.10 | Ógras | €4,865.00 | €2,730.00 | €2,135.00 |
| 1601047.11 | Ógras | €4,865.00 | €2,730.00 | €2,135.00 |
| 1601047.12 | Ógras | €4,600.00 | €2,450.00 | €2,150.00 |
| 1601047.13 | Ógras | €5,000.00 | €2,900.00 | €2,100.00 |
| 1601047.22 | Ógras | €4,986.00 | €2,586.00 | €2,400.00 |
| 1601047.25 | Ógras | €4,900.00 | €2,200.00 | €4,900.00 |

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo thuas gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 6 & 9 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

## **Leasú molta ar an Chiste Infheistíochta do Bhunú Sóláthair Naíscolaíochta**

### **Cúlra**

Bunaíodh an Ciste infheistíochta do bhunú soláthar naíscolaíochta i 2012 le tacú le bunú naíonraí. Is ciste infheistíochta é le tacú le forbairt na gaelscolaíochta agus na Gaeilge. Is bunphrionsabal na scéime go mbeidh caiteachas ón chiste le caitheamh ar thionscadail réamhscolaíochta atá ceangailte go daingean dlúth le forbairt gaelscolaíochta agus fianaise ann de bhonn daingean pobail fúthu, agus de phleananna comhtháite forbartha gaelscolaíochta agus Gaeilge sa phobal.

Tá sé mar bhunchritéir go bhfuil aon iarratas ar mhaoiniú ceangailte le pleananna meántéarmacha agus fadtéarmacha d'fhorbairt na gaelscolaíochta agus na Gaeilge sa cheantar, déantar seo a chinntiú trí chomhoibriú le Comhairle na Gaelscolaíochta, Gaelscoileanna Teo. agus trí phlean aschur teanga atá le cur isteach mar chuid den iarratas.

Go dáta bunaíodh na naíscoileanna seo a leanas:

- Naíscoil Cholmcille, Cathair Dhoire.
- Naíscoil Ghleann an Iolair, deisceart Chontae Dhoire.
- Naíscoil na Tamhnaí Móire, Co. Aontroma
- Naíscoil an Chéide, Co. Ard Mhacha.

An deontas mar atá sé:

Nuair a bunaíodh an Chiste Infheistíochta do Bhunú Sóláthair Naíscolaíochta in 2012, is é £74,000/ €104,000 an t-uasmhéid deontais a bhí ar fáil faoin scéim.

|                  |                                                                                                                                                              |
|------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Bliain 1:</b> | Tuarastal (Uasmhéid £17,000/ €24,000)<br>Trealamh (Uasmhéid £10,000/ €14,000)<br>Cíos (Uasmhéid £10,000/ €14,000)<br>Costas Reatha (Uasmhéid £5,000/ €7,000) |
| <b>Bliain 2:</b> | Tuarastal (Uasmhéid £17,000 / €24,000)<br>Cíos (Uasmhéid £10,000/ €14,000)<br>Costas Reatha (Uasmhéid £5,000/ €7,000).                                       |
| <b>Iomlán:</b>   | <b>£74,000/ €104,000</b>                                                                                                                                     |

Laghdaíodh sin go huasmhéid de £69,000/ €92,800 in 2013.

|                  |                                                                                                                                                            |
|------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Bliain 1:</b> | Tuarastal (Uasmhéid £17,000/ €24,000)<br>Trealamh (Uasmhéid £5,000/ €7,000)<br>Cíos (Uasmhéid £10,000/ €14,000)<br>Costas Reatha (Uasmhéid £5,000/ €7,000) |
| <b>Bliain 2:</b> | Tuarastal (Uasmhéid £17,000/ €24,000)                                                                                                                      |

|                |                                                                              |
|----------------|------------------------------------------------------------------------------|
|                | Cíos (Uasmhéid £10,000/ €14,000)<br>Costas Reatha (Uasmhéid £5,000/ €7,000). |
| <b>Iomlán:</b> | <b>£69,000/ €97,000</b>                                                      |

I mí Aibreán 2016 rinneadh leasú ar an scéim le go mbeadh an deontas ar fáil thar trí bliana le costas tionscnaimh a chur ar fáil do choistí agus méadaíodh an t-uasmhéid deontais go £73,000/ €102,700 do na nithe seo a leanas:

|                  |                                                                                                                                                             |
|------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Bliain 1:</b> | Costais tionscnaimh (Uasmhéid £4,000/€5,700) <sup>1</sup>                                                                                                   |
| <b>Bliain 2:</b> | Tuarastal (Uasmhéid £17,000/ €24,000)<br>Trealamh (Uasmhéid £5,000/ €7,000)<br>Cíos (Uasmhéid £10,000/ €14,000)<br>Costas Reatha (Uasmhéid £5,000/ €7,000). |
| <b>Bliain 3:</b> | Tuarastal (Uasmhéid £17,000 / €24,000)<br>Cíos (Uasmhéid £10,000/ €14,000)<br>Costas Reatha (Uasmhéid £5,000/ €7,000).                                      |
| <b>Iomlán:</b>   | <b>£73,000/ €102,700</b>                                                                                                                                    |

### Leasú molta:

Tháinig roinnt fiosrúcháin ón phobail maidir le maoiniú a bheith ar fáil le naíolann pobail a bhunú, dhá cheann i mBéal Feirste, ceann amháin i mBaile Áth Cliath agus ceann amháin i Leitir Ceanainn. An moladh a tháinig ó na fiosrúcháin seo ná ‘An Ciste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Naíscolaíochta’ a leasú le bunú naíolanna a bheith san áireamh sa scéim, tá seo ag teacht le moladh ar lch. 62 den *‘Lámhleabhar Eolais faoin bPleanáil Teanga’*<sup>2</sup> atá scríofa ag an saineolaí pleanála teanga Laoise Ní Dhúda. Meastar go luíonn naíolann leis na critéir reatha ach moltar roinnt critéir sa bhreis chun an scéim a threisiú agus chun caighdeán na n-iarratas a chinntiú agus inmharthanacht an tionscadail a dheimhniú dúinn.

Moltar teideal na scéime a leasú go ‘An Ciste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Réamhscolaíochta agus Cúram Leanaí.’

1. Faoi láthair déantar an scéim a phoibliú trí Chomhairle an Gaelscolaíochta sa Tuaisceart agus trí Gaelscoileanna Teo. sa Deisceart ó tharla gurb iad an dá eagraíocht atá freagrach as cur chun cinn na gaelscolaíochta sa dá dhlinse.
2. Moltar go ndéanfar a scéim mar a bhaineann sé le bunú naíolanna a phoibliú trí Ghlór na nGael mar gheall ar an saineolas agus ar an tuiscint atá acu ar riachtanais teanga an phobail ach go háirithe mar a bhaineann sé leis an aistriú teanga ó ghlúin go glúin.
3. Ní dhéantar an scéim a phoibliú go forleathan mar go bhfuilimid ag iarraidh go mbeidh aon tionscadal atá maoinithe tríd an scéim seo mar chuid de phlean teanga do cheantair áirithe agus is iad Comhairle na Gaelscolaíochta,

<sup>1</sup> Cuirfidh Foras na Gaeilge 80% don chostais iomlán an tionscnaimh (uasmhéid de £4,000) ar fáil don choiste ar an tuiscint go gcuirfidh an coiste 20% don costas iomlán iarrtha leis sa chéad bhliain,

<sup>2</sup> Ní Dhúda, Laoise (2014 ‘Roghanna, Lámhleabhar Eolais faoin bPleanáil Teanga’, Glór na nGael Teo. Baile Átha Cliath.

Gaelscoileanna Teo. agus Glór na nGael na h-eagraíochtaí atá ag obair go straitéiseach ag leibhéal an phobail agus atá ábalta na coistí a aithint atá réidh le deontas don mhéid seo a láimhseáil.

Leis an bhuntáiste is fearr a bhaint as an scéim, beidh sé tábhachtach go mbeidh tacaíocht ar fáil ó eagraíocht le cuidiú leis na réamhshocruithe, leis na ceadanna éagsúla, le nithe mar pholasaí teanga, earcú foirne, polasaithe eile, agus le forbairt fhadtéarmach an tionscadail. Ar an ábhar nach mbeidh ann ach 2 thionscnamh gach bliain, beimid ag iarraidh a chinntiú go mbeidh an infheistíocht á déanamh i gceantair a bhfuil plean teanga i bhfeidhm iontu, agus coiste éifeachtach de cheannasaithe á stiúradh, le go mbeidh an toradh is fearr is féidir á bhaint as. (D'fhéadfaí an scéim a oscailt go poiblí ach bheadh cuid mhór obair riaracháin i gceist le líon ard iarratas agus bheadh na toradh céanna ann sa deireadh).

Moltar go mbeidh dhá rogha ann faoin Chiste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Réamhscolaíochta agus Cúram Leanaí: **Bunú Náiscoil/Naíonra** agus **Bunú Naíolainne**.

## 1. Bunú Náiscoil/Naíonra

### Critéir Mhaoinithe na Scéime (Náiscoil/Naíonra)

1. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go mbeidh toradh fadtéarmach ar an infheistíocht (go mbeidh an soláthar atáthar a bheartú á cheangal go dlúth le tionscadal bunscolaíochta lán-Ghaeilge agus le himeachtaí sa phobal leis an teanga a neartú);
2. Ní mór a léiriú, trí phlean aschur teanga\* a sholáthar go bhfuil an t-iarratas ar mhaoiniú ceangailte le pleananna meántéarmacha agus fadtéarmacha d'fhorbairt na gaelscolaíochta agus na Gaeilge sa cheantar, nó go bhfuil sé ag tacú le tionscadal atá ann cheana féin, agus go bhfuil na pleananna sin á gcomhtháthú le pleananna foras agus eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu le forbairt na Gaeilge agus na gaelscolaíochta sa cheantar;  
Ní mór na nithe seo a leanas a lua sa phlean aschur teanga;
  - a. Misean ráiteas/Fís an eagrais.
  - b. Cuspóirí an eagrais
  - c. Aidhmeanna an eagrais
  - d. Plean gníomhaíochta
  - e. Plean inbhuanaitheachta don tionscadal i ndiaidh na tréimhse maoinithe.
  - f. Torthaí inmhianaithe
  - g. Achoimre.

\*ní ceart níos mó ná 1,000 focal a bheidh ann.
3. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go bhfuil pleananna ann le caighdeán an tsoláthair a fheabhsú, mar aon le polasaí lena fhorbairt agus a fheabhsú go leanúnach agus tiomantas leis sin a chur i gcrích;
4. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go mbeidh socruithe ann le caighdeán Gaeilge na foirne a chinntiú agus a fhorbairt go leanúnach.

5. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go mbeidh imeachtaí breise Gaeilge ann sa phobal do na páistí taobh amuigh de na seisiúin foirmeálta agus don scoilphobal.
6. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go mbeidh deiseanna foghlama Gaeilge sa naíscoil/naíonra, nó sa phobal, do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne;
7. Ní mór a léiriú go gcuirfidh na forais chuí tacaíochta cuidiú ar fáil don naíscoil/naíonra le linn na staideanna éagsúla d'fhorbairt an tsoláthair, trí litir dhearbhaithe tacaíochta ó fhorais chuí tacaíochta;
8. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go bhfuil tuiscint mhaith ar chritéir na n-údarás cuí dearbhaithe caighdeán, agus go mbeidh an soláthar ag cloí go dlúth le gach coinníoll, coinníollacha cumhdaigh leanaí san áireamh.
9. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go gcaithfear an maoiniú go héifeachtach;
10. Is féidir, bunaithe ar iarratas, go gceadóidh Foras na Gaeilge maoiniú bliana do na nithe seo a leanas:
  - a. Costais tionscnaimh (Uasmhéid £4,000/ €5,700<sup>3</sup>)
  - b. Tuarastal (Uasmhéid £17,000/ €24,000)
  - c. Trealamh (Uasmhéid £5,000/ €7,000<sup>4</sup>)
  - d. Cíos (Uasmhéid £10,000/ €14,000)
  - e. Costas Reatha (Uasmhéid £5,000/ €7,000)

Is uasmhéideanna iad na figiúirí seo agus caithfear fianaise a chur ar fáil a léiríonn bunús na gcostas.

*\*Ní chuirfidh Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil d'íocaíochtaí a dhéantar le hairgead tirim.*

---

<sup>3</sup>Ar fáil do bhliain 1 amháin. Cuirfidh Foras na Gaeilge 80% don chostais iomlán an tionscnaimh (uasmhéid de £4,000) ar fáil don choiste ar an tuiscint go gcuirfidh an coiste 20% don chostas iomlán iarrtha leis sa chéad bhliain, **m.sh.** Costas iomlán an tionscnaimh =£5,000, (£4,000 ó Fhoras na Gaeilge agus £1,000 ón choiste). Beidh an gné seo don deontas ar fáil le costas ailtireachta, poiblíochta agus costas forbartha ar an phlean teanga a chlúdach.

<sup>4</sup> Ar fáil do bhliain 2 amháin

## 2. Bunú Naíolanna

|                  | Bunú Naíolainne                                                                                                            |
|------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Bliain 1:</b> | <b>Costais tionscnaimh (Uasmhéid £7,000 / €10,000)<sup>5</sup></b>                                                         |
| <b>Bliain 2:</b> | <b>Tuarastal (Uasmhéid £24,000 / €25,400)<br/>Trealamh (0)<br/>Cíos (Uasmhéid £9,000 / €13,000)<br/>Costais Reatha (0)</b> |
| <b>Bliain 3:</b> | <b>Tuarastal (Uasmhéid £24,000 / €25,400)<br/>Cíos (Uasmhéid £9,000 / €13,000)</b>                                         |
| <b>Iomlán:</b>   | <b>£73,000/ €86,800</b>                                                                                                    |

Moltar an deontas seo chur ar fáil ar bhonn céimnithe:

**Céim 1:** Costais tionscnaimh (£7,000 / €10,000)

Beidh an costas seo ar fáil don choiste sna míonna roimh oscail na naíolainne le costais éagsula a bhaineann le naíolann a bhunú a chlúdach i.e. costas ailtireachta, costas dlíodóra, costas don chead pleanála srl. Is iad seo a leanas na réamhchoinníollacha a bheas le comhlíonadh ag an choiste sula dtig leo bogadh ar aghaidh chuig an chéad chéim eile don deontas:

- Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go bhfuil plean gnó ag an choiste a léiríonn líon páistí tuartha, caiteachas agus ioncam réamh-mheasta, agus a léireoidh go mbeidh an togra inbhuanaithe i ndiaidh na tréimhse maoinithe.
- Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go bhfuil cead pleanála iomlán faighte ag an naíolann.
- Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go bhfuil dáta cinnte oscailte ag an naíolann.
- Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar (i. léirithe suime), go bhfuil páistí cláraithe leis an naíolann.

**Céim 2:** Is féidir, bunaithe ar iarratas, go gceadóidh Foras na Gaeilge maoiniú sa chéad bhliain don naíolann a bheith oscailte do na nithe seo a leanas:

- Tuarastal do stiúrthóir naíolanna (£24,000 / €25,400<sup>6</sup>)
- Cíos (£9,000 / €13,000)

<sup>5</sup> Cuirfidh Foras na Gaeilge 80% don chostais iomlán an tionscnaimh (uasmhéid de £4,000) ar fáil don choiste ar an tuiscint go gcuirfidh an coiste 20% don costas iomlán iarrtha leis sa chéad bhliain,

<sup>6</sup> Tá an cómheas £/€ bunaithe ar na rátaí pá do SPG seachas an ráta malairte. Tá na rátaí eile uilig (Cíos, costais tionscnaimh) bunaithe ar an ráta malairte.

**Céim 3:** Moltar go ndéanfaidh Foras na Gaeilge athbhreithniú ar an deontas ag an chéim seo i. i ndiaidh 12 mhí. Tá féidearthacht ann ag an chéim seo den deontas go mbeidh an naíolann in ann feidhmiú gan aon mhaoiniú eile ó Fhoras na Gaeilge ach beidh seo ag brath ar líon na bpáistí, mar sin de moltar tuairisc gnó a lorg a léiríonn caiteachas agus ioncam na naíolainne. Agus cinneadh á dhéanamh moltar comhairle inmheánach a lorg ar an cháipéisíocht. Is féidir, bunaithe ar an iarratas agus ar an tuairisc gnó (a léiríonn go mbeidh an togra inbhuanaithe i ndiaidh na tréimhse maoinithe) go gceadóidh Foras na Gaeilge maoiniú sa dara bliain don naíolann a bheith oscailte do na nithe seo a leanas:

- a) Tuarastal do stiúrthóir naíolanna ( £24,000 / €25,400<sup>7</sup>)
- b) Cíos (£9,000 / €13,000)

Moltar go mbeadh solúbthacht ann maidir leis na costais a bhaineann leis an chuid seo den scéim agus go mbeidh an coiste in ann buiséid leasuithe a lorg i. má tá an coiste in ann sábháiltí a dhéanamh i réimse amháin don deontas go mbeidh siad in ann an maoiniú sin a aistriú go réimse eile. Is gá don iarratasóir cloí leis an mhór-iomlán ceadaithe don deontas (Uasmhéid de £73,000/ €86,800). Bheadh cás láidir agus cáipéisí tacaíochta le cur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge chun aon chostas leasuithe a mhíniú.

### **Critéir Mhaoinithe na Scéime (Naíolann)**

1. Ní mór don tionscadal a bheith lonnaithe i gceantar ina bhfuil pobal láidir Gaeilge ann.
2. Ní mór don tionscadal a bheith lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht oifigiúil
3. Ní mór don tionscadal a léiriú go mbeidh teacht ag tuismitheoirí/caomhnóirí ar sholáthair Ghaeloideachais ag gach leibhéal i.e. naíonra/bunscoil/iar-bhunscoil.
4. Ní mór go raibh plean gnó ag an choiste ina gcuimsítear plean inbhuanaitheachta don tionscadal agus a léiríonn caiteachas agus ioncam réamh-mheasta, agus a léireoidh go mbeidh an togra inbhuanaithe i ndiaidh na tréimhse maoinithe.
5. Ní mór go raibh polasaí soiléir Gaeilge ag an choiste don naíolann.
6. Ní mór go raibh sé ráite go sonrach i mbunreacht an choiste/ i gcáipéisí bunaidh an choiste gur naíolann Gaeilge atá ann agus nach n-athróidh seo i ndiaidh na tréimhse maoinithe ó Fhoras na Gaeilge.
7. Ní mór deimhniú le Foras na Gaeilge gur tionscadal neamhbhrabúsach é agus go ndéantar aon bhrabús a ath-infheistiú sa tionscadal nó le seirbhísí breise Gaeilge a sholáthar don phobal.
8. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go bhfuil gá leis an tionscadal i.e. léiriú suime ón phobal.

---

<sup>7</sup> Tá an cómheas £/€ bunaithe ar na rátaí pá do SPG seachas an ráta malairte. Tá na rátaí eile uilig (Cíos, costais tionscnaimh) bunaithe ar an ráta malairte.

9. Clásal sóisialta: Ní mór iarracht a dhéanamh daoine áitiúla a fhostú, nuair is féidir, ag gach staid don tionscadal. (i.e. in aon obair tógála atá le déanamh nó na h-oibrithe chúram leanaí.)
  10. Ní mór a léiriú go gcuirfidh Glór na nGael cuidiú ar fáil don naíolann le linn na staideanna éagsúla d'fhorbairt an tsoláthair, agus go gcuirfidh siad comhairle ar fáil do choiste na naíolainne trí litir dhearbhaíthe tacaíochta,
  11. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go mbeidh toradh fadtéarmach ar an infheistíocht (go mbeidh an soláthar atáthar a bheartú á cheangal go dlúth le tionscadal scolaíochta lán-Ghaeilge agus le himeachtaí sa phobal leis an teanga a neartú);
  12. Ní mór a léiriú, trí phlean aschur teanga\* a sholáthar go bhfuil an t-iarratas ag tacú le tionscadal atá ann cheana féin, agus go bhfuil na pleananna sin á gcomhtháthú le pleananna foras agus eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu le forbairt na Gaeilge agus na gaelscolaíochta sa cheantar;  
Ní mór na nithe seo a leanas a lua sa phlean aschur teanga;
    - a. Misean ráiteas/Fís an eagrais.
    - b. Cuspóirí an eagrais
    - c. Aidhmeanna an eagrais
    - d. Plean gníomhaíochta
    - e. Plean inbhuanaitheachta don tionscadal i ndiaidh na tréimhse maoinithe.
    - f. Torthaí inmhianaithe
    - g. Achoimre.
- \*ní ceart níos mó ná 1,000 focal a bheidh ann.
13. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go bhfuil pleananna ann le caighdeán na Gaeilge sa soláthar a fheabhsú, mar aon le polasaí lena fhorbairt agus a fheabhsú go leanúnach agus tiomantas leis sin a chur i gcrích;
  14. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go mbeidh socruithe ann le caighdeán Gaeilge na foirne a chinntiú agus a fhorbairt go leanúnach.
  15. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go mbeidh imeachtaí breise Gaeilge ann sa phobal do na páistí taobh amuigh de na seisiúin foirmeálta agus don scoilphobal.
  16. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go mbeidh deiseanna foghlama Gaeilge sa phobal, do thuismitheoirí agus don phobal i gcoitinne;
  17. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go bhfuil tuiscint mhaith ar chritéir na n-údarás cuí dearbhaithe caighdeán, agus go mbeidh an soláthar ag cloí go dlúth le gach coinníoll, coinníollacha cumhdaigh leanaí san áireamh.
  18. Ní mór a léiriú, trí fhianaise a sholáthar, go gcaithfear an maoiniú go héifeachtach;
  19. Is féidir, bunaithe ar iarratas, go gceadóidh Foras na Gaeilge maoiniú do na nithe seo a leanas:
    - a) Costais tionscainmh\* (£7,000 / €10,000)
    - b) Tuarastal do stiúrthóir naíolanna\* (£48,000/ €50,800)
    - c) Cíos\* (£18,000/ €26,000)

\*Moltar go mbeadh solúbthacht ann maidir le na costais a bhaineann leis an chuid seo den scéim agus go mbeidh an coiste in ann buiséid leasuithe a lorg i. má tá an coiste in ann sábháilte a dhéanamh i réimse amháin don deontas go mbeidh siad in ann an maoiniú sin a aistriú go réimse eile Is gá don iarratasóir cloí leis an mhór-iomlán ceadaíthe don deontas (Uasmhéid de £73,000/ €86,800). Bheadh cás láidir agus

cáipéisí tacaíochta le cur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge chun na costais leasuithe a mhíniú.

Ní chuirfidh Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil d'íocaíochtaí a dhéantar le hairgead tirim.

\*\* Tá sé de cheart ag Foras na Gaeilge diúltú d'iarraitas atá, dar linn, ag baint as faoi tionscadal eile naíolanna sa cheantar.

#### Tábla samplach do chostasáí naíolanna:

| Céim 1               | Costais tionscainmh        | Tuarastal | Cíos | Iomlán                      |
|----------------------|----------------------------|-----------|------|-----------------------------|
|                      | £7,000/<br>€10,000         |           |      | £7,000/<br>€10,000          |
| <b><u>Iomlán</u></b> | <b>£7,000/<br/>€10,000</b> |           |      | <b>£7,000 /<br/>€10,000</b> |

| Céim 2               | Costais tionscainmh | Tuarastal                   | Cíos                       | Iomlán                      |
|----------------------|---------------------|-----------------------------|----------------------------|-----------------------------|
|                      |                     | £24,000/<br>€25,400         | £9,000/<br>€13,000         |                             |
| <b><u>Iomlán</u></b> |                     | <b>£24,000/<br/>€25,400</b> | <b>£9,000/<br/>€13,000</b> | <b>£33,000/<br/>€38,400</b> |

| Céim 3               | Costais tionscainmh | Tuarastal                   | <u>Cíos</u>                | <u>Iomlán</u>               |
|----------------------|---------------------|-----------------------------|----------------------------|-----------------------------|
|                      |                     | £24,000/<br>€25,400         | £9,000/<br>€13,000         |                             |
| <b><u>Iomlán</u></b> |                     | <b>£24,000/<br/>€25,400</b> | <b>£9,000/<br/>€13,000</b> | <b>£33,000/<br/>€38,400</b> |

| <b><u>Iomlán</u></b> | Costais tionscainmh | Tuarastal           | Cíos                | Iomlán                           |
|----------------------|---------------------|---------------------|---------------------|----------------------------------|
|                      | £7,000/<br>€10,000  | £48,000/<br>€50,800 | £18,000/<br>€26,000 | £73,000/<br>€86,800 <sup>8</sup> |

<sup>8</sup>Ta an cóimheas £/€ bunaithe ar na rátaí pá do SPG seachas an ráta malairte. Tá na rátaí eile uilig (Cíos, costais tionscainmh) bunaithe ar an ráta malairte.

## ***Scoláireacht Mhic Dhonncha***

Is le hurraíocht ó Fhoras na Gaeilge a cuireadh Scoláireacht Mhic Dhonncha ar bun sa bhliain 2017 i gcuimhne ar Joe Mac Donncha (1953-2016), céimí de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a thug sársheirbhís do phobal na Gaeilge sna rólanna seo a leanas:

- Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael (1997-2000)
- Cathaoirleach TG4 (2000-2004)
- Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge (2002-2006)
- Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe (2006-2013)
- Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Sligeach agus Liatroim (2013-5)
- Comhalta Boird, Foras na Gaeilge (2011-2015)
- Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge (2015-6)

Luach €6,015 a bheidh ar gach scoláireacht agus bronnfar dhá scoláireacht.

### **Coinníollacha**

Beidh céimithe de chuid OÉ Gaillimh a bhain céad onóracha i scrúduithe na céime (nó na céimithe Ollscoile is cáilithe sa bhliain faoi thrácht) agus Léann an Aistriúcháin nó Gaeilge mar ábhair chéime acu i dteideal cur isteach ar an scoláireacht.

Is ar bhonn iomaíoch a bhronnfar an scoláireacht ar mhac léinn máistreachta a bheidh ag gabháil den MA sa Léann Teanga i bhfianaise spéis Sheosaimh Mhic Dhonncha sa chruinneas teanga, san aistriúchán agus san fhoclóireacht go háirithe.

Sa chás go mbeidh céimithe ar chómharcanna beifear i dtuilleamaí na marcanna ar mhodúil aistriúcháin agus/nó modúil teanga le hidirdhealú a dhéanamh ar iarrthóirí cáilithe.

Má dhéantar scoláireacht a bhronnadh ar mhac léinn páirtaimseartha, déanfar an scoláireacht a íoc ina dhá ghála bhliantúla de €3,008 in imeacht dhá sheisiún acadúla, faoi réir dhul chun cinn sásúil shealbhóir na scoláireachta.

Beidh an sparánacht seo de bhreis ar aon deontas, scoláireacht nó eile a bheidh ag an té a roghnófar.

Is é Stiúrthóir Cláir an MA sa Léann Teanga, i gcomhar le Príomhfheidhmeannach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, a bheidh freagrach as an scoláireacht a riaradh ó bhliain go bliain.

**Miontuairiscí ón 145ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 29 Iúil 2016 in oifigí  
Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.**

**I láthair:** M. Mac Ruairí, (Leas-Chathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, É. Ó Gribín, G. McElwain, S. Ó Coistealbha, R. Ní Laoghaire, C. McGuinness agus B. Ó Muirí.

**Leithscéalta:** P. Callaghan, B. Ní Chofaigh agus S. Ó hArgáin.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

**Leithscéal:** É. Ó hArgáin (Rúnaí).

Cuireadh fáilte roimh C. McGuinness agus B. Ó Muirí chuig a gcéad chruinniú Boird. Chuir an Cathaoirleach in iúl go gcuirfí cóip de na Buan-Orduithe, an Cód Iompair, an Meamram Airgeadais agus na téarmaí tagartha do na coistí éagsúla isteach sa Dropbox mar eolas ginearálta don Bhord.

**01.145 COIMHLINT LEASA**

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon choimhlint leasa le nochtadh ag aon duine agus gur cheart sin a dhéanamh ag tús an chruinnithe nó le linn an chruinnithe, de réir mar ba ghá. Ní raibh aon choimhlint leasa le nochtadh.

**02.145 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 1 Iúil 2016 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Rinneadh tagairt don chruinniú a bhí lorgtha leis an Aire Humphreys agus cuireadh in iúl go raibh dialann an Aire lán agus tréimhse saoire a bhí i gceist. Moladh gurbh fhiú do G. McElwain cruinniú a lorg léi toisc gur as an dailcheantar céanna iad. Ghlac an Bord leis an mholadh sin.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go mbeadh deis ag an Bhord bualadh leis an fhoireann in oifig Bhéal Feirste i ndiaidh an chruinnithe inniu.

**03.145 CUR I LÁTHAIR ÓN ÁISAONAD**

Tháinig C. Ó Pronntaigh i láthair an chruinnithe agus thug sé cur i láthair ar thionscadal an Áisaonaid, An Seomra Nuachta, atá mar chuid de C2k. Thug an bord ardmholadh don tionscadal agus moladh gurbh fhiú teagmháil a dhéanamh leis an dá Roinn Oideachais, thuaidh agus theas, fáil amach an féidir an tionscadal a chur ar fáil do scoileanna sna 26 contaetha. Dúirt an PF go bhfiosrófaí an fiú seo a lua mar chuid den Phlean Digiteach don Ghaeilge. Ghabh an Bord buíochas le C. Ó Pronntaigh as an chur i láthair agus d'fhág sé an cruinniú.

**04.145 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

**Coiste na nDeontas**

Ghlac an Bord leis an leasú buiséid maidir le Raidió na Life (**Aguisín 1**). Ardaíodh ceist faoi na scálaí tuarastail agus cuireadh in iúl go raibh na scálaí ag teacht leo siúd sa tseirbhís phoiblí. Pléadh leibhéal na dtuarastal sna tionscadail éagsúla maoinithe ag Foras na Gaeilge agus míníodh go raibh an méid a íocann Foras na Gaeilge ag teacht leis na rátaí sa tseirbhís phoiblí sa dlínse ina raibh an tionscadal lonnaithe de réir

chinneadh Bhord Fhoras na Gaeilge. Luadh ceist na n-íocaíochtaí breise a bhí go mór sa nuacht maidir le roinnt carthanachtaí agus aontaíodh go ndéanadh Coiste na nDeontas an cheist sin a phlé arís.

### **An Coiste Forbartha**

Cuireadh in iúl gur pléadh Plean Gnó 2017 (PG) go mion ag an Choiste Forbartha ar 21 Iúil 2016. Cuireadh in iúl nach raibh buiséad curtha leis an PG go fóill mar nach raibh an buiséad aontaithe idir na ranna go fóill. Ghlac an Bord leis an PG agus aontaíodh go bhféadfaí an PG a sheoladh chuig na ranna. Ardaíodh ceist faoin Phlean Corparáideach agus cuireadh in iúl go mbeadh sin le plé ag an Choiste Forbartha agus go mbeadh dréacht ag teacht faoi bhráid an Bhoird ag cruinniú Mheán Fómhair.

### **An Coiste Iniúchta**

Cuireadh in iúl go raibh measúnú déanta ar na hiarratais ar an phróiseas tairisceana le haghaidh Iniúcháir Inmheánaigh nua agus go raibh Crowe Horwath ceaptha anois le haghaidh tréimhse trí bliana eile. Cuireadh in iúl go raibh dréachtchonradh faighte acu agus go raibh an táille chéanna i gceist don tréimhse trí bliana nua ó 15 Lúnasa 2016.

### **An Coiste Osradhairc**

Cuireadh in iúl go mbeifí ag amharc ar dhéanmhas na gcoistí éagsúla ó tharla gur ceapadh triúr chomhalta nua ar na mallaibh. Ardaíodh ceist faoi roghnú an Chathaoirligh nua agus cuireadh in iúl go ndéanfaí sin ag cruinniú CATT san fhómhar. Léiríodh míshásamh nach raibh Cathaoirleach nua ceaptha go fóill, leis na deacrachtaí buiséid agus leis an mhoill leis an phróiseas earcaíochta do phost an Phríomhfheidhmeanaigh. Moladh go gcuirfí míshásamh an Bhoird in iúl agus go dtabharfaí faoi sin i dtrí chéim: cruinniú a lorg leis an Aire Humphreys agus sa chás nach n-éireodh leis sin, litir a chur chuig an dá Roinn agus ansin ráiteas ón Bhord ag léiriú imní an Bhoird.

### **05.145 PLEAN GNÓ AGUS BUISÉAD 2017**

Cuireadh in iúl gur pléadh an mhír seo faoin Choiste Forbartha. Luadh gur chóir gné idirnáisiúnta na Gaeilge agus an diaspóra agus an comhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta a bheith luaite sa phlean gnó.

### **06.145 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 MEITHEAMH AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2016**

Scaipeadh cóip de cháipéis a léirigh an staid reatha ó thaobh airgeadais de agus bhí plé ina leith. Cuireadh in iúl go rabhthas ag coinneáil súil ar an ráta malairte. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2016. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile i mí Mheán an Fhómhair.

### **07.145 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

### **08.145 AN FOCLÓIR NUA BÉARLA GAEILGE**

Thug J. Ó Labhraí cur i láthair ar na céimeanna éagsúla de thionscadal an fhoclóra agus bhí plé ina dhiaidh. Chuir S. Ó Coistealbha in iúl gur lorg sé eolas maidir le spriocanna a leagadh síos don tionscadal ach nach bhfuair sé an t-eolas go fóill.

Cuireadh in iúl go raibh moll mór cáipéisí ann agus gur iarradh an t-eolas le linn saoire an tsamhraidh agus nach raibh deis ag an fheidhmeannas na cáipéisí a chur amach chuig comhaltaí leis na cáipéisí don chruinniú, go raibh an t-eolas sin ar fáil agus go dtabharfaí dó inniu é. Rinneadh cur síos ar na leasuithe a rinneadh ar spriocanna an tionscadail agus leagadh amach na spriocanna reatha mar a sheasann siad faoi láthair. Rinneadh tagairt do chomhráiteas CATT ón 10 Meitheamh 2015 ina raibh tagairt do leagan clóite bheith ar fáil in 2017 agus míníodh arís gur sin an sprioc reatha mar a sheasann sé faoi láthair. Bhí plé cuimsitheach ag an Bhord faoin fhoclóir agus léiríodh buarthaí go mbeadh an leagan clóite á chur siar go dtí 2018 de bharr chuid de na moltaí a bhí os comhair an Bhoird, agus bhí drogall ar roinnt comhaltaí glacadh leo dá bharr sin. Ar deireadh aithníodh an chiall a bhain leis na moltaí, agus ghlac an Bord leis an dá mholadh a leanas maidir leis an leagan clóite den fhoclóir agus cuireadh in iúl go mbeadh faomhadh CATT le fáil ina leith:

### **Moladh 1**

- (a) Glacadh leis gur chóir an leagan clóite a scaradh ón tionscadal reatha foclóireachta agus, dá réir sin, go bhfuil an tionscadal sin i gcrích.
- (b) Iarraidh ar an bhfeidhmeannas cás gnó ina leith sin a ullmhú do na Ranna Urraíochta agus don CATT.

### **Moladh 2**

Glacadh leis gur chóir an leagan clóite a fhoilsiú faoi dheireadh 2018 agus caitheamh leis mar thionscadal ann féin ag cur san áireamh an moladh a faomhadh ar 01 Iúil 2016:

- taighde a dhéanamh ar an éileamh a bheidh ar an leagan clóite;
- Caighdeán Oifigiúil 2016 a chur san áireamh;
- cur leis an soláthar oideachais;
- cur leis an ngnáthsholáthar a mbeifí ag súil leis i bhfoclóir cosúil leis seo;
- cur leis an soláthar ar Bhéarla na hÉireann;
- tacair cheannfhocal a iomlánú de réir mar is gá; agus
- eagarthóireacht thrasfhoclóra a dhéanamh.

Deimhníodh go mbeadh leagan clóite ann faoi dheireadh 2018 mar atá leagtha amach i Moladh 2 thuas. Ardaíodh ceist maidir le Coiste an Fhoclóra a athbhunú agus míníodh gur faoin Bhord féin a bheadh sé agus aontaíodh go gcuirfí an cheist sin ar an chlár agus Bord iomlán in áit.

### **09.145 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA**

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc na hardbhainistíochta agus chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh athrú intinne anois ar na ranna agus gur iarr siad orainn áisíneacht earcaíochta a fhostú ar chonradh leis an chomórtas do phost an PF a riar.
- Go raibh i gceist cruinniú den Fhoras Teanga a eagrú ag cruinniú Boird Mheán Fómhair.
- Go raibh sé i gceist ócáid fhoirmiúil a eagrú ar 3 Nollag in óstán an ‘DoubleTree’ i mBaile Átha Cliath le suntas a thabhairt do chomóradh céad bliain 1916 i gcomhthéacs shaol na Gaeilge. Tá an ócáid á heagrú idir na 6 Cheanneagraíocht agus Foras na Gaeilge. Beidh buiséad agus moladh le teacht

faoi bhráid an Bhoird i mí Mheán Fómhair. Aontaíodh clár iomlán a fháil ó na Ceanneagraíochtaí agus sin a chur ar fáil don Bhord

Moladh go gcuirfí tábla ar fáil ag an ócáid do na comhaltaí Boird ar spéis leo bheith i láthair.

- Go bhfógrófar an post do Phríomhthéarmeolaí ar shuíomh Fhoras na Gaeilge ar an 3 Lúnasa.
- Go raibh dhá dheontas ar an liosta faoi Scéim na nImeachtaí Óige a cuireadh faoi bhráid an Bhoird nach raibh san áireamh sa ríomh san ‘achoimre’ (an méid iomlán molta) a cuireadh ar fáil:

Ar chruinniú Boird 1 Iúil 2016 cuireadh €182,876.78 mar an méid iomlán molta faoi bhráid an Bhoird. Ní raibh an dá deontas seo a leanas san áireamh:

|            |           |                             |
|------------|-----------|-----------------------------|
| 1601046.10 | €3,014.29 | £2,110.00 (luach steirling) |
| 1601046.31 | €2,500.00 | £1,750.00 (luach steirling) |

€188,391.07 an méid iomlán cruinn.

Tá athbhreithniú agus athsheiceáil déanta ar an cháipéis bhreise tacaíochta Excel don scéim seo agus tá na leasuithe cuí curtha i bhfeidhm.

De bharr an mhíríomha thuas, beidh €5,514.29 sa bhreis de dhíth as an bhuiséad le deontas a sholáthar don dá dheontas nach raibh san áireamh i gcead an Bhoird. Tá €8,822 i mbuiséad Scéim na gCampaí Samhraidh nach gcaithfear anois de bharr nach mbeidh 4 ghrúpa ar tairgeadh deontas dóibh ábalta na critéir riachtanacha a shásamh, toisc na huimhreacha bheith ró-íseal. Beidh an maoiniú sin le díscríobh.

Moltar €5,514.29 den €8,822 a bheidh le díscríobh a aistriú leis na hiarratais a fágadh ar lár a chlúdach ar na hiarratais seo a leanas faoi Scéim na nImeachtaí Óige:

|            |           |                             |
|------------|-----------|-----------------------------|
| 1601046.10 | €3,014.29 | £2,110.00 (luach steirling) |
| 1601046.31 | €2,500.00 | £1,750.00 (luach steirling) |

Ghlac an Bord leis an moladh sin agus aontaíodh gurbh fhiú an cheist a phlé leis na hiarrthóirí le fáil amach cad é go díreach a tharla agus an raibh fadhb ann leis na critéir.

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Leas-Phríomhfheidhmeannach le NISRA maidir leis an phróiseas daonáirimh do 2021 agus go mbeadh plé le déanamh ina leith ag an Choiste Forbartha ó thaobh ceisteanna breise de agus leagan Gaeilge a bheith ar fáil.

#### **10.145 COMHFHREAGRAS**

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

#### **11.145 AON GHNÓ EILE**

### **Coiste Osradhairc**

Mhol an Cathaoirleach go gcuirfí na Buan-Orduithe ar ceal le go ndéanfaí plé ar ghearán in éadan comhalta Boird agus ghlac an Bord leis an moladh sin. Míníodh go raibh comhairle faighte ó shaineolaí ar rialachas corparáideach agus go raibh comhairle dlí faighte fosta agus ó tharla gur ceist thromchúiseach a bhí ann, moladh go gcuirfí an comhalta Boird ar fionraí gan dochar go dtí go mbeidh an fiosrúchán thart. Ghlac an Bord leis an mholadh sin. Cuireadh na Buan-Orduithe i bhfeidhm arís agus aontaíodh go leasófaí iad don chéad chruinniú Boird eile. Is é an leasú molta:

4. (d) Sa chás, i dtuairim an Chathaoirligh, go ndéantar gearán tromchúiseach faoi iompar Comhalta Boird nó go sáraíonn Comhalta Boird na Buan-Orduithe ar bhealach substainteach, cuirfear an Comhalta Boird ar fionraí gan dochar le linn do na líomhaintí a bheith á bhfiosrú.

Chuir an cathaoirleach in iúl go raibh ceist eile le plé:

Go raibh iarrtha ag Comhalta Boird go ndéanfaí plé leis an Chomhalta i mBéarla. Cuireadh in iúl go raibh an cheist pléite leis an Choimisinéir Teanga agus nach dtagann Acht na dTeangacha Oifigiúla i gceist mar gur plé inmheánach atá i gceist. D'aontaigh an Bord nár chóir géilleadh don achainí.

Moladh go mbeadh an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach ina mbaill ex-officio den Choiste Osradhairc agus ghlac an Bord leis an moladh sin.

### **12.145 STRAITÉIS MAIDIR LE BUISÉAD AGUS SCÉIMEANNA FHORAS NA GAELGE 2017**

Bhí plé maidir leis an spré tíreolaíoch dheontais Fhoras na Gaeilge agus na ceardlanna a bheadh le reáchtáil san fhómhar / earrach. Aontaíodh gurbh fhiú go mór na ceardlanna a reáchtáil ó thaobh íomhá Fhoras na Gaeilge de agus gurbh fhiú do chomhaltaí Boird bheith i láthair acu dá mba mhian. Aontaíodh go gcuirfí clár ama do na ceardlanna ar fáil don Bhord nuair a bheadh sin socraithe.

Aontaíodh go mbeadh seisiún eolais ag an Bhord le linn Oireachtas na Gaeilge maidir le foinsí eile maoinithe srl agus go gcuirfeadh S. Ó Coistealbha nóta ar fáil faoi roinnt foinsí.

---

**Marcas Mac Ruairí**  
**Leas-Chathaoirleach**  
**16 Meán Fómhair 2016**

## Aguisín 1

**Uimh. Thag: 1501057**

**Ainm: Raidió na Life – Scéim Raidió Pobail 2016-2018**

**Buiséad leasaithe iarrtha don tréimhse anuas go 31 Nollaig 2016**

|                                       | 2016<br>Iomlán ceadaithe ag<br>cruinniú boird 30/10/15<br>don tréimhse<br>1 Eanáir 2016 go<br>31 Nollaig 2016 | 2016<br>Leasú Iarrtha<br>20/06/2016<br>don tréimhse<br>1 Iúil 2016 go<br>31 Nollaig 2016 |
|---------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Costais Tuarastal</b>              |                                                                                                               |                                                                                          |
| Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin, Ardscála | 51,581                                                                                                        | 50,204                                                                                   |
| Oifigeach Feidhmiúcháin,              | 42,311                                                                                                        | 42,311                                                                                   |
| Oifigeach Feidhmiúcháin               | 35,977                                                                                                        | 33,247                                                                                   |
| Oifigeach Feidhmiúcháin               | 34,360                                                                                                        | 36,622                                                                                   |
| Árachas Náisiúnta an Fhostóra         | 17,655                                                                                                        | 17,655                                                                                   |
| Eile                                  | 8,211                                                                                                         | 8,211                                                                                    |
| Párolla                               | 1,122                                                                                                         | 1,122                                                                                    |
|                                       | <b>191,217</b>                                                                                                | <b>189,372</b>                                                                           |
|                                       |                                                                                                               |                                                                                          |
| <b>Costais Reatha agus Oifige</b>     |                                                                                                               |                                                                                          |
| Rannaíocht costas oifige              | 48,783                                                                                                        | 43,248                                                                                   |
|                                       | <b>48,783</b>                                                                                                 | <b>43,248</b>                                                                            |
|                                       |                                                                                                               |                                                                                          |
| <b>Uasghrádú Trealaimh</b>            |                                                                                                               | 7,380                                                                                    |
| Infheistiú i mBoth Fuaime Stiúideo    |                                                                                                               |                                                                                          |
|                                       |                                                                                                               |                                                                                          |
| <b>Iomlán</b>                         | <b>€240,000</b>                                                                                               | <b>€240,000</b>                                                                          |

**Cúis leis an leasú:**

**Seo a leanas an méid atá curtha in iúl ag Raidió na Life mar gheall ar an leasú buiséid atá iarrtha**

Ba mhaith liom moladh a chur os bhur gcomhair i dtaobh caiteachas dheontas RnaL faoin Scéim Raidió Pobail don bhliain reatha 2016.

Tá sibh ar an eolas go bhfuil Cian Mac Cárthaigh ar bhriseadh sabóideach 6 mhí ó RnaL faoi láthair agus go bhfuil Niamh Ní Shúilleabháin ag obair linn mar Chlár Reachtaire ar feadh tréimhse 6 mhí. Toisc go bhfuil Niamh ag pointe a 1 ar an scála pá ábhartha, seachas pointe a 5 mar a bhí beartaithe do Chian i mbliana, tá muid ag sábháil roinnt airgid i bpróifíl chaiteachais dheontas RnaL do 2016. Táimse freisin ar phointe níos ísle ar an scála chomh maith toisc incrimintí domsa a bheith curtha ar shos an bhliain seo caite nuair a bhí mise ar shaoire shabóideach bliana. Nuair a chuirtear iad seo le chéile tá coigiltis maith á déanamh againn. Tá muid ag déanamh ár ndícheall le costais eile a choinneáil chomh híseal agus is féidir chomh maith agus is léir go bhfuil bainistíocht stuama á déanamh againn ar an deontas agus ar ár gcuid acmhainní féach thíos:

**ÍSILIÚ ar thuarastal an Bhainisteora** (Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin, Ardscála) - toisc briseadh bliana ó incrimintí agus mé ar shaoire shabóideach bliana i 2015, tá mise ar phointe amháin níos ísle ar an scála pá ná mar a bhí beartaithe nuair a cuireadh an t-iarratas isteach anuraidh. Tá **coigilt de €1,377** á déanamh againn anseo.

**ÍSILIÚ ar thuarastal an Chlár Reachtair [CR]** (Oifigeach Feidhmiúcháin - an darna ceann liostáilte thíos) ó €35,977 go €33,247. Tá an CR buan ar bhriseadh sabóideach 6 mhí ó Feabhra – Iúil 2016. Is é an pointe tuarastal agus an tuarastal glan a bhaineann leis an gCR buan (Cian Mac Cárthaigh) a bhí luaite san iarratas agus iomlán ceadaithe ag cruinniú boird an Fhorais 30/10/15. Tá CR sealadach fostaithe sa phost don tréimhse Feabhra – Iúil 2016, agus tá an duine sin fostaithe ar phointe 1 den scála = €30,516. Fillfidh an CR buan go dtí a phost i mí Lúnasa, ag pointe 4 den scála. Mar sin is ionann an figiúr leasuithe de €33,247 don CR agus 6 mhí de thuarastal an CR buan (Eanáir 2016, agus Lúnasa - Nollaig 2016) = €17,989; móide 6 mhí de thuarastal an CR shealadaigh (Feabhra - Iúil 2016) = €15,258. Tá **coigilt de €2,730** á déanamh againn anseo.

**Ardú ar thuarastal 'Oifigeach Feidhmiúcháin' uimhir a 3** ó €34,360 go €36,622 (**ardú de €2,262**). Tá dhá phost PÁIRTAIMSEARTHA maoinithe ag RnaL ón mhír caiteachais ceadaithe anseo do 'Oifigeach Feidhmiúcháin' [OF]. Mhol RnaL inár n-iarratas ar an Scéim Raidió Pobail 2014-2015 go maoineofaí dhá phost páirtaimseartha i.e. go roinnfí an t-airgead ceadaithe do 'OF' amháin ar dhá phost páirtaimseartha a bhí ag teacht níos fearr le sainriachtanais Raidió na Life féin. Ghlac Foras na Gaeilge leis an moladh sin i 2014. De réir mar a thuigim rinneadh na socruithe céanna anuraidh 2015 nuair a bhí ár n-iarratas ar SRP 2016-2018 á chur isteach ag an Bhainisteoir sealadach Cian Mac Cárthaigh agus Bord Raidió na Life. Tuigim go bhfuil ceist anseo faoin ardú de bheagán sa bhreis ar €2,000 anseo - ACH, mar a fheiceann sibh, tá *níos mó* ná an méid sin airgid *á shábháil* againn ón dá mhír tuarastail eile thuasluaite (Bainisteoir & CR). Tá breis-uaireanta oibre á ndéanamh ag duine den bheirt páirtaimseartha atá maoinithe faoin mhír seo - an tOifigeach Forbartha & Oiliúna - rud atá tar éis cur leis an tuarastal atá le híoc léi siúd. Rinneadh na socruithe maidir le huaireanta bhreise an fhostaí seo i 2015 fad is a bhí mé féin ar bhriseadh sabóideach. Cé nach raibh mé ar an eolas faoin socrú seo go dtí go dtáinig mé ar ais, tá mé an-sásta le toradh na hoibre atá le feiceáil ó na huaireanta bhreise oibrithe ag an duine seo. Más aon chabhair é, tá mé níos mó ná sásta suí síos libh leis na huaireanta bhreise seo don fhostaí áirithe seo a phlé libh agus léargas níos doimhne a thabhairt ar an obair atá ar bun aici.

**Is fiú béim ar leith a leagan, ag féachaint ar 'Costais Tuarastal' mar mhír iomlán, ar an chosúlacht atá ann go mbeidh airgead Á SHÁBHÁIL againn i mbliana** (€189k seachas an €191 ceadaithe).

Leis na coigiltis seo glactha san áireamh agus le caiteachas giota beag níos ísle ar an deontas ag an staid seo, leathbealaigh tríd an bhliain,

tá muid ag iarraidh an buiséad atá sábháilte againn a chur i dtreo mír caiteachais speisialta ar leith:

**Infheistiú i mBoth Fuaime** dár Stiúideo Taifeadta\*

**Both fuaime:** Píosa infreastruchtúir speisialaithe do stiúideonna taifeadta atá i mboth fuaime ("audio booth") a chuidíonn le taifeadadh guthuithe ar ARDchaighdeán. Rinneamar iniúchadh cúpla bliain ó shin ar an chostas a bhainfeadh le ceann acu seo a cheannach agus rinneadh cinneadh ag an am go raibh an costas de c.€10,000 ró-ard,

bunaithe ar ár n-acmhainní ag an am sin. Thug ár dTeicneoir Fearghal Saxe faoi deara ar na malluibh go raibh dhá cheann acu seo ar díol go dara-lámhach ó stiúideo taifeadta béal dorais linn anseo ar Chearnóg Mhuirfean atá ag dúnadh síos. Is ar éigean gur úsáideadh iad agus tá cuma úrnua orthu. Tá na húinéirí ag lorg €7,000 an ceann (dhá cheann ar díol). Chuirfeadh ar a laghad ceann amháin acu seo go mór le caighdeán proifisiúnta Stiúideo Dearg agus chuirfeadh sé leis an éileamh a bheadh ar ár stiúideo ó chliaint phoitéinsiúla. Chuirfeadh sé freisin leis an gcaighdeán taifeadta a bheadh ar fáil do léiritheoirí raidió neamhspleácha a úsáideann ár gcuid stiúideonna le cláir & sraitheanna neamhspleácha a dhéanamh do RTÉ Raidió na Gaeltachta agus do stáisiúin eile. Cuireann na forbairtí dearfacha seo go léir ar ndóigh leis an dea-chlú atá ar RnaL agus an dea-thoil atá ag daoine ó shaol na Gaeilge agus ó shaol an Bhéarla don stáisiún (agus don nGaeilge féin ó Bhéarlóirí a thagann isteach chugainn ach nach mbeadh teagmháil acu leis an nGaeilge de ghnáth).

Táim ag moladh mar sin:

- a) **An both fuaime a cheannach láithreach.** Tá an stiúideo eile seo ar Chearnóg Mhuirfean ag dúnadh an tseachtain seo. Bheadh súil againn an both fuaime a fháil ar ar chostas €6,000 móide CBL@23% = €7,380 ina iomláine.

Tá súil againn go soiléiríonn an méid thuas na hathruithe caiteachais - atá an-réasúnta agus stuama, creidim - agus tuigimid ar ndóigh gur gá daoibh na sonraí seo a scrúdú agus a bheith sásta leo sibh féin.

**Tá an cás seo scrúdaithe agus an t-athphróifíle inmholta**

**Cead:**

Cheadaigh an Príomhfheidhmeannach an leasú seo.

**Síniú:** \_\_\_\_\_

**Dáta:**

**Miontuairiscí ón 146ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 16 Meán Fómhair 2016 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** M. Mac Ruairí, S. M. Ó Domhnaill, G. McElwain, S. Ó Coistealbha, S. Ó hArgáin, R. Ní Laoghaire, C. McGuinness agus B. Ó Muirí.

**Leithscéalta:** P. Callaghan agus B. Ní Chofaigh.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

**01.146 COIMHLINT LEASA**

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon choimhlint leasa le nochtadh ag aon duine agus gur cheart sin a dhéanamh ag tús an chruinnithe nó le linn an chruinnithe, de réir mar ba ghá. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh coimhlint leasa aige féin agus aontaíodh go mbeadh S. M. Ó Domhnaill sa chathaoir nuair a d'fhágfadh an Cathaoirleach an cruinniú.

**02.146 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 29 Iúil 2016 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Pléadh foilsíú miontuairiscí ar an suíomh idirlín agus leagadh béim ar an ghá bheith airdeallach faoi sin i gcónaí. Míníodh gur ordú ó na Ranna Urraíochta a bhí ann leagan iomlán Gaeilge de na miontuairiscí a fhoilsíú ar líne agus na cinntí i mBéarla amháin.

Ritheadh rún comhbhróin le P. Ó Mianáin ar bhás a athar.

Cuireadh in iúl go mbeadh cur i láthair ar úsáid an iPad ag deireadh an chruinnithe.

**03.146 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

**Coiste na nDeontas**

Ghlac an Bord leis an mholadh maidir leis na leasuithe ar an Scéim Bunaithe agus Forbartha Gréasán (**Aguisín 1**). Cuireadh in iúl nach raibh ainm cuí roghnaithe don scéim go fóill agus iarradh moltaí ina leith. Nótáil an Bord an tuairisc ag deireadh na tréimhse maoinithe don tionscadal Vifax don Ghaeilge.

**An Coiste Forbartha**

Cuireadh in iúl gur pléadh dréacthphlean corparáideach go mion ag an Choiste Forbartha ar 6 Meán Fómhair 2016. Cuireadh in iúl go raibh seisiún ag an Bhord ag deireadh Feabhra faoin phlean chorparáideach agus go raibh plé ag an fhoireann ina leith fosta agus go raibh na moltaí a rinneadh ag na cruinnithe sin san áireamh sa dréacht a bhí faoi bhráid an Bhoird. Cuireadh in iúl go mbeadh an dréacthphlean corparáideach le plé ag an Choiste Forbartha arís nuair a bheadh an treoir faighte ó na ranna.

Cuireadh in iúl go mbeadh deacrachtaí ann mura mbeadh plean gnó Fhoras na Gaeilge faofa faoi dheireadh na bliana ag an CATT agus nach raibh an treoir don phlean gnó ná an buiséad curtha ar fáil go fóill. Míníodh dá dtarlódh sin nach mbeadh an Roinn Pobal in ann airgead a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge ag tús 2017 mar go mbeadh

aon chaiteachas mídhleathach. Cuireadh in iúl gur chuir an Roinn ó dheas iomlán an airgid ar fáil d'Fhoras na Gaeilge don chéad dá mhí in 2016 ach go raibh ceist ann an dtiocfadh sin a dhéanamh arís. Ardófar an t-ábhar seo ag an chruinniú leis an Aire Humphreys agus labhróidh an Cathaoirleach leis an Aire Airgeadais ó thuaidh ina leith mura bhfuil cúrsaí socraithe roimhe sin.

### **An Coiste Osradhairc**

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 13 Meán Fómhair. Pléadh an t-eolas a scaip an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha ar an Bhord maidir le léas Chearnóg Mhuirfean a bheas rite in Aibreán 2017, léas an Ghúim a bheas rite i mBealtaine 2017 agus léas úr. Cuireadh in iúl go raibh cead an Bhoird de dhíth le dul i mbun idirbheartaíochta leis an tiarna talún chun téarmaí agus coinníollacha an léasa a phlé. Thug an Bord an cead sin agus aontaíodh go dtiocfadh an feidhmeannas ar ais le tuairisc ina leith.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2agus faoi Chuid 2, Míreanna 1,2 & 6 den Iarscríbhinn sa Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

### **04.146 COISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

Scaipeadh dréacht-cháipéis a cuireadh le chéile maidir le déanmhas nua na gcoistí éagsúla agus bhí plé ina leith. Aontaíodh roinnt leasuithe ar an dréacht. **(Aguisín 2).** Aontaíodh go ndéanfaí athbhreithniú ar dhéanmhas na gcoistí agus Cathaoirleach nua agus Bord iomlán in áit.

Rinneadh tagairt do Choiste Cholmcille agus cuireadh in iúl go raibh Príomhfheidhmeannach nua ceaptha ag Bòrd na Gàidhlig agus go rabhthas ag iarraidh cruinniú a shocrú go luath. Mhol S. Ó Coistealbha an obair a dhéanann Foras na Gaeilge ar Cholmcille agus thug sé ardmholadh d'É. Ó hArgáin agus S. Ó hEidhin as an chur i láthair a rinne siad dá thoscaireacht ar 12 Meán Fómhair.

Ardaíodh ceist an raibh Coiste an Fhoclóra le bunú arís. Aontaíodh go gcuirfí an cheist siar go dtí go mbeadh Cathaoirleach nua agus Bord iomlán in áit. Aontaíodh go gcuirfí tuairisc ráithiúil ar an fhoclóir ar fáil don Choiste Forbartha agus go dtabharfaí sin don Bhord dá réir.

### **05.146 BUAN-ORDUITHE FHORAS NA GAEILGE**

Ghlac an Bord leis na buan-orduithe leasaithe **(Aguisín 3)** agus aontaíodh go gcuirfeadh an Príomhfheidhmeannach ar aghaidh chuig na Ranna iad mar eolas.

### **06.146 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 LÚNASA AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2016**

Scaipeadh cóip de cháipéis a léirigh an staid reatha ó thaobh airgeadais de agus bhí plé ina leith. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2016. Cuireadh in iúl go rabhthas fós ag fanacht ar scéal ó na Ranna maidir le maoiniú a chur ar fáil do chnapshuimeanna agus íocaíochtaí pinsean, le nach gcaithfí na cnapshuimeanna agus íocaíochtaí pinsean a dhéanamh as buiséad reatha Fhoras na Gaeilge, ach go gcuirfí litir chucu ina leith an tseachtain seo

chugainn. Cuireadh in iúl nach mbeadh maoiniú á chur ar fáil ag an Roinn Pobal ó thuaidh do na Líonraí Gaeilge ó thuaidh.

#### **07.146 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

#### **08.146 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA**

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc na hardbhainistíochta agus chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh litir faighte ag rá go mbeidh an Foras Teanga luaite i dtuairisc ón ARC&C mar gheall ar nár leagadh an Tuarascáil Bhliantúil 2014 go dtí i ndiaidh 31 Bealtaine 2016 cé gur síníodh na cuntais ar 18ú Nollaig 2015 agus gur seoladh leagan iomlán críochnaithe chuig na Ranna Urraíochta ar 18ú Bealtaine 2016.
- Gur fógraíodh post an PF an tseachtain dar críoch 26 Lúnasa.
- Go raibh cruinniú socraithe leis an Aire Humphreys.
- Go raibh cruinniú á shocrú ag an Aire Airgeadais ó thuaidh, M. Ó Muilleoir, le Micheál Martin T.D. agus leis an Dr. Katherine Zappone, an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige.
- Go raibh súil ag an ARC&C go mbeidh cuntais 2015 réidh le síniú mí Dheireadh an Fómhair.
- Go raibh cruinniú monatóireachta leis na ranna ar an Chéadaoin 7 Meán Fómhair. I measc na nithe a pléadh bhí:
  - Plean Gnó 2016;
  - Plean Gnó 2017 agus Plean Corparáideach 2017-2019, tugadh le fios go gcaithfeadh an PG bheith glanta ag na ranna airgeadais sula dtiocfadh leis an Roinn Pobal maoiniú a chur ar fáil i 2017 ach níl aon treoir tagtha maidir le leagan amach PG ná PC, an buiséad ná an ráta malairte;
  - Tuarascáil bhliantúil agus cuntais 2014 & 2015;
  - Folúntais ar an Bhord;
  - Colmcille;
  - Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais 2015.
- Go raibh post an Phríomhthéarmaeolaí fógartha arís mar aon le post mar AOF.
- Go raibh cás gnó maidir leis na moltaí is déanaí faoi thionscadal an Fhoclóra Nua Béarla-Gaeilge curtha faoi bhráid na Ranna Urraíochta.
- Gur, mar chuid den Scéim Pobail Gaeilge 2016-2020, tháinig iarratas ó ‘Togra Mhaigh Eo’. Cé gur ‘Togra Mhaigh Eo’ atá cláraithe mar ainm na scéime tá cuntas bainc na scéime faoi ‘Conradh na Gaeilge Coiste Dúiche Mhaigh Eo’. Tá sé seo ag teacht leis an scéim deiridh. Moltar an maoiniú a bheith iníoctha le ‘Conradh na Gaeilge Coiste Dúiche Mhaigh Eo’.

Nótáil an Bord é seo go foirmiúil.

- Go raibh Cathal Póirtéir roghnaithe le seal a chaitheamh sa tSlóivéin mar chuid den tionscadal Focail Eile i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2016.

- Go bhfuil an Gúm 90 bliain d'aois i mbliana agus tá comhdháil a eagrú ag UCD lena cheiliúradh. Comhdháil lae a bheidh ann ar 21 Deireadh Fómhair in Ionad Eolaíochta Uí Bhriain, UCD agus i measc na gcainteoirí a bheidh ag trácht ar ghnéithe éagsúla de stair agus d'obair an Ghúim beidh An tOll. Gearóid Ó Tuathaigh, An tOll. Michael Cronin DCU, An tOll. Alan Titley agus an Dr Gearóidín Ní Laighléis. Beidh cainteanna ann ar bhunú an Ghúim, ar obair thosaigh an Ghúim sa chomhthéacs Eorpach, ar an gcaidreamh a bhí ag an nGúm le mórscribhneoirí na Gaeilge, ar fhoilsiú na filíochta, ar na haistriúcháin cháiliúla agus ar ealaín na gclúdach sna blianta tosaigh.
- Go raibh aontú le TG4 sraith ar chúrsaí litríochta a chraoladh uair sa mhí ar feadh naoi mí ag toiseacht mí Eanáir 2017 ar chostas iomlán de €91,725 agus beidh Clár na Leabhar Gaeilge ag díol €45,000 don fhiontar iomlán. Tá bunús an airgid ag teacht ó na fuílligh bainc a bhí ann ag deireadh 2015.

**D'fhág M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa agus chuaigh S. M. Ó Domhnaill sa chathaoir.**

Phléigh an Bord an moladh maidir le FÉASTA 100 agus iarradh níos mó eolais ar an chlár. Aontaíodh go scaipfí cóip den fhógra féin ar an Bhord mar eolas. Moladh go mbeadh bean an tí ag an ócáid mar aon le fear an tí. Moladh go gcuirfí tábla in áirithe ag an ócáid d'Fhoras na Gaeilge do chomhaltaí agus do bhaill foirne a bheadh ag iarraidh ticéad a cheannach agus ghlac an Bord leis an mholadh sin.

**D'fhill M. Mac Ruairí ag an phointe seo agus chuaigh sé sa chathaoir arís.**

#### **09.146 COMHFHREAGRAS**

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh comhfhreagras faighte aige ó Chomhairle na Gaelscolaíochta agus go scaipfeadh sé é ar an Bhord mar eolas. Aontaíodh go gcuirfeadh É. Ó hArgáin, Rúnaí an Bhoird, freagra ar an litir ag cur in iúl go bhfuil laghdú ar chúrsaí buiséid Fhoras na Gaeilge faoi láthair.

#### **10.146 AON GHNÓ EILE**

Bhí seisiún ag an Bhord gan an feidhmeannas i láthair. Phléigh an Bord an próiseas earcaíochta don Phríomhfheidhmeannach nua. D'aithin an Bord dea-obair an Phríomhfheidhmeannaigh reatha. Tá an Bord buíoch dó as an obair atá déanta aige thar na blianta.

---

**Marcas Mac Ruairí**  
**Leas-Chathaoirleach**  
**4 Samhain 2016**

## **Aguisín 1**

### **Ábhar:** Leasuithe molta ar Scéim Bunaithe agus Forbartha Gréasán Lúnasa 2016

#### **Cúlra**

Bunaíodh an Scéim Bunaithe agus Forbartha Gréasán sa bhliain 2014. Bhí sé d'aidhm ag an scéim tacú le grúpaí le Gaeilge a raibh ábhar comhshuime acu. Scéim miondeontas a bhí i gceist faoina gceadófaí miondeontas (uasmhéid de €2,400 thar 3 bliana) d'iarrthóirí. Thit an scéim faoi líne buiséad Rannóg Pobal agus Gnó ach ba choiste trasrannógach le hionadaithe ón Rannóg Oideachais, Rannóg Pobal agus Gnó, Rannóg na hEarnála Poiblí agus na hEalaíona agus an Rannóg Airgeadais, araon. Scéim ilbhliantúil a bhí inti. Tá 25 grúpa á maoiniú ag an scéim agus maoiniú ceadaithe do ghrúpaí go dtí 2018.

Aithníodh le linn 2015 go raibh easnaimh idir struchtúir agus chur chuige na Scéime trí chéile. Ar cheann amháin de na dúshláin a aithníodh ná an baol a bhain le maoiniú a íoc isteach i gcuntas bainc daoine aonair (seachas i gcuntas bainc a bhain le grúpa/coiste).- Cinneadh an scéim ar chur ar fionraí i mí na Nollag 2015 leis na heasnaimh a bhain léi a leasú. Leanadh ar aghaidh leis an maoiniú a bhí ceadaithe do ghrúpaí sular cuireadh an scéim ar fionraí ach níor glacadh le haon iarratas nua ó mhí na Nollag 2015. Ag tógáil ar na heasnaimh a aithníodh sa scéim, tugadh faoi athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim.

#### **Leasuithe molta**

Aithníodh go raibh bunsmaoineamh na scéime fós bailí agus go raibh éileamh léirithe dá leithéid.

Seo a leanas na mór-athruithe atá á moladh;

| <b>Mír</b>                             | <b>An Scéim mar a bhí</b>             | <b>An scéim nua</b>                                                                  | <b>Fáth</b>                                                                                                                                                                            |
|----------------------------------------|---------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Teideal</b>                         | Scéim Bunaithe agus Forbartha Gréasán | Le haontú                                                                            | Míthuiscint léirithe ag deontaithe maidir leis an teideal                                                                                                                              |
| <b>Folíne</b>                          | N/bh                                  | Ag tacú le deiseanna úsáide na Gaeilge i do phobal                                   | Le breis eolais a thabhairt ar aidhm na scéime                                                                                                                                         |
| <b>Saolré na tairisceana maoinithe</b> | 3 bliana gan aon spriocdháta          | Dhá bhliain ach maoiniú don dara bliain ag brath ar dhul chun cinn na chéad bhliana. | Toisc an scéim le bheith dírithe ar choistí (agus ní ar dhaoine aonair) measadh, bunaithe ar ár dtaithí go dáta, go mbeadh bonnchloch faoin ghrúpa sainspéise faoi dheireadh bliain 2. |

|                             |                                                                               |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                 |                                                                                                                                                                                                                                                                                      |
|-----------------------------|-------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Tréimhse maoinithe</b>   | Oscailte leanúnach go                                                         | <p>Glacadh le hiarratais ó Mheán Fómh. go Nollaig, measúnú le déanamh ag foireann trasrannógach i Mí Eanáir</p> <p>Maoiniú le bheith ar fáil do na grúpaí theacht le chéile ó mhí Feabhra go mí Dheireadh Fómhair.</p> <p>Deis ag deontaithe cur isteach ar bhliain eile maoinithe, bunófar an t-iarratas seo ar an dul chun cinn a rinneadh sa chéad bhliain den mhaoiniú.</p> | <p>Riaradh níos éifeachtaí a dhéanamh ar an scéim, ualach oibre á roinnt thar ghrúpa seachas ar dhuine amháin,</p> <p>Le tacú le hiarrachtaí na ngrúpaí teacht le chéile.</p> <p>Deis tairiscint a dhéanamh ar íocaíochtaí roimh dheireadh bhliain airgeadais Fhoras na Gaeilge.</p> |
| <b>Próiseas Measúnaithe</b> | Duine amháin ag plé le hiarratais mar a tháinig siad isteach i rith na bliana | Foireann trasrannógach i mbun measúnaithe i mí Eanáir, scéal le cur go hiarratasóirí faoi dheireadh mhí Eanáir                                                                                                                                                                                                                                                                  | Riaradh níos éifeachtaí a dhéanamh ar an scéim, ualach oibre á roinnt thar ghrúpa seachas ar dhuine amháin,                                                                                                                                                                          |
| <b>Críteir Incháilithe</b>  | Grúpaí nó daoine aonair                                                       | Coistí a bhfuil grúpa daoine acu le hábhar comhshuime (nach í an Ghaeilge amháin í)                                                                                                                                                                                                                                                                                             | Riosca aitheanta faoi mhaoiniú a íoc isteach i gcuntas bainc pearsanta (seachas coiste)                                                                                                                                                                                              |
| <b>Próiseas Iarratas</b>    | Foirm chrua a líonadh isteach                                                 | Díreofar ar iarratas i bhfoirm PDF ineagarthóireachta ach go mbeidh rogha ann foirm chrua a líonadh isteach. Amach anseo, beidh an t-iarratas le comhlánú ar líne go hiomlán.                                                                                                                                                                                                   | Chabhródh iarratais ar líne le riarradh éifeachtach na scéime. Comhairle faighte ón CB Margaíochta go bhfuil seo indéanta                                                                                                                                                            |

|                   |                              |                                                                                                                                                                                                     |                                                                                                             |
|-------------------|------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Poiblíocht</b> | Foirmeacha ar fáil ag ócáidí | Físeán a chruthú a mhíneodh an scéim go beacht, na meáin shóisialta, fógraíocht ag ócáidí cuí agus fógraíocht trí na CEí (Oireachtas na Gaeilge, Glór na nGael agus Conradh na Gaeilge go háirithe) | Is bealach an-éifeachtach é físeán chun aidhm na scéime a mhíniú-inneachar úsáideach don suíomh nua freisin |
|-------------------|------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

### **Critéir Incháilithe Molta:**

Coistí amháin a bhfuil sainspéis acu nach í an Ghaeilge amháin í ach a bhfuil an Ghaeilge in úsáid acu mar mheán cumarsáide ar féidir leo iarratas a dhéanamh ar an scéim. Is gá go mbeidh **íosmhéid de chúigear** ag freastal ar an ngrúpa go rialta ach go gcuirfí leis an líon rannpháirtithe, mar sprioc. Glacfar le hiarratais idir mí Mheán Fómhair agus Nollaig. Beidh an fhoireann trasrannógach i mbun measúnaithe i mí Eanáir agus bronnfar deontas orthu siúd a bhaineann caighdeán (i bhfoirm céatadán) amach go n-ídeofar an ciste.

### **Costais Incháilithe Molta<sup>1</sup>:**

- Cíos (ar láthair na ngníomhaíochtaí)
- Árachas
- Fógraíocht/poiblíocht
- Cíos ar mhionbhus/bus eile
- Costais tionscadail
- Soláistí/tae agus caife
- Treoraí le saineolas ar ábhar sainspéise an ghrúpa

### **Critéir Neamhcháilithe Molta:**

- Ní ghlacfar le hiarratais ó dhaoine aonair ar an scéim
- Ní féidir le daoine faoi 18 bliana d'aois a bheith rannpháirteach sa ghrúpa sainspéise

### **Costais Neamhcháilithe Molta:**

- Ranganna Gaeilge
- Múinteoir Gaeilge
- Ciorcail chomhrá
- Aon rud eile má cheaptar iad a bheith míréasúnta / Mura bhfuil sainspéis shoiléir ann

Leanfar le gnáthchleachtais Fhoras na Gaeilge maidir le measúnú, íocaíocht agus tuairisceoireacht, araon.

<sup>1</sup> Coinneoidh an Deontá gach sonrasc bunaidh agus doiciméid eile a bhaineann leis an bPlean Bliana. Ní sholáthróidh Foras na Gaeilge deontas ach ar na sonraisc sin nó ar chruthúnais eile íocaíochta a mheastar a bheith ar chaighdeán sásúil agus a tháinig ó sholáthraithe *bona fide*.

**Amchlár Molta:**

|                                                                             |
|-----------------------------------------------------------------------------|
| • Scéim á mhúnlú- Aibreán/Bealtaine 2016                                    |
| • Cáipéisí leasaithe le dul go Stiúrthóirí 15 Lúnasa 2016                   |
| • Leasuithe ó Stiúrthóirí le cur i bhfeidhm Lúnasa 2016                     |
| • Scéim le cur faoi bhráid Choiste na nDeontas – Meán Fómhair 2016          |
| • Láinseáil agus iarratais ar fáil i mí Mheán Fómhair/Deireadh Fómhair 2016 |
| • Measúnú a dhéanamh i mí Eanáir 2017                                       |
| • Imeachtaí le bheith ann idir Feabhra-Deireadh Fómhair 2017                |
| • Tuairisciú le déanamh i mí na Samhna 2017                                 |

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi  
Chuid 2, Míreanna 2 agus 6 den Iarscríbhinn sa  
Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

## **BUAN-ORDUITHE**

Tá na Buan-Orduithe a thuairiscítear thíos ceaptha le bheith mar threoirlínte do Bhaill agus do Chathaoirleach Fhoras na Gaeilge chun cruinnithe rialta an Bhoird amach anseo a stiúradh, agus chun cruinnithe eile a stiúradh de réir mar a eagraítear agus a chomhaontaítear iad.

Is ceart na Buan-Orduithe seo a léamh agus a fheidhmiú i gcomhar le hAcht Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, agus le bunú na gComhlachtaí Forfheidhmithe chomh maith leis an gCód Iompair a chomhaontaigh Foras na Gaeilge agus an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas.

### **1 Cruinnithe**

- (a) Tionólfaidh an Cathaoirleach Cruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge agus eagrófar iad ar bhonn cruinniú go cruinniú, ag comhaontú ar ionad, am agus dáta an chéad chruinnithe eile ag an gcruinniú roimhe. Is féidir níos mó ná ionad, am agus dáta cruinnithe amháin a shocrú le haghaidh cruinnithe roimh ré fad is a thugtar fógra cuí faoi gach cruinniú do Bhaill sa taifead ar mhiontuairiscí agus i sainfhógra i scríbhinn seacht lá ar a laghad roimh an gcruinniú.
- (b) Go mbeidh cead ag an Chathaoirleach cruinniú speisialta/éigeandála a ghairm ag aon am.
- (c) Má lorgaíonn 7 gComhalta cruinniú speisialta/éigeandála go ndéanfaidh an Cathaoirleach cruinniú speisialta a ghairm taobh istigh de 7 lá ó fhaigheann sé/sí an t-iarratas i scríbhinn agus é sínithe ag an 7 gcomhalta agus go reáchtálfar an cruinniú taobh istigh de 14 lá ó fhaigheann sé/sí an t-iarratas. Reáchtálfar aon chruinniú speisialta de réir ghnáthnósanna imeachtaí an Bhoird.
- (d) Sa chás go ngairtear cruinniú speisialta/éigeandála cuirfidh an Cathaoirleach in iúl don Phríomhfheidhmeannach cad é atá le bheith ar chlár an chruinnithe agus treoróidh sé/sí don Rúnaí an Cruinniú Speisialta a eagrú.
- (e) Féadfaidh an Bord aon Chruinniú Boird a scor de réir mar is cuí dó agus a ationól don chuid eile den chruinniú ag ionad, am agus dáta a roghnaíonn sé (ní gá go mbeadh sé laistigh den fhógra seacht lá). Ní féidir déileáil, áfach, ach le gnó a bhí beartaithe don chruinniú tosaigh ag an gcruinniú ationóla, mar a tugadh le fios san fhógra don chruinniú bunaidh.

- (f) Ní ligfear aon duine den phobal isteach i gcruinnithe an Bhoird mura bhfuil sainchead tugtha ag an gCathaoirleach le tacaíocht an Bhoird. Áirítear ansin toscaireachtaí foirmiúla agus cuairteoirí.
- (g) Sonrófar amanta tosaithe agus críochnaithe cruinnithe Boird ar an gclár. Féadfaidh an Bord, tríd an gCathaoirleach, fadú do thréimhse shonraithe a cheadú.
- (h) Is éard a bheidh sa chóram le haghaidh Cruinnithe Boird ná trian de Bhaill an Bhoird atá i dteideal freastal ar an gcruinniú ina iomláine nó ar aon ghné de. Má tá ar Bhaill den Bhord tarraingt siar as cruinniú de bharr coinbhleachta leasa socraítear an córam mar sin ag trian na mball sin atá i dteideal leanúint de pháirt a ghlacadh sa chruinniú.
- (i) Déanfaidh an Rúnaí na Baill go léir atá i láthair a thaifeadadh. Coinneofar taifead chomh maith orthu sin a ghabhann leithscéal as neamhláithreacht nó as bheith déanach.
- (j) Má chailleann ball Boird dhá chruinniú i ndiaidh a chéile nó má bhíonn patrún míshásúil freastail ann, gan leithscéal réasúnach, labhróidh Cathaoirleach an Bhoird leis an mball. Má chailltear trí chruinniú i ndiaidh a chéile, cinnfidh Cathaoirleach an Bhoird ar chóir rún a chur faoi bhráid an Bhoird moladh don CATT an ball a scor ón mBord.

## 2 Cathaoirleach

- (a) Ceapfaidh an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas an Cathaoirleach, agus féadfaidh sé nó sí éirí as an gcathaoirleacht ag aon am trí fhógra a thabhairt i scríbhinn don Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas.
- (b) Tionólfaidh an Cathaoirleach cruinnithe an Bhoird.
- (c) Sa chás go mbíonn vóta cothrom ann ag an mBord nó ag Coiste beidh vóta réitigh ag Cathaoirleach an chruinnithe i ndiaidh go ndéantar vóta eile agus nach mbíonn athrú ar an vóta cothrom.
- (d) Cinnteoidh an Cathaoirleach go ndéantar de réir na mBuan-Orduithe le linn cruinnithe Boird, agus san ullmhúchán do chruinnithe Boird.
- (e) Cinnteoidh an Cathaoirleach go gcoinníonn an Rúnaí taifead cruinn ar chruinnithe Boird, lena n-áirítear miontuairiscí a chur ar fáil a léiríonn tuairimí an Bhoird, taifead ar thuairimí pearsan aonair más mian é sin a thaifeadadh, agus taifead ar chinntí.
- (f) Nuair nach bhfuil an Cathaoirleach ar fónamh, i láthair ná ar fáil ar chúis ar bith, déanfaidh an cúntóir ainmnithe don Chathaoirleach ról an Chathaoirligh a ghlacadh.

### 3 Toscaireachtaí, Aighneachtaí agus Cuairteoirí

- (a) Is féidir leis an mBord iarraidh ar phearsa aonair, ar ghrúpa nó ar eagraíocht labhairt leis faoi ábhar leasa nó imní bainteach.
- (b) Is féidir le pearsana aonair, le grúpaí nó le heagraíochtaí iarratas a dhéanamh ar aighneacht a dhéanamh leis an mBord. Is ceart an t-iarratas sin a chur isteach i scríbhinn chuig Cathaoirleach nó Rúnaí an Bhoird, agus is gnách é a chur ar bord le haghaidh eolais agus ceadú ag an gcéad chruinniú Boird eile is féidir. Freastalóidh an toscaireacht ar an gcéad chruinniú Boird eile ina dhiaidh sin de ghnáth. Má mheastar go bhfuil práinn leis an ngnó ar mian leis an toscaireacht labhairt leis an mBord faoi, áfach, is féidir leis an gCathaoirleach iarraidh ar an bpearsa aonair, ar an ngrúpa nó ar an eagraíocht teacht chuig an gcéad chruinniú Boird eile is féidir.
- (c) Cloífidh aon toscaireacht le cur i láthair nach mó ná 15 nóiméad, mura dtugann an Cathaoirleach cead dóibh dul thairis sin. Féadfaidh Baill an Bhoird ceisteanna a fhiafraí den toscaireacht le cead an Chathaoirligh.

Ní ceadmhach do Bhaill an Bhoird aon phlé a dhéanamh nó cinneadh a dhéanamh bunaithe ar an gcur i láthair fad is atá an toscaireacht i láthair.

### 4 Mí-Iompar

- (a) Beidh an Cathaoirleach freagrach as stiúradh éifeachtach cruinnithe. Leis sin beidh an rá deiridh ag an gCathaoirleach i stiúradh na gcruinnithe agus i léirmhíniú na mBuan-Orduithe.

Má chuireann Ball den Bhord nó Cuairteoir isteach go toiliúil ar ghnó an Bhoird, nó má tá sé nó sí ionsaitheach agus mí-iomprach le linn cruinnithe, iarrfaidh an Cathaoirleach ar an mBall sin éirí as an iompar míchuí i dtosach báire agus, má leantar den iompar sin, tabharfaidh sé nó sí rabhadh don Bhall nó Cuairteoir. Má leantar den iompar míchuí, is féidir leis an gCathaoirleach iarraidh ar an mBall nó Cuairteoir an cruinniú a fhágáil.

- (b) Má chreideann an Cathaoirleach nach bhfuil sé indéanta gnó an chruinnithe a dhéanamh de dheasca mí-iompar Ball nó Cuairteoirí is féidir leis nó léi faoina c(h)omhairle féin an cruinniú a chur ar atráth ar feadh tréimhse áirithe a meastar í a bheith oiriúnach chun stiúradh ceart an ghnó a ationól.
- (c) Beidh an ceart ag Ball den Bhoird, má iarrann an Cathaoirleach air nó uirthi an cruinniú a fhágáil, labhairt leis an mBord i dtaca lena (h)iompar, agus i dtaca leis sin amháin, ar feadh tréimhse nach mó ná cúig nóiméad sula bhfágann sé nó sí an cruinniú. Ar labhairt leis an mBord fágfaidh an Ball an cruinniú láithreach, má ordaíonn an Cathaoirleach é sin.
- (d) Sa chás, i dtuairim an Chathaoirligh, go ndéantar gearán tromchúiseach faoi iompar Comhalta Boird nó go sáraíonn Comhalta Boird na Buan-

Orduithe ar bhealach substainteach, cuirfear an Comhalta Boird ar fionraí gan dochar le linn do na líomhaintí a bheith á bhfiosrú.

- (e) Ní fhreastalóidh cuairteoirí ar Chruinnithe Boird ach ar an tuiscint go ndéanfaidh siad de réir na mBuan-Orduithe.

## 5 **Ord Gnó**

Beidh an t-ord seo a leanas ag gach cruinniú rialta den Bhord:

- ▶▶ Leithscéalta na mBall sin nach bhfuil in ann freastal nó atá déanach;
- ▶▶ Miontuairiscí an/na chruinnithe/gcruinnithe roimhe agus na bhfochoistí a chur ar bord;
- ▶▶ Toiliú le Miontuairiscí (lena n-áirítear Moltóir agus Cuiditheoir na miontuairiscí);
- ▶▶ Ní féidir le gnóthaí a eascraíonn ó na miontuairiscí teacht chun solais faoi nithe eile ar an gclár;
- ▶▶ Comhfhreagras;
- ▶▶ Toscaireachtaí agus Cuairteoirí;
- ▶▶ Rúin;
- ▶▶ Gnóthaí Speisialta le Breithniú;
- ▶▶ Tuairisc ar Obair ar Siúl;
- ▶▶ Ceistanna Airgeadais;
- ▶▶ Aon Ghnó Eile.

Féadfaidh ord gnó eile ag cruinnithe éigeandála agus speisialta de réir mar a chinnefidh an Cathaoirleach é.

Is féidir leis an gCathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach ord agus ábhar an chlár a phlé roimh an gcruinniú agus is féidir iad a athrú le toiliú an Bhoird ag an gcruinniú féin.

## 6 **Rúin agus Leasuithe**

- (a) Réiteoidh an Bord ceistanna gan réiteach mar chuid de ghnáthghnó ag deireadh gach plé bhaintigh agus déanfar gach cinneadh a mhiontuairisciú. Déanfar cinntí le comhaontú nó nuair is gá le vóta na mBall.

- (b) Más mian le Baill rún a chur faoi bhráid an Chruinnithe Boird go foirmiúil is ceart dóibh an rún sin a chur isteach chuig Cathaoirleach nó Rúnaí an Bhoird 14 lá ar a laghad roimh an gcuinniú Boird i gceist. Beidh an rún sin mar chuid den chlár foirmiúil don chruinniú sin ansin agus cuirfear gach ball ar an eolas faoi mar chuid den doiciméadú a fhaightear seacht lá ar a laghad roimh gach cruinniú Boird.

Mura bhfuil an Ball atá ag déanamh an rúin in ann freastal ar an gcuinniú Boird ansin measfar go bhfuil an rún tarraingte siar, mura dtoilíonn an Bord le Ball eile mar mholtóir nó mura dtoilíonn sé ar a éisteacht a iarchur go dtí an chéad chruinniú eile den Bhord.

- (c) Is féidir na nithe seo a leanas a chur i gcrích agus rúin a dhéanamh gan rún réamhfhógartha don Bhord:

- » Ceisteanna cruinnis le haghaidh miontuairiscí cruinnithe;
- » Ord an chláir a athrú;
- » Gnó a thiomnú do choiste nó fochoiste cuí;
- » Tuairiscí nó moltaí foirne a eascraíonn ó thuarascálacha a ghlacadh;
- » Nós imeachta chuig an gcéad ghnó eile ar an gclár;
- » An cruinniú a chur ar atráth;
- » Buan-Orduithe a chur ar fionraí;
- » Nithe eile de réir mar a chinneann an Cathaoirleach iad a bhfuil tábhacht láithreach leo agus a bhaineann le hoibriú éifeachtach an Bhoird.

## **7 Rialacha Plé**

- (a) Labhróidh na Baill tríd an gCathaoirleach i gcónaí.
- (b) Cuirfidh an Cathaoirleach in iúl do na Baill go bhfuil an tráth chun labhairt dóibh tagtha.
- (c) Ní labhróidh na Baill ach faoin ngnó atá á phlé ag an mBord ag an tráth áirithe sin.
- (d) Beidh rialú an Chathaoirligh ar aon Bhuan-Ordú, lena n-áirítear pointe eolais a bhaineann le Buan-Orduithe nó le dualgais reachtúla an Bhoird, críochnaitheach.

- (e) Is ceart go mbeadh na Baill ar an eolas faoin ngá le gnó a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus go bhféachfaidís nach rachadh a gcion thar chúig nóiméad ag aon am ar leith.
- (f) Is ceart go ndéanfaidh na Baill cinnte nach labhraíonn siad ach uair amháin ar aon ní a bhíonn á phlé, le comhairle ón gCathaoirleach.
- (g) Féadfaidh na Baill leasú ar rún atá déanta cheana a mholadh, agus má cheadaíonn an Bord é glacfar leis sin mar an fíor-rún, mura leasaítear a thuilleadh é. Ní ghlacfaidh an Cathaoirleach ach le leasú amháin ag am amháin.

## **8 Canbhasáil le linn Cruinnithe agus Lasmuigh**

- (a) Ní dhéanfaidh na Baill canbhasáil thar ceann aon phearsan aonair, grúpa, eagraíocht nó gnólachta i dtaca le ceapachán, seirbhís nó conradh le Foras na Gaeilge.
- (b) Ní dhéanfaidh na Baill canbhasáil ar a chéile le linn cruinnithe nó rompu i dtaca le ceapacháin, seirbhísí nó conarthaí a riar.
- (c) Áireofar in aon mhiontuairisc ar cheapachán nó earcaíocht paragraf ina gcoisctear canbhasáil ball agus foirne.

## **9 Coistí an Bhoird**

- (a) Déanfaidh an Bord Coistí, agus Cathaoirleach gach Coiste, a cheapadh mar a mheasann an Bord iad a bheith oiriúnach agus de réir mar atá éilithe ag reacht, lena n-áirítear Coiste Iniúcháireachta. Is ceart go gcuirfeadh an Bord a Chód Iompair san áireamh chomh maith.
- (b) Is ceart ballraíocht agus cathaoirleacht Coistí a athbhreithniú go débhlíantúil ar a laghad.
- (c) Féadfaidh an Bord aon Choiste a bhunaigh sé a dhíscaoileadh mura bhfuil feidhm leo a thuilleadh nó mura dteastaíonn siad a thuilleadh.
- (d) Is éard a bheidh sa chóram do chruinnithe Coiste ná líon nach lú ná triúr Ball nó trian de Bhaill an Choiste, cibé líon is mó díobh. Ní mór ball Boird a bheith mar dhuine den chóram.
- (e) Beidh Rúnaí an Bhoird freagrach as a chinntiú go dtugtar do gach ball Coiste fógra seacht lá ar a laghad faoi gach cruinniú Coiste.
- (f) Más gá le Coiste déileáil le gnó práinneach nó gnó nach raibh súil leis, d'fhéadfadh sé nach léireodh an fógra, na páipéir agus an clár é sin agus go ndéileálfaí leis an ngnó práinneach nó gnó nach raibh súil leis faoi Aon Ghnó Eile.

- (g) Déanfaidh Coistí, nuair is cuí, am agus dáta seasta le haghaidh cruinnithe a shocrú, ach seachas sin socróidh siad dáta don chéad chruinniú eile ag an gcruinniú reatha agus cuirfear fógra ceart ar fáil do na baill de réir alt 1 (a) thuas.
- (h) Féadfaidh Cathaoirleach Coiste cruinniú speisialta den Choiste sin a thionól ag ligean do Rúnaí an Bhoird fógra seacht lá i bhfoirm scríbhinne a chur ar fáil do na baill, agus ní ceart go ndéanfaí ag an gcruinniú speisialta sin ach an gnó a fhaightear laistigh den chlár fógartha.
- (i) Má chailleann ball choiste trí chruinniú i ndiaidh a chéile den choiste labhróidh Cathaoirleach an choiste leis an bhall. Labhróidh Cathaoirleach an choiste le Cathaoirleach an Bhoird agus cinnfidh Cathaoirleach an Bhoird ballraíocht an bhaill ar an choiste a chur faoi bhráid an Bhoird más cuí.
- (j) Déanfaidh an Bord ag an gcéad chruinniú sceidealta eile miontuairiscí an Choiste a chur ar bord mar eolas.
- (k) Is ceart go ndéanfaí rúin agus cinntí ag cruinnithe Coiste, mar a dhéantar ag cruinnithe Boird, ag baint úsáide as comhthoiliú a mhéad is féidir, agus as vóta den Choiste más gá.
- (l) Bainfidh na Buan-Orduithe a nglacann an Bord leo dá fheidhmiú le Coistí agus fo-Choistí an Bhoird chomh maith.
- (m) Is féidir baill nach Baill den Bhord iad a áireamh sna coistí, ach is ceart go mbeadh leath na mball ar aon Choiste nó fo-Choiste ina mBaill den Bhord. Beidh na cearta agus an chosaint dliteanais chéanna ag baill Choiste nach Baill den Bhord iad is atá ag Baill den Bhord.
- (n) Beidh ballraíocht Coistí faoi chomhairle an Bhoird.

## **10 Dualgais Bhaill an Bhoird**

- (a) Tugtar breac-chuntas orthu seo sa Chód Iompair, rud is ceart a léamh i gcomhar leis na Buan-Orduithe seo in éineacht leis an Meamram Airgeadais.
- (b) Ní dhéanfaidh Baill aonair den Bhord aon bhall foirne a cháineadh nó a smachtú i dtaca le hobair a dhéantar le linn dualgas foirne thar ceann Fhoras na Gaeilge.

## **11 Buan-Orduithe a Athrú**

Is féidir leis an mBord Buan-Orduithe a athrú, ach is ceart nóta a dhéanamh d'aon athrú a mholtar ag cruinniú Boird agus é a chur ar atráth

le haghaidh breithniú ag an gcéad chruinniú sceidealta eile chun meabhrú ceart agus fógra do Bhaill nach raibh in ann freastal ar an gcruinniú tosaigh a cheadú.

**12 Buan-Orduithe a Chur ar Fionraí**

Féadfaidh an Bord le comhthoil nó vóta tromlaigh Buan-Orduithe a chur ar fionraí chun déileáil le mír phráinneach gnó nó nuair a oireann ag cuimhneamh ar chineál an ghnó ar leith.

**13 Buan-Orduithe a Léirmhíniú**

Ní dhéanfar agóid i gcoinne rialú an Chathaoirligh ag aon chruinniú den Bhord i dtaca le léirmhíniú Buan-Orduithe.

**14 Buan-Orduithe a Fhoilsiú agus a Úsáid**

- (a) Déanfar Buan-Orduithe a scaipeadh ar gach Ball den Bhord agus ar gach ball foirne sinsearach.
- (b) Beidh Cóip de Bhuan-Orduithe ar fáil do Chathaoirleach an Chruinnithe Boird agus aon chruinnithe Coiste.

**Miontuairiscí ón 147ú cruinniú Boird a tionóladh Dé Luain 10 Deireadh Fómhair 2016 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** M. Mac Ruairí, (Leas-Chathaoirleach), B. Ní Chofaigh, S. Ó Coistealbha, S. Ó hArgáin, R. Ní Laoghaire agus C. McGuinness.

**Leithscéalta:** S. M. Ó Domhnaill, G. McElwain, P. Callaghan, B. Ó Muirí.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí (nasc físhchomhdhála ó Ghaoth Dobhair), S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

**01.147 SCÉALTA A BHÍ SNA MEÁIN**

Phléigh an Bord na scéalta a bhí sna meáin le deireanas a bhain le:

- Maoiniú tionscadail éagsúla,
- Comhalta Boird,

Pléadh an cheist faoi fhoinsí eile maoinithe.

**D'fhág S. Coinn an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.**

Phléigh an Bord an próiseas maidir le post an Phríomhfheidhmeannaigh.

---

**Marcas Mac Ruairí**  
**Leas-Chathaoirleach**  
**4 Samhain 2016**

**Miontuairiscí ón 148ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 4 Samhain 2016 san Óstán Brehon, Cill Airne, Co. Chiarraí.**

**I láthair:** M. Mac Ruairí, (Leas Chathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chofaigh S. Ó Coistealbha, R. Ní Laoghaire, C. McGuinness agus B. Ó Muirí.

**Leithscéalta:** G. McElwain, P. Callaghan agus S. Ó hArgáin.

**Ag freastal:** F. Mac an Fhailigh (Príomhfheidhmeannach), S. Ó Coinn (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

**Leithscéal:** J. Ó Labhraí.

Aontaíodh go n-athrófaí ord an chláir le go ndéanfaí mír 10 a phlé ag tús an chruinnithe seachas ag an deireadh.

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh fógra scoir tugtha ag an Phríomhfheidhmeannach dó agus do na Ranna urraíochta agus go mbeadh sé ag éirí as a phost ar 30 Samhain. Ghabh an Bord buíochas leis as an obair a bhí déanta aige don eagraíocht ina shaol oibre léi.

**10.148 TUAIRISC AR AN PHRÓISEAS EARCAÍOCHTA DON PHRÍOMHFHEIDHMEANNACH**

Bhí seisiún ag an Bhord leis an Phríomhfheidhmeannach gan an feidhmeannas i láthair. Phléigh an Bord an próiseas earcaíochta don Phríomhfheidhmeannach nua agus ghlac an Bord leis an mholadh S. Ó Coinn a ainmniú mar Phríomhfheidhmeannach agus aontaíodh go gcuirfí an moladh sin faoi bhráid an CATT dá réir le haghaidh faofa.

Moladh go mbeadh ról níos lárnaí ann amach anseo don Bhord sa phróiseas earcaíochta.

Tháinig an chuid eile den fheidhmeannas isteach sa chruinniú agus chuir an Cathaoirleach iad ar an eolas faoin dá rud a bhí díreach pléite ag an Bhord

**01.148 COIMHLINT LEASA**

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon choimhlint leasa le nochtheadh ag aon duine agus gur cheart sin a dhéanamh ag tús an chruinnithe nó le linn an chruinnithe, de réir mar ba ghá. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh coimhlint leasa aige féin agus aontaíodh go mbeadh S. M. Ó Domhnaill sa chathaoir nuair a d'fhágfadh an Cathaoirleach an cruinniú.

**02.148 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 16 Meán Fómhair agus 10 Deireadh Fómhair 2016 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

**03.148 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE**

**Coiste na nDeontas**

Cuireadh in iúl go raibh deacrachtaí córaim ann i gcónaí agus ardaíodh ceist faoi chruinnithe a eagrú um thráthnóna seachas ar maidin. Aontaíodh go ndéanfaí an cheist sin a phlé agus Bord iomlán agus coistí nua in áit.

Thug an Bord suntas don tuairisc ar an Chiste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Náiscolaíochta (**Aguisín 1**). Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £73,000 a cheadú d'Ionad Uíbh Eachach faoin Chiste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Réamhscolaíochta agus Cúram Leanaí.

| Ainm Eagraíochta            | Uimhir thagartha | Méid iarrtha | Méid molta |
|-----------------------------|------------------|--------------|------------|
| Gaelchúram Uachtar Chluanaí | 1601058          | £73,000      | £73,000    |

Briste síos mar seo a leanas £40,000 in 2017 agus £33,000 in 2018.

**D'fhág M. Mac Ruairí an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa agus chuaigh S. M. Ó Domhnaill sa chathaoir.**

Ghlac an Bord leis an mholadh €2,720 a chur ar fáil do Chonradh an Gaeilge chun Eolaire Gnó a chur ar PEIG.ie. (**Aguisín 2**).

Phléigh an Bord an moladh maidir leis an scéim le tacaíocht margaíochta a sholáthar d'Earnáil na Foilsitheoireachta Ghaeilge. Moladh teagmháil a dhéanamh le roinnt cláracha raidió, ag iarraidh leabharthaí Gaeilge a bheith luaite sna Clubleabhar acu agus leis an Late Late Toy Show. Cuireadh in iúl go raibh plé ar siúl ag Foras na Gaeilge le TG4 faoin tsraith atá á cur le chéile faoi láthair maidir le cúrsaí litríochta agus leabhar. Ghlac an Bord leis an mholadh maidir leis an scéim le tacaíochta margaíochta a sholáthar d'Earnáil na Foilsitheoireachta Ghaeilge (**Aguisín 3**).

**D'fhill M. Mac Ruairí ag an phointe seo agus chuaigh sé sa chathaoir arís.**

**An Coiste Forbartha**

Cuireadh in iúl go raibh an dréachtphlean corparáideach 2017-2019 curtha le chéile cé nach raibh an treoir, buiséad nó ráta malairte tagtha ó na Ranna go fóill. Cuireadh in iúl go raibh baol ann nach mbeadh plean gnó 2017 nó plean corparáideach 2017-2019 glanta faoi dheireadh na bliana, rud a chiallódh nach mbeadh an Roinn Pobal in ann aon mhaoiniú a chur ar fáil ag tús Eanáir 2017 mar go mbeadh an caiteachas mídhleathach. Sa chás sin, míníodh nach mbeadh Foras na Gaeilge in ann tuarastal a íoc leis an fhoireann, le foireann na gCeanneagraíochtaí nó deontaithe ó scéimeanna éagsúla Fhoras na Gaeilge ach oiread.

Cuireadh in iúl gur phléigh an Coiste Forbartha na deacrachtaí sin mar aon le ceist na bhfolúntas ar an Bhord agus gur mhol an Coiste go scríobhfadh an Bord litir chuig na Ranna faoin dóigh a bhfuil siad ag caitheamh le Foras na Gaeilge agus go gcuirfí an litir chéanna chuig oifig an Taoisigh, OFMDFM agus chuig an dá Aire Airgeadais. Ghlac an Bord leis an mholadh sin. Aontaíodh go gcuirfí preasráiteas amach i ndiaidh don litir bheith seolta agus go ndéanfaidh an Cathaoirleach agallamh ar na meáin ina leith.

Phléigh an Bord na téarmaí tagartha don Fhóram Forbartha Teanga agus d'aontaigh an Bord leis an mholadh maidir le tréimhse cheithre bliana mar bhallraíocht. Cuireadh in iúl go raibh Cathaoirleach an Fhórait Fhorbartha Teanga ag éirí as ag deireadh na bliana mar gheall ar chúraimí eile oibre agus go mbeadh Cathaoirleach nua le roghnú. Iarradh moltaí an Bhoird ina leith agus aontaíodh go gcuirfí ríomhphost chuig an Bhord ag tabhairt achoimre ghairid ar an saghas duine a bheadh ag teastáil mar aon le liosta de bhaill an Fhórait freisin.

Thug an Cathaoirleach cúlra ar an cháipéis ‘I dTreo Plean Straitéiseach don Ghaeilge mar Theanga Chlainne’. Chuir sé in iúl go raibh moltaí agus plean gnímh i gceist anois. Thug an Bord moladh don obair ar fad a rinneadh in ullmhú an phlean. Ardaíodh ceist faoi eolas a bhain leis na grúpaí luaite ann agus iarraidh go mbeadh deis ag grúpaí an t-eolas sin a iomlánú dá mba mhian leo.

**D’fhág M. Mac Ruairí agus S. Ó Coistealbha an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa agus chuaigh S. M. Ó Domhnaill sa chathaoir.**

Moladh gurbh fhiú labhairt leis na déagóirí iad féin seachas leis na tuismitheoirí agus feachtas poiblí a chur ar bun faoi bhuntáiste an dátheangachais. D’aontaigh an Bord le moladh an Choiste Forbartha go mbeadh tuismitheoir aonair ón Ghaeltacht agus tuismitheoir aonair ó lasmuigh den Ghaeltacht sa ghrúpa mar aon le duine a dhéanfaidh ionadaíocht ar dhaoine óga. Pléadh foinsí eile maoinithe, an Eoraip ina measc, agus aontaíodh go ndéanfaí an cheist sin a fhiosrú.

**D’fhill M. Mac Ruairí agus S. Ó Coistealbha ag an phointe seo. Chuaigh M. Mac Ruairí sa chathaoir arís.**

### **Coiste Iniúchta**

Scaipeadh cóip uasdátaithe den chlár rioscaí agus bhí plé ina leith. Rinneadh tagairt do riosca 2 agus cuireadh in iúl go raibh plé tosaithe leis na Ceanneagraíochtaí ag míniú dóibh go bhfuil baol ann nach n-íocfaí tuarastal leo i mí Eanáir 2017 agus go raibh cuid acu ag plé le polaiteoirí ina leith ó shin. Rinneadh tagairt do riosca 5 agus na hathruithe foirne ar fad laistigh den Roinn ó dheas, an t-athrú sa roinn ó thuaidh agus na hathruithe uilig i bhForas na Gaeilge. Ardaíodh ceist faoi leanúnachas idir an Príomhfheidhmeannach ag imeacht agus an Príomhfheidhmeannach nua ag tosú agus cuireadh in iúl go mbeadh próiseas aistrithe eolais ag tarlú idir seo agus deireadh na míosa agus go mbeadh an t-eolas ar fad á roinnt leis an Phríomhfheidhmeannach nua. Ghlac an Bord leis an chlár rioscaí.

### **An Coiste Osradhairc**

Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 26 Deireadh Fómhair ag ar pléadh tuairisc ar an fhiosrúchán faoin Chomhalta Boird go mion. Scaipeadh achoimre ar an Bhord agus bhí plé ina leith. Cuireadh in iúl gur leanadh an dea-chleachtas sa phróiseas ar fad. D’aontaigh an Bord le moladh an Choiste Osradhairc:

- Go leanfadh an fhionraíocht ar aghaidh,
- Go scríobhfadh an Cathaoirleach chuig an eagraíocht i gceist ag cáineadh an iompair agus ag cur in iúl gur sháraigh an Comhalta, i dtuairim an Choiste Osradhairc, an Cód Iompair, an oiliúint a cuireadh air agus go raibh sé ag feidhmiú taobh amuigh de ghnáth-iompar Chomhalta Boird,
- Go scríobhfadh an Cathaoirleach ar son an Bhoird chuig an CATT ag iarraidh go mbainfí an Comhalta i gceist den Bhord,
- Go scríobhfadh an Cathaoirleach chuig an Chomhalta á chur seo in iúl.

D’aontaigh an Bord go mbeadh deis ag an Chomhalta achomharc a dhéanamh agus go ndéanfaí cúnamh breise a thairiscint don eagraíocht i gceist.

**04.148 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 MEÁN FÓMHAIR AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2016**

Scaipeadh cóip de cháipéis a léirigh an staid reatha ó thaobh airgeadais de agus bhí plé ina leith. Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2016. Cuireadh in iúl go rabhthas fós ag fanacht ar scéal ó na Ranna maidir le maoiniú a chur ar fáil do chnapshuimeanna agus íocaíochtaí pinsean. Ardaíodh ceist faoi Cholmcille agus ar cheart don Bhord bheith inníoch i leith leibhéal an tearc-chaiteachais chomh mall seo sa bhliain. Míníodh go raibh riosca ar leith ag baint le Cláir Cholmcille de bharr gur buiséad imfhálaithe a bhí ann, agus dá dtarlódh tearc-chaiteachas sa bhuiséad nach bhféadfaí sin a aistriú chuig cláir eile. Cuireadh in iúl go raibh moladh déanta cheana féin leis na Ranna go gcuirfí buiséad Cholmcille isteach in ollbhuiséad Fhoras na Gaeilge. Míníodh gur ullmhaigh Coiste na nDeontas cáipéis i leith an togra cheana féin ach gurbh fhiú an cheist a phlé arís. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach agus/nó an Leas-Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile i mí na Nollag. Sa chás go mbeadh coimhlint leasa ag an Chathaoirleach, thug an Bord cead do S. M. Ó Domhnaill feidhmiú ina áit don ghnó seo.

#### **05.148 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

#### **06.148 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA**

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc na hardbhainistíochta agus chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Gur fhaomh an Bhord polasaí ‘Cabhair le haghaidh staidéir’ mí Iúil 2015. Tá mionleasú foclaíochta le déanamh i dtaca le mír 17 ‘Próiseas Achomhairc’ sa cháipéis chéanna – an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha a athrú go dtí an Príomhfheidhmeannach maidir leis an té atá ainmnithe le litir achomhairc a scríobh chucu. Tá seo á mholadh le cinntiú go bhfuil idirdhealú soiléir idir an té a ghlacann cinntí i leith iarratais sa chéad dul síos agus aon athbhreithniú a dhéantar faoi próiseas achomhairc. Ghlac an Bord leis an leasú foclaíochta.
- Go raibh an cruinniú athshocraithe leis an Aire Humphreys don 15 Samhain. Beidh an Cathaoirleach agus G. McElwain i láthair thar ceann an Bhoird.
- Go raibh súil ag an ARC&C go mbeidh cuntais 2015 réidh le síniú mí na Samhna.
- Go raibh C. Ó hArgáin ceaptha mar AOF san SSO. Go raibh post mar Oifigeach Feidhmiúchán san SSC fógartha.
- Go raibh tairiscint déanta do phost an Phríomhthéarmeolaí.
- Tugadh uasdátú maidir leis an léas don oifig nua agus cuireadh in iúl go raibh tacú i bprionsabal faighte agus go raibh na príomhthearmaí comhaontaithe le bogadh ar aghaidh. Cuireadh in iúl go raibh tacaíocht aon-uaire chaipitil de €500,000 iarrtha ar na ranna. Aontaíodh go gcuirfí cóip de na príomhthearmaí comhaontaithe ar fáil don Bhord mar eolas agus leis an phlé a éascú. Aontaíodh eolas comparáideach airgeadais a chur ar fáil don Bhord. D’iarr an Bord go gcuirfí an fhoireann ar an eolas faoi agus cuireadh in iúl go ndéanfaí sin ag an lá foirne a bhí beartaithe don 24 Samhain.
- Aontaíodh go gcuirfí litir chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna chun moladh a thabhairt dóibh faoin Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 a seoladh ar 28 Deireadh Fómhair i nGaillimh. Léirigh an Bord inní nach raibh ionadaí ó Fhoras na Gaeilge, nó Comhaltaí Boird, i láthair ag an seoladh.

Míníodh gur tharlaigh gan ionadaithe ón Fheidhmeannas i láthair de bharr nach bhfuarthas eolas i leith na hócáide go dtí cúpla lá roimh an ócáid féin agus nach bhféadfaí socruithe a dhéanamh le go mbeadh duine den fhoireann i láthair. Iarradh go gcuirfí scéal chuig Comhaltaí faoi ócáidí mar sin feasta.

- Phléigh an Bord FÉASTA 100 agus ardaíodh ceist arís faoi bhean an tí don ócáid. Cuireadh in iúl gur D. de Faoite a bheadh mar fhear an tí agus nach raibh an buiséad ann do bhean an tí. Cuireadh in iúl go raibh ticéad ar fáil le céannacht ó Fhoras na Gaeilge go fóill agus go mbeadh bord in áirithe do chomhaltaí Boird Fhoras na Gaeilge ar mian leo ticéad a cheannach. Chuir roinnt comhaltaí in iúl go mbeadh siad i láthair.

#### **07.148 MOLADH MAIDIR LE CRUINNITHE BOIRD IN 2017**

D'aontaigh an Bord go mbeadh dátaí na gcruinnithe Boird do 2017 le plé arís ach ghlac an Bord leis an mholadh go mbeadh cruinniú Boird ann ar 20 Eanáir ag a dtabharfaí oiliúint don Bhord maidir le rialachas corparáideach. Moladh go mbeadh lá ann don Bhord chun aithne a chur ar a chéile agus aontaíodh go ndéanfaí sin ar 20 Eanáir.

#### **08.148 COMHFHREAGRAS**

Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

#### **09.148 AON GHNÓ EILE**

---

**Marcas Mac Ruairí**  
**Leas-Chathaoirleach**  
**9 Nollaig 2016**

## **Tuairisc ar an Chiste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Naíscolaíochta**

### **Cúlra**

Bunaíodh an Ciste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Naíscolaíochta in 2012 le tacú le bunú naíscoileanna / naíonraí. Is ciste infheistíochta é le tacú le forbairt na gaelscolaíochta agus na Gaeilge. Is é bunphrionsabal na scéime go mbeidh caiteachas ón chiste le caitheamh ar thionscadail réamhscolaíochta atá ceangailte go daingean dlúth le forbairt na gaelscolaíochta agus na Gaeilge sa phobal áitiúil, agus le go mbeidh tionchar fadtéarmach as an infheistíocht a dhéantar ar fhiontair i.e. go gcuirfear tús le pobal Gaeilge i gceantair nach bhfuil sin iontu faoi láthair.

Tá sé mar bhunchritéir go bhfuil aon iarratas ar mhaoiniú ceangailte le pleananna meántéarmacha agus fadtéarmacha d'fhorbairt na gaelscolaíochta agus na Gaeilge sa cheantar, déantar seo a chinntiú trí chomhoibriú le Comhairle na Gaelscolaíochta, Gaelscoileanna Teo. agus trí phlean aschur teanga atá le cur isteach mar chuid den iarratas.

Go dáta bunaíodh na naíscoileanna seo a leanas:

- Athlonnaíodh **Naíscoil Cholmcille** i gcathair Dhoire, go ceantar Bhaile na gCailleach sa bhliain 2012. Tá 17 pháiste cláraithe don scoilbhliain 2016, tá cúigear sa bhliain réamhscoile. Nuair a céadosclaíodh an naíscoil bhí beirt ón cheantar áitiúil fostaithe, tá sin anois méadaithe go triúr.

Tá ranganna Gaeilge ar fáil sa naíscoil atá dírithe ar thuismitheoirí agus tá an naíscoil ag comhoibriú le Ollscoil Uladh le dalta sa bhliain dheireanach den chéim a chur amach leis na ranganna sin a theagasc, tá 12 cláraithe i mbliana leis na ranganna.

Tá nasc láidir forbartha ag an naíscoil le Gaelscoil Éadain Mhóir. Rinne an ETI (Education and Training Inspectorate) cigireacht ar an naíscoil le déanaí agus d'éirigh go geal leo agus tugadh moladh ar leith sa tuairisc don fhoireann agus don chumas Gaeilge atá acu. Tá clár 'Tús Cinnte' (le haghaidh páistí faoi bhun 0-4 bliana ó chúlra faoi mhíbhuntáiste) ag an naíscoil gach tráthnóna ina bhfuil 12 cláraithe agus tá na himeachtaí seo uilig déanta trí mheán na Gaeilge.

- Bunaíodh **Naíscoil Ghleann an Iolair** i ndeisceart Chontae Dhoire sa bhliain 2013. Tá 16 cláraithe don scoilbhliain 2016 agus iad uilig sa bhliain réamhscoile, tá liosta feithimh ag naíscoil i mbliana don chéad uair. Nuair a céadosclaíodh an naíscoil bhí beirt ón cheantar áitiúil fostaithe ach tá sin anois méadaithe go triúr. Tá sé beartaithe ag an choiste seomra eile a fháil san ionad ina bhfuil siad lonnaithe le go mbeidh siad in ann plé leis an éileamh sa cheantar. Rinne an ETI (Education and Training Inspectorate) cigireacht ar an

naíscoil in Aibreán 2016 agus d'éirigh go geal leo agus tugadh moladh ar leith sa tuairisc do chumas Gaeilge na bpáistí.

Tá ranganna agus imeachtaí Gaeilge ar fáil do dhaoine óga go seachtainiúil le scéim óige maoinithe ag Foras na Gaeilge fríd Scéim na nImeachtaí Óige, bíonn breis is 40 duine óg ag freastal ar na ranganna agus na himeachtaí seo gach uile seachtain. Is léir gur spreag oscail na naíscoile suim mhór sa Ghaeilge sa cheantar agus go hiondúil is iad deartháireacha / deirfiúracha na bpáistí atá ar an Naíscoil na daoine óga a fhreastalaíonn ar na ranganna agus imeachtaí Gaeilge. Tá ranganna Gaeilge do dhaoine fásta ar fáil sa naíscoil ina bhfuil 20 duine cláraithe. Tá scéim óige sa naíscoil anois chomh maith ina ndéanann daoine óga drámaíocht, ceol agus spóirt trí mheán na Gaeilge. Tá Cumann Oidhreacht Gaeilge bunaithe sa cheantar anois chomh maith.

Tá pleananna ag an choiste bunscoil a bhunú sa cheantar sa todhchaí ach go dtí go mbaintear sin amach tá caidreamh láidir tógtha ag coiste na naíscoile leis an Bhunscoil Bhéarla (St. Patrick's and St. Joseph's) sa cheantar agus anois tá an-bhéim ar an teanga sa scoil mar aon le club iarscoile Gaeilge. Bíonn cúntóir Gaeilge ó Ollscoil Uladh ag obair sa bhunscoil Bhéarla uair sa tseachtain le freastal ar riachtanais na bpáistí a tháinig fríd an naíscoil agus le cuidiú leo a gcuid Gaeilge a fhorbairt.

- Bunaíodh **Naíscoil na Tamhnaí Móire** i ndeisceart Chontae Aontroma sa bhliain 2014.

Tá 25 pháiste cláraithe leis an naíscoil don scoilbhliain 2016 le naonúr sa bhliain réamhscoile agus is dul chun cinn iontach é seo, nuair a céadosclaíodh an naíscoil ní raibh ach 6 pháiste cláraithe leo. Nuair a céadosclaíodh an naíscoil bhí beirt ón cheantar áitiúil fostaithe, tá sin anois méadaithe go triúr.

Tá ranganna Gaeilge ar fáil sa naíscoil anois le 12 cláraithe, tá sé mar sprioc ag an choiste cur leis seo i mbliana. Bíonn imeachtaí sóisialta ar nós céilithe, ciorclaithe comhrá agus laethanta teaghlaigh ar fáil i nGaeilge sa cheantar anois chomh maith.

Tá an naíscoil lonnaithe ar shuíomh bunscoil Bhéarla (St Macnissius' Primary School) agus d'aistrigh an scoil le bheith ina Gaelscoil i Meán Fómhair 2016. Gaelscoil na Tamhnaí Móire a bheas ar an scoil ó seo amach, is é seo an chéad uair do scoil Bhéarla aistriú le bheith ina Gaelscoil sa Tuaisceart. Tá méadú suntasach tagtha ar shuim sa Ghaeloideachas sa cheantar ón bunaíodh an naíscoil.

- Bunaíodh **Naíscoil an Chéide**, i gContae Ard Mhacha sa bhliain 2015. Tá 14 páiste cláraithe leis an naíscoil don scoilbhliain 2016, tá siad ag dúil go mbeidh 16 ann i mí Eanáir nuair a bhaineann beirt pháiste aois oiriúnach don naíscolaíocht amach. Faoi láthair tá beirt ón cheantar áitiúil fostaithe ag an naíscoil.

Tá ranganna ealaíona agus ceardaíochta ar fáil sa naíscoil go seachtainiúil agus d'eagraigh an coiste imeachtaí Gaeilge le linn na bliana i.e. ag an Nollaig, le linn sheachtain na Gaeilge, ag an Cháisc agus tá an coiste ag

iarraidh tógáil air sin amach anseo. Tá ceardlanna ceoil agus rímeanna eagraithe ag an choiste sa leabharlann áitiúil agus déanann siad seo go dátheangach chun tuismitheoirí úra a mhealladh chuig an naíscoil le blaiseadh den Ghaeilge a thabhairt daofa.

Tá pleananna ag an choiste bunscoil a bhunú sa cheantar sa todhchaí, tá sprioc acu an bhunscoil a bhunú taobh istigh de dhá bhliain.

Rinneadh leasú ar an scéim ag an chruinniú boird ar 1 Iúil le bunú naíolann a bheith san áireamh sa scéim, ‘An Ciste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Réamhscolaíochta agus Cúram Leanaí’ atá ar an scéim anois. Rinneadh an scéim a leasú i ndiaidh do roinnt fiosrúcháin theacht ón phobal maidir le maoiniú a bheith ar fáil le naíolann pobail a bhunú.

## Aguisín 2

### **Maoiniú do Eolaire Gnó Peig.ie / Conradh na Gaeilge**

Is ardán ilmheán é PEIG (Pobal – Eolas – Ilmheán – Gaeilge) a chuireann eolas agus nuacht faoin nGaeilge ar fáil don phobal. Seoladh an suíomh go hoifigiúil ag seoladh an tsuímh tairsí don Ghaeilge ar an 29 Meitheamh 2016.

In 2015, cuireadh maoiniú aon uaire (€57,005) ar fáil do Chonradh na Gaeilge le comhordaitheoir a cheapadh le heolaire seirbhísí Peig.ie a fhorbairt, le forbairt a dhéanamh ar shlándáil, ar luas agus ar theicneolaíocht an tsuímh agus le feachtas bolscaireachta a reáchtáil leis an suíomh a phoibliú.

Acmhainn eile atá ar fáil le PEIG.ie ná an tEolaire Gnó a bheidh ina uirlis mhargaíochta saor in aisce do ghnólachtaí agus d'eagraíochtaí a chuireann seirbhísí i nGaeilge ar fáil don phobal. Cuimsíonn an t-eolaire nua seo seirbhísí Gaeilge atá á gcur ar fáil faoi láthair, ach go háirithe seirbhísí féideartha a d'fhéadfaí a chur ar fáil trí Ghaeilge amach anseo. Tá Conradh na Gaeilge ag súil go spreagfaidh sé gnólachtaí le dul i mbun gnímh chun seirbhís trí Ghaeilge a thairiscint agus go gcuirfidh an t-eolaire le líon na ndaoine a úsáideann seirbhísí Gaeilge.

Déanann an aighneacht iniata cur síos ar an dul chun cinn atá déanta leis an mbunachar sonraí de chomhlachtaí a chuireann seirbhís ar fáil trí mheán na Gaeilge agus tugann an tábla thíos briseadh síos ar an iomlán (€8,945) atá á lorg ag Conradh na Gaeilge leis an eolaire a fhorbairt.

| <b>Gné</b>                                                                     | <b>Suim á lorg</b> |
|--------------------------------------------------------------------------------|--------------------|
| Tuarastal Chomhordaitheoir an Eolaire, 3 mhí, Pointe 1 (Leibhéal Cléireachais) | €5,775             |
| Seastán x2                                                                     | €250               |
| Cártaí Gnó – le scaipeadh nuair a thagann                                      | €200               |
| Eolaire a chur le haip PEIG                                                    | €2,720             |
| <b>Iomlán</b>                                                                  | <b>€8,945</b>      |

Ba mhaith le Conradh na Gaeilge tuilleadh forbairtí a dhéanamh ar an aip le go mbeidh an tEolaire Gnó ar fáil air. Cuirfeadh an uirlis nua in iúl cén seirbhísí Gaeilge atá cóngarach don úsáideoir agus mheallfadh sé tuilleadh daoine le húsáid a bhaint ar seirbhísí trí mheán na Gaeilge.

Dar le PANGR, a d'fhorbair aip Peig.ie, bheadh costas €2,720 ag baint le leagan den eolaire a fhorbairt mar chuid den aip.

Moltar €2,720 a chur ar fáil don ghné seo den iarratas ó bhuiséad na rannóige Cumarsáide agus Margaíochta (3499001: Láithreán Greasáin). Moltar chomh maith go bhforbródh Conradh na Gaeilge an tEolaire lastigh de na hacmhainní foirne reatha agus go mbeadh comhoibriú idir Foras na Gaeilge agus eagraíochtaí eile i réimse an ghnó leis an Eolaire a a fhorbairt.

**Foras na Gaeilge**

**Scéim le tacaíocht margaíochta a sholáthar  
d’Earnáil na Foilsitheoireachta Ghaeilge.**

**Scéim trí bliana don tréimhse 2017-2019.**

Tá scoth na leabhar á bhfoilsíú ag foilsitheoirí Gaeilge. Tá caighdeán na leabhar seo chomh hard nó níos fearr fiú ná cuid mhór de na leabhair atá á bhfoilsíú i mBéarla. Tá méid áirithe margaíochta á dhéanamh ag na foilsitheoirí, go minic ar bhonn réigiúnach trí imeachtaí, seoltaí &rl nó ar líne ar na meáin shóisialta agus ar a gcuid láithreáin Ghréasáin féin. Tá an obair seo an-tábhachtach agus ba chóir leanúint leis ach tá géarghá le chur chuige comhtháite a thabharfadh faoi mhargaíocht a dhéanamh ar bhonn uile-oileáin agus go deimhin go hidirnáisiúnta thar ceann na bhfoilsitheoirí uilig.

Faoi láthair níl ach ionadaí díolacháin amháin ar an mbóthar ag ÁIS. Ní féidir leis an duine seo an t-oileán ar fad a chlúdach go sásúil. Mar sin ní mór dúinn tacaíocht a chur ar fáil trí fheachtas leanúnach margaíochta a chur ar bun. Tá gá le gníomhaíochtaí margaíochta leanúnacha le tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil don ionadaí díolacháin freisin. Chuige sin cuireadh tús le ‘Scéim le tacaíocht margaíochta a sholáthar d’Earnáil na Foilsitheoireachta Ghaeilge 2014 - 2016’ i dtreo deireadh 2014 agus tá torthaí an fhiúntach le feiceáil dá bharr (féach tuairisc initata). Is measc na torthaí atá bainte amach goi dtí seo tá:

- Taighde margaíochta déanta ar shiopaí leabhar na tíre.
- 15 siopa leabhar roghnaithe mar ‘Lar-ionad Leabhar Ghaeilge’ le bheith rannpháirteach san fheachtas Love Leabhar Gaeilge agus seastáin bhrandáilte i ngach ceann de na siopaí sin.
- Na seastáin sna siopaí á stocáil agus á mbainistiú de réir aidhmeanna an fheachtais.
- Branda láidir cruthaithe do “Love Leabhar Gaeilge” agus é curtha go mór faoi bhráid an phobail agus ar líne.
- Liosta leabhar nua fógartha do gach seasúr.
- 6 fheachtas fógraí raidió ar RTÉ Raidió 1 a dhírigh ar bhreis is 230,000 éisteoir gach lá.
- Feachtas ar líne i gcomhair le Tuairisc.ie agus tríd na meáin shóisialta ag tarraingt aird breis is 9,000 léitheoir.
- Nuachtlitir ar líne cruthaithe do bhreis is 900 léitheoir ag tarraingt ó Phobail na Gaeilge.
- Clúdach sna meáin trí nuachtáin agus ar stáisiúin raidió áitiúla go náisiúnta ar chláir ar nós “Róisín” (TG4), “Cormac@Cúig” & “Iris Aniar” (RnaG) &rl.
- Feachtas comórtas i gcomhar leis na siopaí leabhar, mar shampla: comórtas na bhfuinneog maisithe - Seachtain na Gaeilge.

- Suíomh idirlín cruthaithe a cheadaíonn do na foilsitheoirí a sonraí leabhar a uaslódáil ([www.loveleabhargaeilge.com](http://www.loveleabhargaeilge.com)).
- Cruinnithe le RTÉ chun breis poiblíochta a chothú do leabhair chomhaimseartha na Gaeilge.
- Bunachar sonraí de leabharlanna na tíre curtha le chéile agus tús curtha le togra leabharlanna. Leabharlanna BÁC ar bord le seo.
- Sraith imeachtaí ar nós scéalaíocht sna siopaí eagraithe.
- Dul chun cinn déanta le siopaí mór le rá ar nós Eason agus le Dubray.

### **Díolachán**

Ó cuireadh tús leis an scéim reatha, ag deireadh 2014, tá fás tagtha ar díolachán Áis. Bhí fás 7.5% ar líon na leabhair a díoladh i 2015 i gcomparáid le 2014 agus go dtí seo tá fás 1.2% ar díolachán 2016 i gcomparáid leis an tréimhse céanna i 2015. Ó thaobh an margadh iomlán / margadh an Bhéarla bhí ardú de 4.4% ar líon na leabhair a díoladh le linn 2015. Is léir go bhfuil cuid den feabhas i ndíolacháin Áis bunaithe ar an bhfeabhas atá tagtha ar chúrsaí eacnamaíochta go ginearálta. Ach táimid cinnte go bhfuil éifeacht ar leith ag an bhfeachtas margaíochta ar na díolacháin – go háirithe i mbealaí praiticúla ar an talamh leis na siopaí leabhair. Caithfear cuimhneadh gur toradh an-mhaith atá in san fás díolacháin seo i bhfianaise na dúshlán a bhaineann le díolacháin leabhair Gaeilge i gcomparáid leis an earnáil Béarla agus an cliseadh stairiúil a bhí ann. Mar léiriú ar an dea-thionchur a bhí ar díolachán sna Sár-siopaí (Siopaí a bhí bainteach leis an bhfeachtas) féach Aguisín 1.

### **Scéim le tacaíocht margaíochta a sholáthar d'Earnáil na Foilsitheoireachta Ghaeilge 2017 - 2019**

Is mian linn anois scéim tacaíochta nua a fógairt do tréimhse 2017 – 2019. I measc na seirbhísí a chuirfeadh seirbhís margaíochta ar fáil le linn tréimhse na scéime áirítear:

- Eolas maidir le leabhair nua a bhailiú ó na foilsitheoirí agus a chur ar fáil do na siopaí go luath agus ar bhonn rialta.
- Bunachar de léitheoirí leabhair a leathnú agus a bhainistiú agus eolas rialta a chur ar fáil dóibh ar na leabhair is déanaí freisin.
- Feachtas margaíochta a fhorbairt i gcomhair le leabharlanna na tíre, leabharlanna an Tuaisceart san áireamh.
- Feachtais náisiúnta / réigiúnacha a chur ar bun, Ina measc:
  - Feachtais raidió
  - Feachtais ar nuachtáin áitiúla
  - Feachtais ar tuairisc.ie
  - Feachtais ar na meáin sóisialta
- Bainistiú agus forbairt a dhéanamh ar líonra na ‘Lár-Ionaid Leabhar Ghaeilge’
- Féachaint le deiseanna a chruthú le margaí nua a fhorbairt anseo i Éireann, thar lear, ar líne agus tríd clubanna leabhair ar nós [www.clubleabhar.ie](http://www.clubleabhar.ie).
- Liosta de dhíoltóirí leabhair Ghaeilge a fhorbairt i gcomhair le [www.peig.ie](http://www.peig.ie)

## **Tosaíochtaí**

De réir réimse gnímh 6.5 den Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge léitear go bhuil “sé riachtanach go mbeidh rochtain éasca ag an bpobal ar ábhair chlóite i nGaeilge i siopaí nuachtán, i siopaí leabhar agus ar an idirlíon má tá todhchaí le bheith ann do litríocht agus d’iriseoireacht chlóite.” Freisin tá an ráiteas seo a leanas comónta don Stráitéis 20 Bliain agus don Cáipéis Comhairliúcháin le stráitéis a fhorbairt do Thuaisceart Éireann “ábhair nua sa Ghaeilge a chur ar taispeáint go feiceálach i siopaí leabhar ainmnithe, roghnaithe atá mór le rá in éineacht le hábhair chuí fógraíochta, seastáin, leabharmharcanna, imeachtaí fógraíochta, taispeántais fuinneoige agus cuairteanna ó údair a réachtáil (le comhoibriú agus le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí poiblí cuí más gá).”

Sa Dréacht Phlean Gnó do 2017 tá “Figiúirí díolacháin ÁIS a choinneáil chomh cóngarach do mar a bhí in 2016 agus is féidir” luaite mar toradh inmhínithe faoin gCuspóir Corparáideach ‘Úsáid’. Freisin tá “Aird an Phobail tarraingthe ar leabhair Ghaeilge agus léitheoireacht i nGaeilge trí Scéim Tacaíochta Margaíochta d’Earnáil na Foilsitheoireachta” luite sa Dréacht Phlean faoin ceannteideal ‘Margaíocht’.

Mar sin is léir go bhfuil an scéim seo riachtanach leis an Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge, do mianta an Roinn Comhphobail maidir leis an dréacht Stráitéis ó Thuaidh agus le Plean Gnó an Fhorais féin.

## **Torthaí**

Seo a leanas na torthaí lena bhfuil muid ag súil:

- Teacht níos éasca a bheith ag pobal ar an réimse leabhar Gaeilge atá ar fáil.
- Tacaíocht breise a bheith ar fáil ag na foilsitheoirí agus ag ÁIS ó thaobh maragaíochta de.
- Eascú a dhéanamh ar an ‘teacht chun margadh’ ata ag leabhar Gaeilge sna siopaí leabhar – tógáil ar ghaolta agus deiseanna atá tógtha le linn an feachtas 2014 go 2016.
- Teacht isteach níos airde ag ÁIS a fhágfaidh go mbeidh acmhainní breise againn le caitheamh ar thionscadail Ghaeilge.
- Gnó na foilsitheoireachta a bheith ar bhonn níos seasmhaí.
- Eolas maidir le leabhair nua ó na foilsitheoirí a bheith curtha ar fáil do na siopaí ar bhonn rialta.
- Bunachar de léitheoirí leabhair a bheith tiomsaithe agus eolas rialta a bheith á chur ar fáil dóibh ar na leabhair is déanaí.
- Catalóga / bileoga eolais a bheith á scaipeadh.
- Táscairí agus torthaí inmhianaithe a bheith aontaithe le Foras na Gaeilge agus tuairiscí a bheith curtha ar fáil.

## Critéir na Scéime:

Ní mór d'iarrthóirí bheith in ann an méid seo a leanas a thaispeáint:

- Taithí agus tuiscint ar earnáil na leabhar Gaeilge.
- Eolas maith ar na meáin Ghaeilge agus Bhéarla agus ar úsáid na meán sóisialta mar uirlis margaíochta.
- Taithí agus saineolas ar réachtáil feachtais margaíochta, imeachtaí agus ócáidí i siopaí leabhar, i leabharlanna srl.
- Córas éifeachtach riaracháin in áit leis tséirbhís a bhainistiú.
- Ardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa i nGaeilge agus i mBéarla. Ní mór d'iarrthóirí a thaispeáint go bhfuil ar a gcumas altanna / ráitis &rl. atá cruinn ó thaobh na Gaeilge de a sholáthar.
- Bheith in ann caidreamh maith a chothú agus a chaomhnú le foilsitheoirí na Gaeilge.

**Buiséad:** €240,000 thar tréimhse trí bliana - €80,000 in aghaidh na bliana (beidh buiséad Bhliain 2 ag brath ar thorthaí sásúla a bheith le plan oibre Bhliain 1, agus buiséad Bhliain 3 ag brath ar thorthaí sásúla a bheith le plan oibre Bhliain 2.) .

**Tuairisciú:** Tá sé i gceist go gcuirfí tuairiscí cuí tráthúil ar fáil le athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na hoibre tar éis gach bliain agus ag deireadh na tréimse iomláine agus cuirfear iad seo ar fáil don Bhord.

**Moladh:** Moltar buiséid nach mó ná €240,000, (€80,000 sa bhliain thar tréimhse trí bliana) a cheadú don 'Scéim le tacaíocht margaíochta a sholáthar d'Earnáil na Foilsitheoireachta Ghaeilge' don tréimhse 2017 go 2019.

## **Aguisín 1:**

| Díolachán 10/2013-09/2014 i gcomparáid le 10/2015-09/2016 |                 |                 |                                                                                       |
|-----------------------------------------------------------|-----------------|-----------------|---------------------------------------------------------------------------------------|
| Siopa                                                     | Díolachán 13/14 | Díolachán 15/16 |                                                                                       |
| Waterstones, Corcaigh                                     | 3074.43         | 4727.24         |                                                                                       |
| Crannóg Bookshop                                          | -249.68         | 228.72          | Rinneadh aiscur súntasach le linn 2013 agus 2016 ón siopa seo. Díol 2014/2015 = €1642 |
| Castle Book and Card Centre                               | 2684.47         | 4761.77         | Tionchur mhór ag díolachán Leabhair Scoile atá ag titim ar an fhigúir Díolachán seo   |
| Duffy's, Sligeach                                         | 292.66          | 2063.98         |                                                                                       |
| Hodges Figgis                                             | 13424.3         | 14364.56        |                                                                                       |
| O Mahony's (Trá Lí agus Luimneach)                        | 26251.32        | 27303.52        | Tionchur mhór ag díolachán Leabhair Scoile atá ag titim ar an fhigúir Díolachán seo   |
| Liam Ruiseal, Corcaigh                                    | 20829.75        | 15570.82        | Tionchur mhór ag díolachán Leabhair Scoile atá ag titim ar an fhigúir Díolachán seo   |
| Waterstones, Droichead Átha                               | 0               | 1078.55         |                                                                                       |
| Bookworm, Thurles                                         | 508.95          | 1203.87         |                                                                                       |
| Charlie Byrne, Gaillimh                                   | 7471.68         | 12790.76        |                                                                                       |
| Office, School and Comp., Dun Garbhán                     | 4209.73         | 5908.08         | Tionchur mhór ag díolachán Leabhair Scoile atá ag titim ar an fhigúir Díolachán seo   |
| Scéal Eile Books, Inis                                    | 873.33          | 861.93          |                                                                                       |
| Ti Ruairí, Leitir Mór                                     | 844.22          | 1122.48         | Déanta suas den chuid is mó de dhíolachán aon uaire an leabhar áitiúil Rocky Ros Muc  |
| Bookshop, Bealach Feich                                   | 2603.77         | 2209.05         | Tionchur mhór ag díolachán Leabhair Scoile atá ag titim ar an fhigúir Díolachán seo   |

**Miontuairiscí ón 149ú cruinniú Boird a tionóladh Déardaoin 8 Nollaig 2016 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.**

**I láthair:** M. Mac Ruairí (Leas Chathaoirleach), B. Ní Chofaigh, S. Ó hArgáin agus R. Ní Laoghaire.

**Leithscéalta:** S. M. Ó Domhnaill, G. McElwain, S. Ó Coistealbha, P. Callaghan, C. McGuinness agus B. Ó Muirí.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

**01.149 SCÉALTA A BHÍ SNA MEÁIN**

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 agus faoi Chuid 2, Míreanna 1,2 & 6 den Iarscríbhinn sa Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

**Miontuairiscí ón 150ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 9 Nollaig 2016 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.**

**I láthair:** M. Mac Ruairí, (Leas Chathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chofaigh, S. Ó Coistealbha, R. Ní Laoghaire, S. Ó hArgáin, C. McGuinness agus B. Ó Muirí.

**Leithscéalta:** G. McElwain agus P. Callaghan.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

**01.150 COIMHLINT LEASA**

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon choimhlint leasa le nochtadh ag aon duine agus gur cheart sin a dhéanamh ag tús an chruinnithe nó le linn an chruinnithe, de réir mar ba ghá. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh coimhlint leasa aige féin agus ag S. Ó hArgáin agus aontaíodh go mbeadh S. M. Ó Domhnaill sa chathaoir nuair a d'fhágfadh an Cathaoirleach an cruinniú.

**02.150 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU**

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 4 Samhain 2016 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Cuireadh in iúl go raibh dearbhú faighte ó na Ranna Urraíochta go mbeadh go leor airgid ag Foras na Gaeilge i mí Eanáir 2017 le riar ar a riachtanais féin agus riachtanais na ndéontaithe. Cuireadh in iúl go mbeadh an leagan leictreonach den fhoclóir le seoladh i mí Eanáir agus thug an Bord moladh dó sin. Cuireadh in iúl go mbeadh seoladh oifigiúil leis na hAirí ag an chruinniú CATT agus go mbeadh cúpla seoladh eile ina dhiaidh sin. Moladh béim a chur ar úsáid an fhoclóra ag na hócáidí seolta agus moladh gur pearsa atá i mbéal an phobail a bheadh i mbun ceann amháin de na hócáidí. Tugadh uasdátú maidir le maoiniú an dá Chultúrlann agus míníodh go

raibh deontais le ceadú dóibh inniu ach go mbeadh plé leis an dá ghrúpa in 2017 maidir leis an socrú nua a bheadh in áit do na hionaid Ghaeilge faoi 2018.

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 & 6 den Iarscríbhinn sa Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Thug an Bord buíochas do M. Mac Ruairí as feidhmiú mar Chathaoirleach ar feadh tréimhse eatramhaigh.

Bhí plé ag an Bhord maidir leis an oifig nua. Scaip an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha cáipéis maidir le heolas comparáideach a bhí iarrtha ag an Bhord agus bhí plé ina leith. Míníodh nach raibh Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) sásta léas fadtréimhseach a thabhairt d'Fhoras na Gaeilge do na hoifigí ar Shraid Fhreidric ná ar Chearnóg Mhuirfean. Míníodh nach raibh an oifig ar Chearnóg Mhuirfean fóirsteanach mar oifig, don fhoireann a bhí lonnaithe ansin faoi láthair agus cuireadh in iúl go gcosnódh sé suas go €500,000 chun cóiríocht cheart a dhéanamh, chun an oifig a dhéanamh sábháilte agus áit fhóirsteanach a dhéanamh do na baill foirne a bheadh le hathlonnú as Sráid Fhreidric. Ardaíodh ceist nach raibh sé de dhualgas ar an OOP féin an teach a chóiriú ach cuireadh in iúl nach raibh Foras na Gaeilge luaite ar an liosta atá acu ina leith sin agus go mbaineann an cheist le téarmaí an léasa.

Léiríodh inní i leith shuíomh na hoifige úire a rabhthas ag meabhrú air agus i leith na rioscaí a bhainfeadh le tiarnaí talún príobháideacha i dtaca le hardú cíosa de. Léiríodh inní gur íslíú stádais a bheadh ann don eagraíocht agus don teanga féin bogadh as an suíomh reatha i gCearnóg Mhuirfean chuig suíomh i gceantar Stáisiún Uí Chonghaile. Tugadh tuairisc ar na roghanna éagsúla a ndearnadh mionscagadh orthu le deacracht na n-oifigí a réiteach, tugadh eolas faoi na féidearthachtaí éagsúla, agus faoi na rátaí éagsúla cíosa sa chathair. Míníodh go raibh dúshlán ar leith ag baint leis an mhargadh reatha i mBaile Átha Cliath, rud a chuir srian ar na féidearthachtaí a bhí ann don eagraíocht dá bharr. Míníodh go raibh an eagraíocht ag iarraidh tabhairt faoin cheist dhúshlánach seo agus réiteach sásúil a aimsiú ach ag an am chéanna gan drochthionchar a imirt ar an bhuiséad atá ar fáil do deontaithe agus do phobal na Gaeilge. Chuir an feidhmeannas in iúl nach raibh an oifig reatha i gCearnóg Mhuirfean fóirsteanach ná sláintiúil mar oifig – míníodh go raibh deor anuas sna hoifigí i mbarr an tí, go raibh oifigí ann gan fuinneoga cearta agus go raibh na hurláir ar fiar. Míníodh go raibh an rochtain sna hoifigí do dhaoine le míchumas an-teoranta. Ardaíodh ceist faoi thuairim na foirne faoin suíomh úr a rabhthas ag meabhrú air agus cuireadh in iúl go raibh buairimh ann ó thaobh slándála de, agus go raibh cruinniú foirne beartaithe chun na ceisteanna sin a phlé. Chuir an Bord in iúl go raibh sé tábhachtach go n-éistfí le tuairimí na foirne agus go ndéanfaí iarracht riar ar a riachtanais. Dhearbhaigh an Príomhfheidhmeannach go gcaithfeadh sé tosaíocht a dhéanamh de shábháilteacht na foirne. Míníodh go mbeadh cinneadh le déanamh ag an Bhord idir coigeartú a dheanamh ar bhuiséad 2017 chun suas le €500,000 a chaitheamh ar Chearnóg Mhuirfean lena chur in oiriúint do na baill foirne breise a bheadh le haistriú ann ó oifig Shráid Fhreidric, nó leanúint de bheith ag fiosrú na bhféidearthachtaí a bhain leis an suíomh úr a rabhthas ag meabhrú air. Iarradh go gcuirfeadh an feidhmeannas tuairisc ar fáil don Bhord ag an chéad chruinniú eile maidir le tuairim na foirne ina leith. Ghlac an Bord leis na príomhthéarmaí comhaontaithe don oifig úr, sa tuiscint nach raibh ceangal dlí leis sin agus go mbeadh deis eile ag an Bhord cinneadh a dhéanamh ar mholadh ón fheidhmeannas nuair a

bheadh eolas breise faighte acu ón chomhairliúchán leis an fhoireann sa dá oifig i mBÁC.

### 03.150 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

#### Coiste na nDeontas

**D'fhág M. Mac Ruairí agus S. Ó hArgáin an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa agus chuaigh S. M. Ó Domhnaill sa chathaoir.**

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le maoiniú ceanneagraíochtaí don tréimhse Eanáir go Nollaig 2017.

| Ainm Eagrais          | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta |
|-----------------------|------------------|--------------|------------|
| Oireachtas na Gaeilge | 1601066          | €622,594     | €622,594   |
| Glór na nGael         | 1601061          | €1,078,615   | €1,078,615 |
| Conradh na Gaeilge    | 1601060          | €832,457     | €832,457   |
| Gaeloideachas         | 1601062          | €708,562     | €708,562   |
| Cumann na bhFiann     | 1601063          | €745,136     | €745,136   |
| Gael Linn             | 1601064          | €650,183     | €650,183   |

Aontaíodh go gcuirfí preasráiteas amach chuig na meáin Ghaeilge agus Bhéarla mar gheall ar an mhaoiniú suntasach a ceadaíodh do na Ceanneagraíochtaí inniu.

Ardaíodh ceist faoi na measúnuithe ag dul faoi bhráid Choiste na nDeontas ag deireadh na bliana. Iarradh go dtabharfaí tuairisc ar dhul chun cinn sna gcoinníollacha a bheadh luaite i litreacha tairisceana na gCeanneagraíochtaí do Choiste na nDeontas i mí Mheán an Fhómhair, sula dtiocfadh na tuairiscí ar mheasúnú do 2018 faoina mbráid. Mhol an Príomhfheidhmeannach go dtabharfaí cuireadh do Cheannasaithe na gCeanneagraíochtaí theacht chuig cruinnithe Boird in 2017 le cur i láthair a thabhairt agus ghlac an Bord leis an mholadh sin.

**D'fhill M. Mac Ruairí agus S. Ó hArgáin ag an phointe seo. Chuaigh M. Mac Ruairí sa chathaoir arís.**

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £272,486 a cheadú don Áisaonad.

| Ainm Eagrais | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta |
|--------------|------------------|--------------|------------|
| An tÁisaonad | 1601065          | £272,486     | £272,486   |

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €120,000 a cheadú do Ghael Linn don scéim 'Gaelbhratach'.

| Ainm Tionscadail | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta |
|------------------|------------------|--------------|------------|
| Gaelbhratach     | 1601067          | €120,000     | €120,000   |

Nótáil an Bord na nótaí eolais ó Oireachtas na Gaeilge, Glór na nGael agus ó Ghaelscoileanna Teo (Gaeloideachas).

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £99,301.95 a cheadú do Chultúrlann McAdam Ó Fiaich.

| Ainm Eagrais               | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta |
|----------------------------|------------------|--------------|------------|
| Cultúrlann McAdam Ó Fiaich | 1601070          | £103,557     | £99,301.95 |

Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná £122,400 a cheadú don Ghaeláras.

| Ainm Eagrais | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta |
|--------------|------------------|--------------|------------|
| An Gaeláras  | 1601069          | £249,316.88  | £122,400   |

Ghlac an Bord leis na moltaí uile faoi Scéim na Foilsitheoireachta de chuid Chlár na Leabhar Gaeilge don tréimhse Eanáir go Nollaig 2017.

| Ainm Eagrais                   | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta |
|--------------------------------|------------------|--------------|------------|
| Cois Life                      | CLG 16001        | €112,587     | €104,913   |
| Cló Iar-Chonnacht              | CLG 16003        | €242,134     | €165,600   |
| Futa Fata                      | CLG 16008        | €124,129     | €81,887    |
| Leabhar Breac                  | CLG 16005        | €92,988.44   | €63,000    |
| Foilseacháin Ábhar Spioradálta | CLG 16002        | €26,144.50   | €19,500    |
| LeabhairCOMHAR                 | CLG 16007        | €88,350      | €31,600    |
| Cumann na Sagart               | CLG 16010        | €92,500      | €39,500    |
| An tSnáthaid Mhór              | CLG 16012        | €51,568      | €16,000    |
| Éabhlóid                       | CLG 16004        | €34,170      | €17,500    |
| Coiscéim                       | CLG 16011        | €138,865     | €110,000   |
| Ponc Press                     | CLG 16006        | €4,050       | €3,000     |
| Coimicí Gael                   | CLG 16013        | €78,350      | €12,000    |

Ghlac an Bord leis na moltaí uile faoi Scéim na dTionscadal Litríochta de chuid Chlár na Leabhar Gaeilge don tréimhse Eanáir go Nollaig 2017.

| Ainm Eagrais          | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta |
|-----------------------|------------------|--------------|------------|
| Coimicí Gael          | CLG 16060        | €5,800       | €4,800     |
| Gaelchultúr Teo       | CLG 16051        | €40,509.36   | €29,000    |
| IMRAM                 | CLG 16055        | €54,400      | €42,000    |
| Roinn na Gaeilge, OÉG | CLG 16053        | €4,050       | €2,300     |

Ghlac an Bord leis na moltaí maidir le hiarratais ar scéim deontas Cholmcille.

| Ainm Eagrais       | Uimhir thagartha | Méid lorgtha | Méid molta                               |
|--------------------|------------------|--------------|------------------------------------------|
| Armagh Pipers Club | CC16003          | £6,327       | £3,000                                   |
| Armagh Pipers Club | CC16004          | £4,898       | £4,000                                   |
| Glór na Spéiríní   | CC16009          | £2,945       | £2,000                                   |
| Club Óige Luraigh  | CC16014          | £9,980       | £7,750                                   |
| Las (Joy Dunlop)   | CC16017          | £8,950.26    | £3,500                                   |
| Glór Uachtar Tíre  | CC16018          | £2,284       | £1,827                                   |
| Glór na Móna       | CC16023          | £4,652       | £4,000                                   |
| Theatre Gu Leòr    | CC16025          | £10,000      | £5,000<br>ach £5,000 le<br>teacht ó BnaG |
| Glór Dhún Geimhin  | CC16030          | £6,500       | £5,325                                   |
| Pobal ar a'n Iúl   | CC16031          | £4,200       | £1,000                                   |

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le baill Choiste na nDeontas as an obair ar fad a rinne siad le linn na bliana.

#### **04.150 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 MEÁN FÓMHAIR AGUS BUISÉAD ATHBHREITHNITHE GO 31 NOLLAIG 2016**

Nótáil an Bord an ráiteas caiteachais agus ghlac siad leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2016. Thug an Bord cead don Chathaoirleach nua, do S. M. Ó Domhnaill, Cathaoirleach ar Choiste na nDeontas, i gcomhair leis an Phríomhfheidhmeannach, athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile.

#### **05.150 NÓTA EOLAIS MAIDIR LE HIARRATAIS AR DHEONTAIS**

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le hiarratais ar dheontais.

#### **06.150 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA**

Scaipeadh cóip uasdátaithe de thuairisc na hArdbhainistíochta agus chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl:

- Go raibh cruinniú tairbheach leis an Aire Humphreys, T.D, agus leis an Aire Kyne, T.D. ar an 15 Samhain (M. Mac Ruairí, G. McElwain, , S. Ó Coinn, É. Ó hArgáin agus S.Ó hEidhin a bhí i láthair). Pléadh na ciorruithe ar an mbuiséad, an méadú ar an éileamh ar ár scéimeanna, an t-aistriú chuig oifigí nua.
- Go raibh cruinniú ag S. Ó Coinn agus N. Ní Scolláin leis an Aire Bonneagair, Chris Hazzard, MLA le plé a dhéanamh ar na háiseanna a chuireann an Roinn ar fáil do scoileanna agus ar an riar a dhéantar ar earnáil na Gaelscolaíochta. Beidh tús le cur aige le scéim leis an ábhar atá ann a aistriú go Gaeilge i gcomhar leis an Áisaonad Lán-Ghaeilge. Tá cruinniú iarrtha ar an Aire ó dheas, Shane Ross, T.D. ar an ábhar céanna.
- Go mbeidh post an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh agus Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais le fógairt go luath sa bhliain nua.
- Go raibh Donncha Ó Cróinín ceaptha i bpost an Phríomhthéarmeolaí, beidh sé ag tosú ar an 03 Eanáir.
- Go raibh achomharc iarrtha ag Comhalta Boird atá ar fionraí, ach níl cúis an achomhairc curtha in iúl go fóill – gan sin ní féidir achomharc a dhéanamh. Tá beirt neamhspleácha ceaptha le tabhairt faoin achomharc.
- Go mbeidh meamram comhthuisceana le haontú idir FnaG, COGG agus Coláiste Ollscoile Naomh Muire i leith comhoibriú ar sholáthar áiseanna don ghaeloideachas. Beidh an meamram le síniú roimh dheireadh na bliana.
- Go raibh cruinniú ag Foras na Gaeilge leis na soláthraithe oiliúint tosaigh múinteoirí bunscoile ó dheas le plé a dhéanamh leo faoi chaighdeán Gaeilge na múinteoirí nuacháilithe bunscoile. Tá dhá chruinniú eile beartaithe agus tuairisc le hullmhú don ROS agus don Chomhairle Múinteoireachta.
- Go mbeidh cruinniú ag Foras na Gaeilge roimh an Nollaig leis na hoifigigh sa RLGÓ le plé a dhéanamh ar an soláthar a dhéantar ar sholáthraithe réamhscolaíochta lán-Ghaeilge.

D'aontaigh B. Ní Chofaigh go mbeadh sí i láthair ag an chruinniú sin.

- Go raibh cruinniú ag Foras na Gaeilge le Comhairle na Gaelscolaíochta faoin Ghaelscolaíocht ó thuaidh.

- Go raibh cruinniú Monatóireachta ag an Fhoireann Ard-Bhainistíochta leis na Ranna Urraíochta.
- Go raibh an lá foirne deiridh de 2016 againn sa Cheannáras i mBÁC. Tugadh eolas don fhoireann faoi na hoifigí nua a rabhthas ag meabhrú orthu i mBÁC, agus bhí glacadh an-mhaith leis an eolas a cuireadh i láthair.
- Gur fhreastail Foras na Gaeilge ar sheisiún den Bhuan-Chomhchoiste Oireachtais don Ghaeilge, Gaeltacht agus Oileáin, ar an Pholasáí don Oideachas Gaeltachta. Bhí S. Ó hArgáin, an LPF agus S. Ó Coinne, Clárghainisteoir Seirbhísí Oideachais i láthair.
- Go mbeidh cruinniú den Ghrúpa Ardleibhéil Oideachais den Straitéis 20 Bliain ann ar an 13 Nollaig – beidh S. Ó Coinn agus S. Ó Coinne i láthair.
- Go raibh tábla ag Foras na Gaeilge ag na Gradaim C-Store – bhronn Bláthnaid Ní Chofaigh duais na Gaeilge atá urraithe ag Foras na Gaeilge ar Shiopa Durkin, An Tulach, Conamara.
- Go raibh cruinniú idir Foras na Gaeilge, Oireachtas na Gaeilge agus oifigigh shinsearacha i gComhairle Ealaíon TÉ faoi straitéis a thiomsú don Ghaeilge sna healaíona ó thuaidh.
- Go raibh cruinniú le Cumann na bhFiann, Gael Linn agus Oireachtas na Gaeilge maidir le feidhmiú na bhfeidhmeanna atá aontaithe le Foras na Gaeilge do 2017.
- Go raibh seisiún eolais agus plé leis na grúpaí atá roghnaithe mar Líonraí Gaeilge ar an 12 Samhain. Bhí ionadaí ó gach grúpa i láthair.
- Go raibh É. Ó hArgáin i lathair ag cruinniú in Oifig an Taoisigh le hionadaithe eile ó na Forais Chultúrtha le plé a dhéanamh ar an dtogra 'Éire Ildánach-Cultúr 2025'.
- Go raibh S. Ó Coinn agus É. Ó hArgáin i láthair ag Seoladh Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Donncha i bPáirc an Chrócaigh ar an 30 Samhain.
- Gur bhronn B. Ó Muirí duais Fhoras na Gaeilge, 'Gradaim na hAislinge 2016' ag ócáid in Óstán an Europa ar an 2 Nollaig.
- Go raibh cruinniú den Fhóram Chomhpháirtíochta ann ar an 7 Nollaig.
- Gur moladh Siuán Ní Mhaonaigh le bheith ina Cathaoirleach ar an Fhóram Forbartha Teanga.

Ghlac an Bord leis an ainmniúchán sin.

- Go raibh cuntais 2015 faofa ag Oifig an Ard-reachtair Cuntas agus Ciste, agus Oifig Iniúchta TÉ agus go mbeadh siad le síniú ag dhá PF agus dhá Chathaoirleach an Fhorais Teanga agus go leagfar iad i dTithe an Oireachtais agus sa Tionól sa bhliain úr.

Cuireadh in iúl go raibh na cuntais faoi bhráid an Choiste Iniúchta i mí an Mhárta 2016 agus go raibh siad faoi bhráid an Bhoird i mí Aibreáin dá réir. Scaipeadh cáipéis mar gheall ar na mionathruithe a rinneadh ar na cuntais ó shin ó thaobh foclaíochta de agus ghlac an Bord leis na hathruithe sin. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur trua nach raibh F. Mac an Fhailigh i láthair do shíniú na gcuntas sin i ngeall ar an éacht a rinne sé i riaráiste na gcuntas a ghlanadh in achar ama an-ghairid.

Ghlac an Bord leis an mholadh conradh a thabhairt do OptiNET Teoranta don tréimhse 01 Eanáir 2017 go 31 Nollaig 2019 agus gurb é €43,788 an costas sa bhliain, cbl san áireamh (**Aguisín 1**).

Ghlac an Bord leis an tuairisc thréimhsiúil ar an fhoclóir (**Aguisín 2**).

#### **07.150 COMHFHREAGRAS**

Thug an Bord suntas don tuairisc achomhair 6 mhí don Bhord maidir le [www.tearma.ie](http://www.tearma.ie). Chuir an Cathaoirleach in iúl go bhfuair sé féin comhfhreagras ón Aire Airgeadais ó thuaidh ag cur in iúl nach mbeadh deacracht ag Foras na Gaeilge maidir le cúrsaí airgeadais ag tús na bliana.

Cuireadh in iúl go raibh litir díreach faighte ó SIPTU maidir leis an lámhleabhar fostaithe ach aontaíodh go ndéanfaí sin a phlé ag an chéad chruinniú Boird eile.

#### **08.150 AON GHNÓ EILE**

Tugadh uasdátú ar an phlé a bhí ag an Bhord ag an chruinniú an oíche roimhe i leith an ghearáin a bhí déanta in aghaidh Comhalta Boird.

Ghabh an Príomhfheidhmeannach buíochas leis an Chathaoirleach, thar ceann an fheidhmeannais, an iar-Phríomhfheidhmeannaigh agus thar ceann na heagraíochta as an tseirbhís a thug sé mar Chathaoirleach agus mar chomhalta Boird. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Bhord agus leis an fheidhmeannas freisin.

Aontaíodh go ndéanfaí na dátaí do chruinnithe Boird in 2017 a phlé ag an chruinniú Boird i mí Eanáir.

---

**Pól Ó Gallchóir**  
**Cathaoirleach**  
**27 Eanáir 2017**

## **Aguisín 1**

**Tag: Tairiscint chun Tacaíocht Theicniúil agus Seirbhísí Cothabhála a sholáthar  
– nóta eolais agus moladh don bhord**

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 1, Mír 2 agus faoi Chuid 2, Míreanna 1 & 9 den Iarscríbhinn sa Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

**FNBG – TUAIRISC THRÉIMHSIÚIL DON CHOISTE FORBARTHA** (Lgn 0.2)

**DÁTA:** 22 Samhain 2016

## 1. ACHOIMRE

- Príomhspríocanna uile bainte amach nó ar sprioc

## 2. GARSPRÍOCANNA DON BHLIAIN REATHA

|                                   | GARSPRÍOC                                                                                                                                       | Dáta Tosaithe | Spríoc-dháta | STÁDAS          | FREAGRACH    | % curtha i gcrích | NÓTA TRÁCHTA                                                                                                   |
|-----------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------|--------------|-----------------|--------------|-------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>AN TIONSCADAL INA IOMLÁINE</b> |                                                                                                                                                 |               |              |                 |              |                   |                                                                                                                |
| 1.                                | An Leagan Leictreonach – iontrálacha breise <ul style="list-style-type: none"> <li>An líon aonad céille (AC) a mhéadú go dtí 130,000</li> </ul> | 03 Éan        | 30 Meith     | Curtha i gcrích | FnaG – BT/EF | 100%              | 10,500 AC sa bhreis curtha in airde                                                                            |
| 2.                                | An Leagan Leictreonach – iontrálacha breise <ul style="list-style-type: none"> <li>An líon AC a mhéadú go dtí 135,000</li> </ul>                | 01 Iúil       | 30 Noll      | Idir lámha      | FnaG – BT/EF | 80%               | <ul style="list-style-type: none"> <li>Ar sprioc</li> <li>An sprioc seo fós le faomhadh ag an gCATT</li> </ul> |

|    | GARSPRIOC                                                                                                                                                                                              | Dáta Tosaithe    | Sprioc-dháta        | STÁDAS                        | FREAGRACH    | % curtha i gcrích | NÓTA TRÁCHTA                                                                                                                                                          |
|----|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------|---------------------|-------------------------------|--------------|-------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| 3. | An Leagan Leictreonach – comhaid fuaime breise <ul style="list-style-type: none"> <li>12,000 comhad fuaime sa bhreis le huaslódáil</li> <li>23,000 comhad fuaime sa bhreis le huaslódáil</li> </ul>    | 03 Ean<br>03 Ean | 30 Meith<br>30 Noll | Curtha i gcrích<br>Idir lámha | FnaG – BT/EF | 100%<br>95%       | <ul style="list-style-type: none"> <li>Líon na gcomhad fuaime méadaithe ó 34,000 go dtí 46,000</li> <li>Ar sprioc</li> </ul>                                          |
| 4. | An Leagan Leictreonach – comhaid ghramadaí breise <ul style="list-style-type: none"> <li>4,200 comhad gramadaí sa bhreis le huaslódáil</li> </ul>                                                      | 03 Ean           | 30 Meith            | Curtha i gcrích               | FnaG – BT/EF | 100%              | <ul style="list-style-type: none"> <li>Líon na gcomhad gramadaí méadaithe ó 16,800 go dtí 21,000</li> </ul>                                                           |
| 5. | An Leagan Leictreonach – feidhmeanna breise <ul style="list-style-type: none"> <li>Cuardach sa Ghaeilge</li> </ul>                                                                                     | 03 Éan           | 30 Meith            | Curtha i gcrích               | FnaG – BT/EF | 100%              | Cuardach droim ar ais curtha i gcrích, le gur féidir focal nó frása a chuardach in ábhar Gaeilge an Fhoclóra                                                          |
| 6. | Feachtas bolscaireachta <ul style="list-style-type: none"> <li>Freastal ar 7 gcomhdháil</li> <li>Ceardlanna/cainnteanna i dtrí ollscoil</li> <li>6 físeán treorach le cur ar <i>YouTube</i></li> </ul> | 03 Éan           | 31 Noll             | Curtha i gcrích               | FnaG – BT/EF | 100%              |                                                                                                                                                                       |
| 7. | Méadú tráchta <ul style="list-style-type: none"> <li>Úsáid an tsuímh a mhéadú 50%</li> </ul>                                                                                                           | 03 Éan           | 31 Noll             | Curtha i gcrích               | FnaG – BT/EF | 100%              | <ul style="list-style-type: none"> <li>1.1 milliún úsáideoir sa bhliain bainte amach (méadú 70%)</li> <li>11.1 milliún leathanach breathnaithe (méadú 85%)</li> </ul> |

|                                                | GARSPRIOC                                                                                                                                                                                                                                                                                                        | Dáta Tosaithe                                      | Sprioc-dháta                                         | STÁDAS                                                                          | FREAGRACH    | % curtha i gcrích                       | NÓTA TRÁCHTA                                                        |
|------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------|------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------|--------------|-----------------------------------------|---------------------------------------------------------------------|
| 8.                                             | Áiseanna foclóireachta eile – <i>teanglann.ie</i> <ul style="list-style-type: none"> <li>An Draoi Gramadaí</li> <li>Breiséan nua <i>An Foclóirí</i></li> <li>Aip a fhorbairt do na foclóirí agus na bunachair uile ar <i>teanglann</i></li> </ul>                                                                | 03 Ean<br>01 Aib<br><br>01 Iúil                    | 31 Iúil<br>31 D.F.<br><br>31 Noll                    | Curtha i gcrích<br>Curtha i gcrích<br><br>Idir lámha                            | FnaG – BT/EF | 100%<br>100%<br><br>90%                 | <ul style="list-style-type: none"> <li>Ar sprioc</li> </ul>         |
| 9.                                             | Corpas na Gaeilge labhartha <ul style="list-style-type: none"> <li>Méadú ó 1 milliún go dtí 2 milliún focal</li> </ul>                                                                                                                                                                                           | 03 Ean                                             | 31 Noll                                              | Idir lámha                                                                      | FnaG – BT/EF | 120%                                    | Chun tosaigh ar sprioc – 2.2 milliún focal bainte amach cheana féin |
| <b>CÉIM 2C – AN EAGARTHÓIREACHT, FOCHÉIM 1</b> |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                  |                                                    |                                                      |                                                                                 |              |                                         |                                                                     |
| 10                                             | <ul style="list-style-type: none"> <li>Buneagarthóireacht le bheith déanta ar 10,500 AC sa bhreis</li> <li>Eag Shinsearach le bheith déanta ar 10,500 AC sa bhreis</li> <li>Buneagarthóireacht le bheith déanta ar 5,000 AC sa bhreis</li> <li>Eag Shinsearach le bheith déanta ar 5,000 AC sa bhreis</li> </ul> | 03 Ean<br><br>03 Éan<br><br>01 Iúil<br><br>01 Iúil | 30 Aib<br><br>31 Bealt<br><br>31 D.F.<br><br>24 Samh | Curtha i gcrích<br><br>Curtha i gcrích<br><br>Curtha i gcrích<br><br>Idir lámha | FnaG – EF/BT | 100%<br><br>100%<br><br>100%<br><br>90% | <ul style="list-style-type: none"> <li>Ar sprioc</li> </ul>         |

|                                                | GARSPRIOC                                                                                                                                                                    | Dáta Tosaithe     | Sprioc-dháta        | STÁDAS                        | FREAGRACH    | % curtha i gcrích | NÓTA TRÁCHTA                                                |
|------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------|---------------------|-------------------------------|--------------|-------------------|-------------------------------------------------------------|
| <b>CÉIM 2D – AN EAGARTHÓIREACHT, FOCHEIM 2</b> |                                                                                                                                                                              |                   |                     |                               |              |                   |                                                             |
| 11                                             | <ul style="list-style-type: none"> <li>Céim 2D le bheith curtha i gcrích ar 10,5000 AC sa bhreis</li> <li>Céim 2D le bheith curtha i gcrích ar 5,000 AC sa bhreis</li> </ul> | 01 Aib<br>01 D.F. | 30 Meith<br>15 Noll | Curtha i gcrích<br>Idir lámha | FnaG – EF/BT | 100%<br>90%       | <ul style="list-style-type: none"> <li>Ar sprioc</li> </ul> |

### 3. SAINCHEISTEANNA

|    | SAINCHEIST                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              | TIONCHAR AR AN TIONSCADAL | GNÍOMHAÍOCHT MHOLTA/NÓTA TRÁCHTA                                                  |
|----|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------|
| 1. | <p>An Eagarthóireacht Shinsearach</p> <p>Tá riosca leanúnach ag gabháil leis an bhfochéim seo le cúpla bliain anuas, de bharr nach bhfuil ach duine amháin as foireann an Fhoclóra ag feidhmiú sa ról seo, agus nach raibh ach coibhéis 1.2 duine lánaimseartha (FTE) san iomlán i mbun na hoibre seo laistigh den Fhoras, móide beirt eagarthóir seachtrach páirtaimseartha.</p> <p>I mbliana bhí ar dhuine de na heagarthóirí sinsearacha san Fhoras éirí as cúraimí foclóireachta, móide duine amháin de na heagarthóirí sinsearacha seachtracha, rud a laghdaigh foireann na n-eagarthóirí sinsearacha ó chúigear go dtí triúr.</p> | <b>MEÁNACH</b>            | Cuireadh dualgais áirithe faoi bhráid bheirt sa bhreis d'eagarthóirí seachtracha. |

### 2. RIOSCAÍ

|    | RIOSCA                         | TIONCHAR AR AN TIONSCADAL | DÓCHÚ-LACHT  | GNÍOMHAÍOCHT MHAOLAITHE MHOLTA/NÓTA TRÁCHTA                                                                                    |
|----|--------------------------------|---------------------------|--------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| 1. | An Eagarthóireacht Shinsearach | <b>MEÁNACH</b>            | <b>ÍSEAL</b> | Féach saincheist 1 thuas. Beidh an saincheist seo ina riosca leanúnach don chéim dheireanach den tionscadal, an leagan clóite. |

## CAITEACHAS

### 2016 – An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge

|                                   | MÉID   | NÓTA TRÁCHTA |
|-----------------------------------|--------|--------------|
| Buiséad na bliana 2016            | 37,005 |              |
| Caiteachas go dtí 31 D. Fómhair   | 31,973 |              |
| Méid de bhuiséad na bliana fágtha | 5,032  |              |

### 2016 – Tionscadail foclóireachta eile

|                                     | MÉID    | NÓTA TRÁCHTA                                                                                                                                                                                                                                                             |
|-------------------------------------|---------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>5006004 Cothabháil FNBG</b>      | 100,207 | 100,663 caite, 31/10/16 (róchaiteachas de €456)<br>Clúdaithe faoin líne buiséid seo: <ul style="list-style-type: none"> <li>Táillí ceadúnais &amp; cothabhála don suíomh, don aip agus don DPS</li> <li>Feidhmeanna nua a fhorbairt ar an suíomh agus san aip</li> </ul> |
| <b>5006003 Feachtas Poiblíochta</b> | 7,505   | 2,505 caite, 31/10/16                                                                                                                                                                                                                                                    |
| <b>5006002 Teanglann</b>            | 89,299  | 27,695 caite, 31/10/16 (ach €48K fós le hóc maidir le aip <i>teanglann.ie</i> )                                                                                                                                                                                          |
| <b>5007002 An Corpas</b>            | 55,126  | 53,160 caite, 31/10/16                                                                                                                                                                                                                                                   |

|                                                      |                |                         |
|------------------------------------------------------|----------------|-------------------------|
| <b>MÓRIOMLÁN – na tionscadail foclóireachta uile</b> | <b>289,142</b> | 215,997 caite, 31/10/16 |
|------------------------------------------------------|----------------|-------------------------|

## STÁDAS IOMLÁN AN TIONSCADAIL

|    | CÉIM/GNÍOMHAÍOCHT                     | % CURTHA I GCRÍCH | STÁDAS     | NÓTA TRÁCHTA |
|----|---------------------------------------|-------------------|------------|--------------|
| 1. | Céim 2a – Na Creaaí Iontrála          | 100%              | Glanta     |              |
| 2. | Céim 2b – an tAistriúchán             | 100%              | Glanta     |              |
| 3. | Céimeanna 2c/2d – an Eagarthóireacht  | 98%               | Idir lámha | Ar sprioc    |
| 4. | Cur i gcrích an Leagain Leictreonaigh | 100%              | Glanta     |              |
| 5. | Céim 3 – Foilsiú (ar líne)            | 96%               | Idir lámha | Ar sprioc    |

### 3. GARSPRIOCANNA 2017

|                                   | GARSPRIOC                                                                                                                                                                                                                    | Dáta Tosaithe       | Sprioc-dháta        | STÁDAS                             | FREAGRACH    | NÓTA TRÁCHTA                                                                                                                                                                                                                                             |
|-----------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------|---------------------|------------------------------------|--------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>AN TIONSCADAL INA IOMLÁINE</b> |                                                                                                                                                                                                                              |                     |                     |                                    |              |                                                                                                                                                                                                                                                          |
| 1.                                | An Leagan Clóite <ul style="list-style-type: none"> <li>Dearadh &amp; plean tionscadail</li> <li>Faomhadh na téarmaíochta nua – sciar 1</li> </ul>                                                                           | 03 Ean<br>03 Ean    | 30 Meith<br>31 Noll | Le cur i gcrích<br>Le cur i gcrích | FnaG – BT/EF |                                                                                                                                                                                                                                                          |
| 2.                                | An Straitéis Foclóireachta <ul style="list-style-type: none"> <li>Plean Gnó le cur faoi bhráid na Ranna</li> </ul>                                                                                                           | 03 Ean              | 28 Fea              | Le cur i gcrích                    | FnaG – BT/EF |                                                                                                                                                                                                                                                          |
| 3.                                | An Leagan Leictreonach – cothabháil leanúnach <ul style="list-style-type: none"> <li>Babhta cothabhála 1</li> <li>Babhta cothabhála 2</li> </ul>                                                                             | 01 Bealt<br>01 Samh | 31 Bealt<br>30 Samh | Le cur i gcrích<br>Le cur i gcrích | FnaG – BT/EF | <ul style="list-style-type: none"> <li>Mionleasuithe le cur i gcrích de réir mar a thagann focail agus cialla nua chun cinn</li> <li>Mioncheartúcháin ar na hiontrálacha beo</li> <li>Leaganach nua den aip (ábhar nua &amp; feidhmeanna nua)</li> </ul> |
| 4.                                | Plean don fheachtas bolscaireachta le dréachtú <ul style="list-style-type: none"> <li>Freastal ar chomhdálacha</li> <li>Ceardlanna ollscoile</li> <li>Fócasghrúpaí d'úsáideoirí</li> <li>Físeáin treorach bhreise</li> </ul> | 03 Ean              | 30 Meith            | Le cur i gcrích                    | FnaG – BT/EF |                                                                                                                                                                                                                                                          |

|    | GARSPRIOC                                                                                                                                                                                                                         | Dáta Tosaithe | Spriocdháta | STÁDAS          | FREAGRACH    | NÓTA TRÁCHTA                                                                                                    |
|----|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------|-------------|-----------------|--------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| 5. | Méadú tráchta <ul style="list-style-type: none"> <li>Úsáid an tsuímh a mhéadú 10%</li> <li>Ioncam ó fhógraí a fhiosrú</li> </ul>                                                                                                  | 03 Ean        | 30 Meith    | Le cur i grích  | FnaG – BT/EF |                                                                                                                 |
| 6. | Áiseanna foclóireachta eile – <i>teanglann.ie</i> <ul style="list-style-type: none"> <li>An Draoi Gramadaí – leaganacha nua</li> <li>An aip – leaganacha nua</li> <li>Comhaid ghramadaí &amp; comhaid fuaime sa bhreis</li> </ul> | 01 Fea        | 31 Noll     | Le cur i gcrích | FnaG – BT/EF |                                                                                                                 |
| 7. | Corpas na Gaeilge Labhartha <ul style="list-style-type: none"> <li>Méadú ó 2.2 milliún go dtí 3 milliún focal</li> </ul>                                                                                                          | 03 Fea        | 31 Noll     | Le cur i gcrích | FnaG – BT/EF | <ul style="list-style-type: none"> <li>1 milliún focal mar sprioc i ngach ceann den trí mhórchanúint</li> </ul> |

### Eochair an dathchóduithe

|                                                  |                                                                                                                                                                                                                                                                                           |
|--------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Riosca/saincheist/tasc aibhsithe i ndath dearg   | <ul style="list-style-type: none"> <li>Riosca ard atá i gceist, nó</li> <li>saincheist a d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a imirt ar an tionscadal, nó</li> <li>tasc a bhfuil riosca ard ag gabháil leis, nó a bhfuil moill shuntasach ar na spriocdhátaí atá luaite leis;</li> </ul>   |
| Riosca/saincheist/tasc aibhsithe i ndath oráiste | <ul style="list-style-type: none"> <li>Riosca meánach atá i gceist, nó</li> <li>saincheist a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar an tionscadal, nó</li> <li>tasc a bhfuil riosca meánach ag gabháil leis, nó a bhfuil moill mheánach ar na spriocdhátaí atá luaite leis;</li> </ul> |
| Riosca/tasc nach bhfuil aibhsithe                | <ul style="list-style-type: none"> <li>Riosca íseal, nó</li> <li>tasc a bhfuil riosca íseal ag gabháil leis/tasc nach bhfuil riosca ar bith ag gabháil leis, nó tasc nach bhfuil moill ar bith ar na spriocdhátaí atá luaite leis.</li> </ul>                                             |